

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

# PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

2024–2029

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

GNÍOMHÚ AR SON
NA HAERÁIDE



*Tuigtear níos mó ná riamh anois gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda fadtéarmach is tábhachtaí lenár linn. Bíonn a thionchar seasta le brath ar fud an domhain agus sa tír seo.*

# CLÁR NA NÁBHAR


**BROLLACH** 4

**ACHOIMRE FHEIDHMEACH** 6

**RÉAMHRÁ** 9

Forléargas ar an Athrú Aeráide 12
Comhthéacs an Bheartais Aeráide 14
An Beartas Idirnáisiúnta um an Athrú Aeráide 14
An Beartas um Athrú Aeráide in Éirinn 15
Pleanáil um Ghníomhú Aeráide d'Údaráis Áitiúla 16
Rannpháirtíocht le Saoránaigh agus Páirtithe Leasmhara 17
Oiliúint maidir le Gníomhú Aeráide 17
An Ciste um Ghníomhú Aeráide i measc an Phobail 18
Gníomhaíochtaí Taighde um Ghníomhú Aeráide 19
Struchtúr an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 20

**GNÍOMHÚ AERÁIDE ATÁ BUNAITHE AR FHIANAISE** 21

Measúnú Riosca um am Athrú Aeráide 22
Fardal Bonnlíne ar fud an Chontae 26
Astaíochtaí Díreacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 27
Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara 29

**CREATGNÍOMHARTHA** 30

Fís an Phlean 31
Misean an Phlean 31

**CRIOS DÍCHARBÓNAITHE (CD)** 51

Mar a Roghnaíodh CD Uíbh Fhailí 54
Ráiteas Físe agus Croíchuspóirí i leith an CD 54
Ráiteas Físe 54
Ráiteas Misean 54
Fardal Astaíochtaí Bonnlíne 54
Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara 56
Clár Deiseanna 56

**DELIVERING EFFECTIVE CLIMATE ACTION (DECA) 2030 AGUS NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE (SFINNA)** 60

The DECA 2030 Spriocanna agus cuspóirí 61
Sprioc Straitéiseach 1 61
Sprioc Straitéiseach 2 61
Sprioc Straitéiseach 3 61
Sprioc Straitéiseach 4 62
Sprioc Straitéiseach 5 62
Sprioc Straitéiseach 6 63
Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 64

**CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ** 66

Pleanáil don chur i bhfeidhm 67
Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí 67
An Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta 67
Riachtanais agus Socruithe Tuairiscithe 68
Tuairisciú Inmheánach 68
Córas Faireacháin agus Tuairiscithe 68
Feidhmíocht Earnála 68
An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 68

**FUINNEAMH GLAS** 69

Stair an Cheantair ó thaobh Fuinnimh de 70
Forléargas 70
Fuinneamh Gaoithe 70
Fuinneamh Gréine 71
Fuinneamh Geoiteirmeach 71
Díleá Anaeróbach 71
Bonneagar Fuinnimh 72
Fiontraíocht Fuinnimh Ghlais 72

**AGUISÍN 1** 75

Gluais téarmaí 75

**AGUISÍN 2** 80

Acrainmneacha 80

**AGUISÍN 3** 82

Doiciméid Tacaíochta 82
Comhthéacs Beartais 83
Comhthéacs Eolaíochta 83



# BROLLACH

*Is plean uaillmhianach é seo agus beidh gá le hiarracht agus infheistíocht nach beag chun féachaint chuige go mbainfear amach ár spriocanna.*



**An Comhairleoir**
**Eddie Fitzpatrick**
Cathaoirleach



**Anna Marie Delaney**
Príomhfheidhmeannach

Tá an inbhuanaitheacht ina croíluach ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí, mar a cuireadh in iúl sa Phlean Corparáideach 2019-2024 a ghlacamar, inar gheallamar freastal ar riachtanais an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin. Tá Comhairle Contae Uíbh Fhailí tiomanta don ghníomhú aeráide agus don chomhshaol a chosaint trí dhea-shampla a thabhairt agus trí thacú lenár bpobail áitiúla ina gcuid iarrachtaí cur lena n-acmhainneacht i dtaobh an athraithe aeráide agus leis an teacht aniar atá iontu ina leith sin.

Tá ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide don tréimhse 2024 go ??? forbartha againn anois i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021. Tógtar sa phlean seo ar ghníomhaíochtaí a bhí ar bun ag an eagraíocht go dtí seo ónár Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024 agus sa ról atá aici mar cheann de shínitheoirí na Cairte um Ghníomhú Aeráide agus Mhisin an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

Is treochlár é ár bplean maidir le conas is féidir dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide ar domhan ar an leibhéal áitiúil, ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal an chontae, agus cuirimid síos ar an tábhacht a bhaineann leis sin. De réir an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ní mór do gach údarás áitiúil a phlean féin a fhorbairt chun tacú le dualgais náisiúnta ó thaobh na haeráide de. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos don earnáil phoiblí i dtaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% agus i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go 50% faoin mbliain 2030.

Agus an plean á fhorbairt, bhí Comhairle Contae Uíbh Fhailí ag obair i ndlúthpháirt leis na contaetha atá taobh linn anseo chun féachaint chuige go nglacfar cur chuige comhsheasmhach ar fud réigiún Lár na Tíre, agus bhaineamar leas as tacaíocht agus comhordú ó Oifig Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre um Ghníomhú Aeráide (ORGA), atá lonnaithe i gComhairle Contae Chill Dara.

Agus muid ag iarraidh ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, tá roinnt beart tugtha isteach ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí, amhail tosú ag úsáid breoslaí ísealcharbóin agus feithiclí astaíochtaí nialasacha inár bhflít, chun cabhrú linn ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní mór feabhsuithe a dhéanamh, áfach, chun cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú ar fud ár bhfoirgneamh corparáideacha, ár sócmhainní corparáideacha agus sna seirbhísí a chuirimid ar fáil.

Cuimsítear sa Phlean seo gach cineál gníomhaithe aeráide lena n-áirítear maolú, oiriúnú agus feabhsú na bithéagsúlachta agus leagtar amach ann gníomhartha a spreagfaidh ár bpobail sa cheantar seo agus a thacóidh leo cur lena n-acmhainneacht agus leis an teacht aniar i leith an athraithe aeráide, trí mheán maoiniú agus tacaíochtaí eile a chuirfidh Comhairle Contae Uíbh Fhailí ar fáil.

Feidhmeoidh Tulach Mhór, arb í Crios Dícharbónaithe (CD) ainmnithe an Chontae í, mar ionad tástála don nuálaíocht maidir le conas dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide ar an leibhéal áitiúil. Is féidir na ceachtanna a fhoghlaimeofar sa Chrios Dícharbónaithe a chur i bhfeidhm ar fud ár gContae, agus níos faide i gcéin, agus is uathu a eascróidh an dea-chleachtas a bheidh ina threoir ag gach duine.

Is plean uaillmhianach é seo agus beidh gá le hiarracht agus infheistíocht nach beag chun féachaint chuige go mbainfear amach ár spriocanna. Tá muinín againn gur féidir linn, le chéile, dul i ngleic leis na dúshláin seo chun geilleagar a chothú a bhfuil teacht aniar ann i leith na haeráide, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

*Leagtar síos sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí gníomhartha chun astaíochtaí a laghdú (51%) agus cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh (go 50%)*

Tá tionchar an athraithe aeráide le feiceáil againn go léir, agus aontaítear ar fud an domhain go bhfuil géarghá le gníomh uaillmhianach aeráide a dhéanamh chun muid a chosaint ar an tionchar a bheidh ag babhtaí adhaimsire atá ag dul in olcas, amhail stoirmeacha, frasaíocht agus tuilte.

Tá an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 á ullmhú ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun ailíniú le cuspóirí aeráide náisiúnta an Rialtais, lena bhféachtar le haistriú chuig geilleagar aeráid-díonach, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh carbóin de, faoi 2050. Leagtar amach an méid sin san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ina sonraítear freisin uaillmhian aeráide na hÉireann, uaillmhian atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, i dtaobh laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030.

Forbraíodh an plean seo, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, i ndlúthchomhar le raon páirtithe leasmhara inmheánacha lena n-áirítear comhaltaí tofa, ár bhfoireann bainistíochta, an lucht ardbhainistíochta agus an fhoireann, mar aon le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear Líonra Comhpháirtíochta Poiblí Uíbh Fhailí, pobail, údaráis áitiúla sna réigiúin thart timpeall orainn, an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú Aeráide (ORGA), chomh maith le grúpaí earnála agus gnólachtaí áitiúla.

Tugtar aghaidh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ar mhaolú a dhéanamh ar an athrú aeráide, ar oiriúnú dó, agus ar fheabhsú na bithéagsúlachta.

- Is é atá i gceist le maolú ná athrú a dhéanamh ar an gcaoi ina mairimid, ina mbímid ag gluaisteacht agus ina mbíonn rudaí á n-ídiú agus á dtomhailt againn chun méid níos lú gás ceaptha teasa a tháirgeadh nó stopadh á dtáirgeadh.
- Is é atá i gceist le hoiriúnú ná an chaoi a ndéileálaimid le tionchar an athraithe aeráide, anois agus amach anseo, trí ghníomhartha praiticiúla a dhéanamh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus cur leis an teacht aniar atá sa chontae.
- Bithéagsúlacht áitiúil a chosaint, a chaomhnú, a athchóiriú agus a fheabhsú trí fheasacht a mhéadú agus eolas a neartú agus bithéagsúlacht a phríomhshruthú sa chinnteoireacht.

Leagtar síos sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí gníomhartha chun astaíochtaí a laghdú (51%) agus cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh (go 50%) ar fud a sócmhainní, seirbhísí agus bonneagair féin, is é sin na cinn a bhfuil freagracht dhíreach uirthi ina leith. Chomh maith leis sin, aithnítear sa Phlean freisin gníomhartha ina bhfuil ról ceannaireachta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir le tionchar a imirt ar earnálacha eile, tacú leo agus iad a éascú, agus a gcuid spriocanna agus uaillmhianta aeráide féin á mbaint amach acu. Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tiomanta freisin do chúnamh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla agus do dhaoine aonair ionas go mbeidh teacht aniar iontu ó thaobh na haeráide de agus go nglacfaidh siad go fonnmhar leis na deiseanna éagsúla atá le tapú i leith an athraithe aeráide.

Ceapadh na gníomhartha chun cloí le prionsabail SMART (Sainiúil, Intomhaiste, Inghnóthaithe, Ábhartha agus faoi réir Teorainn Ama) agus clúdaítear leo sé réimse fócais théamacha ardleibhéil agus fiche cuspóir ardleibhéil – ar cinn iad go léir a léiríonn an leibhéal uaillmhéine atá ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir leis an ngníomhú aeráide.

Ceanglaíonn an Rialtas ar gach údarás áitiúil freisin 'Crios Dícharbónaithe' (CD) a ainmniú, inar féidir triail a bhaint as teicneolaíocht nua, réitigh nuálacha agus cuir chuige uaillmhianacha maidir le maolú a dhéanamh ar an athrú aeráide, oiriúnú do agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú ar leibhéal na bpobal áitiúil, ionas go bhféadfaí iadsan a cur i bhfeidhm ar scála níos mó ar fud an chontae agus níos faide i gcéin. Roghnaíodh Tulach Mhór mar CD d'Uíbh Fhailí, agus tá Clár Deiseanna tosaigh aitheanta sa phlean seo, ar a mbunófar pleananna feidhmiúcháin mionsonraithe agus mapáil/rannpháirtíocht páirtithe leasmhara chun spriocanna i ndáil le hastaíochtaí agus fuinneamh a bhaint amach laistigh den CD.

Agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide á ullmhú aici, choimisiúnaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí sraith tuarascálacha cuimsitheacha ar bhonnlínte astaíochtaí ar fud an chontae, bonnlínte astaíochta sa Chrios Dícharbónaithe agus measúnuithe ar an riosca ó thaobh an athraithe aeráide de. Tugtar aird chuí sa Phlean ar an reachtaíocht idirnáisiúnta, Eorpach agus náisiúnta agus ar an mbeartas maidir le gníomhú ar son na haeráide. Díríodh go tréan ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe freisin agus an Plean á ullmhú, rud a léirítear sa 'Roth SFInna' agus le sainaithint SFInna i ngach réimse gníomhaithe. Rinne ár gcomhairleoirí comhshaoil grinnscrúdú ar an bPlean freisin agus tá an Mheasúnacht Chuí agus an Mheasúnacht Straitéiseach Chomhshaoil a rinne siad ag gabháil leis an bPlean seo. Féadfar breathnú orthu ar an suíomh gréasáin www.offaly.ie.

Beidh an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a d'ullmhaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar fáil lena bhreithniú ag an bpobal agus ag páirtithe leasmhara ar feadh tréimhse 6 seachtaine ón 24ú Deireadh Fómhair go dtí an 6ú Nollaig. Le linn na tréimhse sin, fáiltítear roimh thuairimí ag climate@offalycoco.ie, Submit.com nó ar an bpost. Admhófar gach tuairim a gheofar, déanfar achoimre orthu agus ullmhóidh an Príomhfheidhmeannach tuarascáil ina leith. Ansin déanfar measúnú ar leasuithe ar an dréachtphlean seo sula gcuirfear faoi bhráid na gcomhaltaí tofa é lena ghlacadh (le leasuithe nó gan leasuithe) i mí Feabhra 2024.

Beidh cur i bhfeidhm an Phlean á stiúradh ag an Stiúrthóireacht um Ghníomhú Aeráide, Comhshaoil agus Iompar thar ceann na Comhairle. Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag obair agus i gcomhpháirtíocht le raon príomhpháirtithe leasmhara seachtracha chun tacú le feidhmiú an Phlean seo agus cloífidh sí leis an sceideal faireacháin agus tuairiscithe ar dhul chun cinn atá leagtha síos ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (tríd an líonra réigiúnach ORGAnna).

Tabharfaimid tuairisc leanúnach ar an dul chun cinn (trínár gcuid oibre rialachais), sna Tuarascálacha Bliantúla etc., ar an suíomh gréasáin, agus trínár gcuntais ar na meáin shóisialta agus trí phreaseisiúintí.

# RÉAMHRÁ

*Beidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as cur leis an teacht aniar i leith na haeráide, as éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus as astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú...*



D'ullmhaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an plean seo, an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029, atá dírithe ar chontae ísealcharbóin a bhfuil teacht aniar ann ó thaobh na haeráide a dhéanamh dínn, trí dhea-chleachtas maidir le gníomhú aeráide a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Tá sé sin ailínithe le Cuspóir Náisiúnta Aeráide an Rialtais, lena bhféachtar le bheith inár ngeilleagar aeráid-díonach, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh carbóin de, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.

Leagtar amach an méid sin san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, ina sonraítear freisin uaillmhian aeráide na hÉireann atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, i dtaobh laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Leis sin, cuirfear an tír ar an mbealach chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi dheireadh na bliana 2050. Agus an Dréachtphlean á ullmhú aici, chuir an Chomhairle san áireamh freisin reachtaíocht agus beartas aeráide ábhartha eile, measúnú riosca um an athrú aeráide agus measúnú bonnlíne ar mhaolú aeráide, ar scála Contae, atá san áireamh sa Phlean seo.

**Faoin Acht um Ghníomh Aeráide (Leasú), 2021, ceanglaítear go sonrach ar gach údarás áitiúil in Éirinn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhú agus a dhéanamh, agus spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh níos leithne á mbreithniú, ina dtugtar aghaidh ar bhearta maolaithe agus oiriúnaithe araon:**

- Baineann Maolú ar an Athrú Aeráide le hathrú a dhéanamh ar an mbealach ina mbímid ag maireachtáil, ag taisteal, ag ídiú, ag tomhailt agus ag monaraíocht, chun táirgeadh gás ceaptha teasa dochrach a laghdú nó stopadh á dtáirgeadh. Folaítear leis freisin an chaoi a mbainimid an úsáid is fearr is féidir as an talamh; agus
- Leis an Oiriúnú don Athrú Aeráide, tagraítear do dhéileáil le tionchar an athraithe aeráide. Is é atá i gceist leis bearta praiticiúla a ghlacadh chun rioscaí a bhainistiú, pobail a chosaint agus seasmhacht an gheilleagair a neartú (e.g., tuilte, ardú ar leibhéal na mara etc.).

**Sa Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leagtar amach cosán soiléir do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí chun:**


- beartas náisiúnta aeráide a chur in oiriúint go gníomhach do chúinsí áitiúla trí bhearta atá bunaithe ar fhianaise a chur in ord tosaíochta agus a luathú;
- rannchuidiú le baint amach an chuspóra maidir le neodracht ó thaobh na haeráide de ar an leibhéal áitiúil agus leibhéal an phobail; agus
- Crios Dícharbónaithe a shainaithint agus a chur i bhfeidhm i limistéar an údaráis áitiúil chun bheith ina láthair thástála do bhearta éagsúla maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta i limistéar sainithe, trí thionscadail agus torthaí a shainaithint a chabhróidh linn an Cuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach.

I gcomhthéacs creat uaillmhianach beartais náisiúnta aeráide atá ag teacht chun cinn, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí meáite ar an ngníomhú aeráide a phríomhshruthú ar fud a cuid oibríochtaí agus feidhmeanna féin, agus ról ceannaireachta a ghlacadh maidir le gníomhú aeráide ar an leibhéal áitiúil. Léiríonn an Dréachtphlean cur chuige comhleanúnach maidir le gníomhú aeráide ar fud struchtúr riaracháin agus polaitiúil an údaráis áitiúil. Tá an Plean faoi réir a fhaomhadh ag Comhaltaí Tofa an údaráis áitiúil, tar éis comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht an phobail. Is ann do phleananna éagsúla eile, lena n-áirítear Plean Corparáideach na Comhairle agus Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí, lena dtacaítear leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.



*An Chanáil Mhór, Baile Uí Chomáin, Co. Uíbh Fhailí*

# Scóip na Comhairle um Ghníomhú ar son na hAeráide





***Fíor 1.1** Scóip na Comhairle um Ghníomhú ar son na hAeráide (Foinse: Treoirlínte Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil, 2023)*

Leagtar amach sa Dréachtphlean an chaoi a mbeidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as cur leis an teacht aniar i leith na haeráide, as éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus as astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar fud a sócmhainní, seirbhísí agus bonneagair féin, a bhfuil sí lánfhreagrach astu, agus ról níos leithne á léiriú aici an tráth céanna ó thaobh dul i bhfeidhm ar earnálacha eile, tacú leo agus a gcuid oibre a éascú ionas gur féidir leo a gcuid spriocanna agus uaillmhianta féin i leith na haeráide a bhaint amach. Tá gá leis sin lena chinntiú gur féidir an leas is fearr a bhaint as na tairbhí comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha a thagann leis an ngníomhú aeráide.

Léirítear i **bhFíor 1.1** raon feidhme fhreagracht an údaráis áitiúil maidir le gníomhú aeráide.

Ina theannta sin, coinneoidh an Chomhairle lena cuid iarrachtaí tionscadail uaillmhianacha gníomhaithe ar son na haeráide a chur i bhfeidhm, agus í ag baint leas as na foinsí maoinithe atá ar fáil agus ag spreagadh rannpháirtíocht na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara. Beidh creat beartais fhorásaigh ag tacú leis an méid sin. Seolfaidh an Chomhairle Snáithe 1 den Chiste um Ghníomhú Aeráide – Pobail Ísealcharbóin a Thógáil. Ciste é sin i gcomhair údaráis áitiúla ar fud na tíre, chun tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a thógáil.

In aeráid atá ag athrú, is é an aidhm atá againn a bheith faoi réir i gcomhair an mhéid a d'fhéadfadh tarlú amach anseo, ionas gur féidir le pobail áitiúla a bheith faoi bhláth agus a bheith ag obair i dtreo réitigh fhiúntacha atá cuimsitheach, cothrom agus inrochtana do chách. Ar an gcaoi sin beimid in ann aistriú cóir a bhaint amach.



*Finnamore Lakes, Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí*

## Forléargas ar an Athrú Aeráide

Tuigtear níos mó ná riamh anois gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán domhanda fadtéarmach is tábhachtaí lenár linn. Bíonn a thionchar seasta le brath ar fud an domhain agus sa tír seo. Deimhnítear sa Séú Tuarascáil Mheasúnaithe ó Mheitheal Oibre I an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar Athrú Aeráide (IPCC) go bhfuil fianaise ollmhór ann go bhfuil athrú tagtha ar an aeráid ón ré réamhthionsclaíoch agus gurb iad gníomhaíochtaí daonna, trí astaíochtaí gás ceaptha teasa, príomhchúis an athraithe sin. Sonraítear sa Tuarascáil sin gur cinnte gurb iad gníomhaíochtaí an duine is cúis leis an téamh domhanda agus go bhfuil teochtaí dromchla na tréimhse 2011-2020 1.1°C os cionn luachanna na tréimhse 1850-1900.


Tá aeráid na hÉireann ag teacht leis an ráiteas sin. I **bhFíor 1.2**, déantar comparáid idir an t-ardú teochta ar domhan ó 1900 i leith agus teocht na hÉireann. Tá teocht na hÉireann i gcomhréir leis na harduithe teochta ar domhan agus ba bhliain í 2022 inar sáraíodh ardluachanna ó thaobh teochta agus deasctha (báisteach) araon. Dúirt Met Éireann gurb í 2022 an bhliain is teo ar taifead. Bhí teocht na hÉireann os cionn an mheáin fhadtéarmaigh don 12ú bliain as a chéile. Ina theannta sin, in 2022 taifeadadh an dara teocht is airde riamh in Éirinn, 33°C.

Dearbhaítear an méid sin arís sna tomhais frasaíochta a rinneadh in 2022, tráth ar taifeadadh báisteach faoi bhun an mheáin fhadtéarmaigh i bhformhór na stáisiún. Bhí éagsúlacht le sonrú sa titim bhaistí le linn 2022, agus thit idir mhéideanna beaga agus mhéideanna móra le hais an mheáin i ngach séasúr, rud a d'fhág go raibh an samhradh agus an t-earrach níos tirime, agus an fómhar agus an geimhreadh níos fliche.

Tháinig méadú 20 cm ar mheánleibhéal na mara ar domhan idir 1901 agus 2018. Tá an treocht ó thaobh an ardaithe ar mheánleibhéal na mara ar domhan ag ardú go seasta ó 1901 i leith. Tá ardú den sórt céanna tagtha ar leibhéal na mara in Éirinn – ardú 2-3 mm ar an meán in aghaidh na bliana. Is í an aeráid níos teo is cúis leis an ardú ar leibhéal na mara, mar gheall ar chailliúint muiroighir agus forbairt theirmeach (an méadú ar an toirt uisce de bharr téimh) toisc go bhfuil an t-aigéan ag éirí níos teo.

Imríodh drochthionchar ar aeráid na hÉireann cheana féin agus léirigh babhtaí adhaimsire le déanaí a leochailí atá daoine aonair, gnólachtaí, pobail, earnálacha agus bonneagair i leith an athraithe aeráide, rud a leagann béim ar an ngá atá le práinn a bheith leis an ngníomhú aeráide ar fud gach earnála den tsochaí.

Mar shampla, d'fhág stoirmeacha in 2021, ar nós Arwen agus Barra go háirithe, 59,000 teach agus gnó gan chumhacht (An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023). Is minic gur féidir le drochthionchar an athraithe aeráide cur le dúshláin níos leithne a bhaineann le gnéithe sóisialta, gnéithe comhshaoil agus gnéithe geilleagracha. Is féidir leis sin cur leis an leochaileacht agus an íogaireacht i leith aeráid atá ag athrú agus babhtaí adhaimsire.




*Fíor 1.2:* Oileán na hÉireann 1900-2022 – Aimhrialtachtaí ó thaobh Teochta (°C) (difríocht ó 1961-1990) *(Foinse: Met Éireann)*










*Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí*


Bunaithe ar bhreathnuithe i dtaobh athruithe ar an aeráid agus ar a dtionchar, tá Met Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus eolaithe aeráide eile in ann réamh-mheastacháin stuama a dhéanamh ar phatrúin aeráide na todhchaí in Éirinn agus ar fud an domhain. D'fhoilsigh GCC, Foras na Mara agus Met Éireann tuarascáil ar stádas aeráide na hÉireann i mí Iúil 2021. Seo a leanas achoimre ar na réamh-mheastacháin aeráide i leith na hÉireann a théann i bhfeidhm ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí:

- Léiríonn réamh-mheastacháin aeráide go gcoinneofar leis na treochtaí aeráide a breathnaíodh le céad bliain anuas agus go mbeidh dlús leo sna blianta amach romhainn;
- Tá an teocht ag dul in airde agus meastar gur mar sin a bheidh feasta, sna séasúir go léir;
- Meastar go dtiocfaidh laghduithe nach beag ar leibhéil mheánfhrasaíochta (báistí) san earrach agus sa samhradh, agus léiríonn réamh-mheastacháin go bhfuil méadú ag teacht ar mhinicíocht na ndrochbhabhtaí frasaíochta, go háirithe i rith an gheimhridh;
- Is beag athrú a léiríonn na réamh-mheastacháin ar mheánluas agus treo na gaoithe. Meastar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht na ndrochbhabhtaí gaoithe, go háirithe le linn an gheimhridh;
- Tiocfaidh méadú ar mhinicíocht tuilte abhann agus tuilte uisce dromchla;
- Tiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine thonnta teasa an tsamhraidh, na dteochtaí foircneacha agus na mbabhtaí triomaigh;
- Tiocfaidh laghdú ar mhinicíocht an tseaca agus an tsneachta; agus
- Tiocfaidh méadú ar fhad an tséasúir fáis (timthriall fheineolaíoch).

Is féidir an staid ina bhfuil aeráid na hÉireann anois agus an chuma a bheidh uirthi amach anseo a thabhairt le chéile in aon chonclúid shimplí amháin. Tá athrú tagtha ar aeráid na hÉireann i gcomparáid leis na 1900idí. Níl aon dabht ach go bhfuil sí éirithe níos teo, mar atá amhlaidh i gcás theocht an domhain, rud is cúis le hiarmhairtí a ghabhann le haeráid níos teo agus le babhtaí adhaimsire níos measa.

## Comhthéacs an Bheartais Aeráide

Is spreagadh don ghníomhú aeráide í an fhianaise eolaíoch a thacaíonn leis na torthaí i dtaobh thionchar an duine ar an athrú aeráide, agus an conradh idirnáisiúnta is déanaí atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir leis an athrú aeráide, Comhaontú Pháras 2015, lena leagtar síos an creat le haghaidh freagairtí beartais uaillmhianacha, neartaithe. Mar sin, tá an plean seo, an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, á dhéanamh i gcomhthéacs níos leithne an bheartais aeráide ar an leibhéal idirnáisiúnta, leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal earnála. Léirítear é sin **i bhFíor 1.3**.




***Fíor 1.3:*** *Comhthéacs Reachtaíochta agus Beartais an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (Foinse: Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide)*

## An Beartas Idirnáisiúnta um an Athrú Aeráide

Aithnítear go dteastaíonn comhar agus uaillmhian ar an leibhéal idirnáisiúnta ionas go n-éireoidh linn dul i ngleic leis an athrú aeráide. Ó bunaíodh Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in 1994, tá tíortha ag féachaint le comhar idirnáisiúnta a chothú chun teorainn a chur leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda agus chun déileáil le hiarmhairtí an athraithe aeráide, a eascraíonn as na harduithe teochta sin.

Bhí sé ina thoradh ar na hiarrachtaí sin gur síníodh Comhaontú Pháras 2015 ag Comhdháil na bPáirtithe 21 (COP21). Conradh

idirnáisiúnta ar an athrú aeráide is ea Comhaontú Pháras 2015 a shínigh gach ceann de na 196 ballstát, agus Éire san áireamh, agus a tháinig i bhfeidhm an 4 Samhain 2016. Tá sé ceangailteach ó thaobh an dlí de. Trí dhá sprioc atá sainithe go soiléir, féachtar le Comhaontú Pháras le gníomh forásach uaillmhianach ar son na haeráide a dhéanamh chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint mar seo a leanas:

i. Méaduithe ar mheánteocht an dhomhain a choinneáil go dtí i bhfad faoi bhun 20C agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.50C os cionn na leibhéil réamhthionsclaíocha; agus

ii. Cur leis an gcumas atá againn dul in oiriúint do thionchar díobhálach an athraithe aeráide agus teacht aniar a chothú i leith na haeráide.

Comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil dlúthbhaint aige le Comhaontú Pháras is ea Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015. Ag croílár an Chláir tá 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI). Tá sé ina aidhm leis na spriocanna sin deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus feabhas a chur ar shaol agus ionchais gach duine, cibé cá bhfuil siad. Tá 169 sprioc sonraithe sna 17 SFI, agus tá siadsan le baint amach faoi 2030. In 2019, d'iarr ceannairí domhanda go dtabharfaí faoi thréimhse deich mbliana gníomhaithe chun na Spriocanna a bhaint amach laistigh den tréimhse ama sin. Tugtar aghaidh ar na SFInna i gCuid 6 den Phlean seo freisin.

Chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach mar chuid de na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras, d'fhógair an Coimisiún Eorpach, i mí na Nollag 2019, an Comhaontú Glas don Eoraip, atá dírithe ar an Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de. Féachtar leis an gComhaontú sin le bheith saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2050, fás geilleagrach a scaradh ó úsáid acmhainní, agus gan aon duine a fhágáil ar leataobh. Thug an tAontas Eorpach isteach sraith tograí chun beartais aeráide, cánachais, fuinnimh agus iompair an Aontais a ailíniú chun tacú leis an aidhm sin a bhaint amach. Le Dlí Aeráide na hEorpa rinneadh ceangal dlí de na spriocanna sin, lena n-áirítear freisin laghdú 55% ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an nglanleibhéal faoi 2030.

## An Beartas um Athrú Aeráide in Éirinn

Tá an beartas um athrú aeráide in Éirinn ag teacht anois le huaillmhian an Aontais Eorpaigh agus leis an uaillmhian atá ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide. Agus muid ag obair i dtreo an Chuspóra Náisiúnta Aeráide, cuirtear chun cinn san Acht um Ghníomh Aeráide (Leasú), 2021 geilleagar agus sochaí inbhuanaithe ina ndéantar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chothromú nó a chúiteamh trí gháis cheaptha teasa a bhaint. Trí bhuiséid charbóin fhorásacha ar fud an gheilleagair, uasteorainneacha earnála, sraith straitéisí arna gceapadh chun bearta oiriúnaithe agus bearta maolaithe a chur chun cinn, chomh maith le socruithe láidre maoirseachta agus tuairiscithe, tá an beartas aeráide á chur i bhfeidhm chun treisiú a dhéanamh ar iarrachtaí ar fud na sochaí ar fad agus chun athrú mór a bhaint amach ó thaobh gníomh uaillmhianach a dhéanamh ar son na haeráide, lena mbainfear athrú ó bhonn amach, go dtí 2030 ar dtús agus ina dhiaidh sin go dtí 2050.

Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, a seoladh ar an 21 Nollaig 2022, an dara nuashonrú bliantúil ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a foilsíodh in 2019 agus an chéad phlean a ullmhaíodh faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, tráth a bhfuil buiséid charbóin tugtha isteach ar fud an gheilleagair agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála i bhfeidhm ó 2022. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 treochlár go dtí 2025 i dtreo beart cinntitheach a ghlacadh chun astaíochtaí a laghdú faoina leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050, mar a ghealltar i gClár an Rialtais.

D'fhoilsigh Éire a céad Chreat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin in 2018, inar leagadh amach an comhthéacs lena chinntiú go bhféadfaidh príomhearnálacha agus údaráis áitiúla measúnú a dhéanamh ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide agus na nithe atá leochaileach ina leith, gníomhartha maidir le teacht aniar i leith an athraithe aeráide a chur i bhfeidhm, agus a chinntiú go ndéanfar breithnithe i ndáil leis an oiriúnú don athrú aeráide a phríomhshruthú sa cheapadh beartas ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Leagtar amach sa straitéis atá ag Éirinn faoi láthair, as Straitéis Fhadtéarmach maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Laghdú bealaí táscacha, tar éis 2030, i dtreo neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach d'Éirinn faoi 2050. Tógtar sa Straitéis ar na conairí dícharbónaithe a leagtar amach leis na buiséid charbóin, na huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus sa Phlean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide, lena chinntiú go mbeidh an beartas aeráide comhleanúnach, éifeachtach.

Tá an Straitéis bunaithe ar anailís ar roghanna aistrithe ar fud phríomhearnálacha uile an gheilleagair agus is nasc ríthábhachtach í idir spriocanna aeráide Éireann 2030 agus an sprioc fhadtéarmach a leagtar síos le Cuspóir Náisiúnta Aeráide na hÉireann agus le Dlí Aeráide na hEorpa.

Tá Pleananna Earnála um Oiriúnú Aeráide foilsithe ag gach Roinn Rialtais, mar fhreagra ar an gCreat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin. Aithnítear i ngach Plean na príomhrioscaí atá le sárú ar fud na hearnála agus an cur chuige atá á ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus teacht aniar i leith na haeráide a chothú don am atá le teacht. Forbraíodh iad trí mheán próiseas pleanála oiriúnaithe sé chéim a bhfuil cur síos air sna treoirlínte pleanála earnála um oiriúnú don athrú aeráide, atá foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Tugtar aghaidh ar na hearnálacha seo a leanas sna Pleananna: Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Bia Mara, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Bonneagar Iompair, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Líonraí Cumarsáide, Bainistíocht Riosca Tuilte, Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce agus Sláinte.

Sa Chairt um Ghníomhú Aeráide na nÚdarás Áitiúil, a shínigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i mí Dheireadh Fómhair 2019, gealltar cur leis na hiarrachtaí agus ról lárnach a ghlacadh ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta maidir le gníomhú go héifeachtach ar son na haeráide. Sa chairt sin, cuirtear de chúram ar gach údarás áitiúil ceannaireacht láidir a léiriú maidir le gníomhú aeráide a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil, cloí le SFInna na Náisiún Aontaithe, go háirithe Sprioc 13 i ndáil le Gníomhú Aeráide, chomh maith le hastaíochtaí óna n-oibríochtaí féin a laghdú agus dul i gcomhar le fiontair áitiúla, grúpaí pobail, saoránaigh agus earnálacha poiblí agus príobháideacha agus earnáil an oideachais maidir le tionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide.

Is é Delivering Effective Climate Action 2030 [Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Chur i bhFeidhm, 2030] (DECA) an straitéis rialtais áitiúil maidir le gníomhú ar son na haeráide a foilsíodh i mí Aibreáin 2021. Is ionann an straitéis agus tiomantas uileghabhálach ón earnáil i dtaobh cur chuige comhleanúnach a chinntiú i leith gníomhú aeráide ar fud struchtúir riaracháin agus pholaitiúla gach ceann de na 31 údarás áitiúil. Ar leibhéal earnála, cuirtear in iúl inti rún straitéiseach ginearálta trí ról ceannaire a ghlacadh chun líonra na n-údarás áitiúil a stiúradh maidir le gníomh éifeachtach a dhéanamh ar son na haeráide. San earnáil seo, is ionann an straitéis fhoriomlán agus comhdhearcadh ardleibhéil maidir leis an gcur chuige i leith gníomhú aeráide agus tiomantas láidir don ról ceannaireachta atá forordaithe. Is treochlár sonraithe í an straitéis d'údaráis áitiúla maidir le cur i bhfeidhm na mbeart dícharbónaithe agus oiriúnaithe nach mór a dhéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

## Pleanáil um Ghníomhú Aeráide d'Údaráis Áitiúla

Leis an bplean atá ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i ndáil le gníomhú ar son na haeráide, neartaítear an nasc idir beartas aeráide náisiúnta agus idirnáisiúnta agus gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil agus leibhéal an phobail, trí ghníomhú aeráide áitbhunaithe. Is é luach intreach an phlean gníomhaithe ar son na haeráide go bhfuil ról mór aige maidir le treisiú a dhéanamh ar an ngealltanas atá tugtha ag earnáil an rialtais áitiúil a bheith ag stiúradh an ghníomhaithe aeráide ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta, mar a léirítear sa straitéis rialtais áitiúil DECA 2030. Agus é á ullmhú agus á chur chun feidhme, is deis é an plean gníomhaithe ar son na haeráide atá ag an gComhairle chun páirtithe leasmhara ríthábhachtacha ar fud na bpobal agus na ngnólachtaí a thabhairt le chéile chun fís a cheapadh i gcomhair todhchaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de.

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus údaráis áitiúla eile ar fud na hÉireann chun tosaigh cheana féin maidir leis an ngníomhú aeráide in Éirinn. Tá ról mór ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir le bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail. Tá sé de dhualgas orainn a bheith ag obair trínár bhfeidhmeanna rialála agus straitéiseacha chun na spriocanna agus an beartas uaillmhianach náisiúnta maidir leis an aeráid a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le baint amach an Chuspóra Náisiúnta Aeráide.




*Sráid Phádraig, Cúil an tSúdaire, Co. Uíbh Fhailí, 24 Samhain 2017*

Tá Plean Uíbh Fhailí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide ina chuid d'iarrachtaí níos fadtéarmaí a éilíonn freagairt marthanach, phleanáilte chun tacú le baint amach an chuspóra maidir le neodracht ó thaobh na haeráide de ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail. Sásra is ea an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide chun gníomhartha oiriúnaithe agus gníomhartha maolaithe a thabhairt le chéile chun cabhrú le gníomhú aeráide agus torthaí dearfacha a spreagadh ar fud an údaráis áitiúil agus a limistéir riaracháin. Leis an gcreat um ghníomhú aeráide atá leagtha síos sa phlean, leagtar amach na gníomhartha ar son na haeráide ina struchtúr sainithe lena bhféachtar chuige go mbeidh na gníomhartha a dtabharfar fúthu ag teacht leis an bhfís ardleibhéil i leith an phlean.

Ullmhaíodh an Dréachtphlean seo de réir na dtreoracha d'údaráis áitiúla maidir le plean gníomhaithe ar son na haeráide, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i Márta 2023.

## Rannpháirtíocht le Saoránaigh agus Páirtithe Leasmhara

Tá taithí mhór ag údaráis áitiúla ar an rannpháirtíocht le saoránaigh agus páirtithe leasmhara, trí na feidhmeanna atá acu faoi láthair, lena n-áirítear pleanáil talamhúsáide, tithíocht, fiontar, iompar agus feasacht comhshaoil. Ina theannta sin, tá údaráis áitiúla páirteach i struchtúir agus cineálacha cur chuige rannpháirtíochta leis an bpobal ar cinn ón mbun aníos iad, atá dírithe ar an bpobal áitiúil agus ina leagtar béim ar thorthaí. Ina measc sin tá Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí, Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁnna), Bailte Slachtmhara, Aoisbhá Éireann, comhpháirtíochtaí spóirt, Pobail Fuinnimh Inmharthana, Teagasc agus cláir agus tionscnaimh eile.

Na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, is cinn iad a théann i bhfeidhm ar an tsochaí go léir agus nach bhfuil teorainn spáis leo, agus dá bhrí sin ní mór freagairtí iomlánaíocha, comhchoiteanna a thabhairt orthu. Meastar go mbaineann tábhacht mhór le rannpháirtíocht na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara i gcinntí agus i mbearta aeráide a bhaineann leo féin. Leis sin, féachtar chuige go mbíonn dea-thionchar agus tionchar cothrom ag gníomhartha ar son na haeráide ar na roghanna a dhéanann siad.

"Chun ár n-uaillmhian aeráide a bhaint amach ní mór don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann teacht le chéile i gconradh sóisialta neartaithe do ghníomhú aeráide agus chun fíor-réitigh ar na dúshláin seo a chruthú." (An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023).


## Oiliúint maidir le Gníomhú Aeráide

I gcomhpháirtíocht leis na hOifigí Réigiúnach um Ghníomhú Aeráide (ORGAnna) agus Grúpa Oiliúna Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil, tá oiliúint maidir le gníomhú aeráide á cur i bhfeidhm d'earnáil iomlán na n-údarás áitiúil, agus na comhaltaí tofa san áireamh, chun na baill foirne a chumasú agus a gcuid scileanna a fheabhsú ionas go mbeidh siad in ann a bheith ina gceannairí i réimse an ghníomhaithe aeráide. Go dtí seo tá oiliúint curtha ar 92% de bhaill foirne Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcolúin éagsúla den oiliúint um ghníomhú aeráide, agus déantar measúnú leanúnach ar na riachtanais oiliúna. Tá imeachtaí oiliúna agus cúrsa oiliúna creidiúnaithe do chomhaltaí tofa eagraithe ag Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) freisin.

Ina theannta sin, tá ceardlanna eagraithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí do ghrúpaí pobail áitiúla ar nós Imeacht Aeráide le hAoisbhá Éireann. I gcomhpháirtíocht leis na ORGAnna, eagraíodh ceardlanna 'Let's talk Climate Action' ar fud na tíre, trí líonra comhordaitheoirí Aoisbhá Éireann in údaráis áitiúla.

Ar leibhéal na scoileanna, bíonn Oifigeach Feasachta Comhshaoil na Comhairle/Comhordaitheoirí na Scoileanna Glasa ag obair i ndlúthpháirt leis an gclár Scoileanna Glasa atá ag An Taisce, chun leanúint le gníomhaíochtaí feasachta agus le bronnadh an Bhrait Ghlais i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon. Tá acmhainní nua ar ghníomhú aeráide forbartha ag An Taisce freisin do mhúinteoirí, agus is cinn iad atá ag teacht leis na curaclaim theagaisc.

Fuair Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faomhadh i Meán Fómhair 2022 chun Oifigeach Bithéagsúlachta a fhostú faoi chlár Chomhairle Náisiúnta na hOidhreachta agus Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach le tacaíocht ó RTRÁO agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tá an té sin ag obair go dian chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ina ndéantar comhtháthú ar bhreithnithe bithéagsúlachta ar fud ár n-oibríochtaí go léir agus, an tráth céanna, lena múscláitear feasacht ar chailliúint bithéagsúlachta agus lena gcuirtear gníomhartha aeráide chun cinn sa Chomhairle féin agus lasmuigh di.




***Fíor 1.4:*** *Achoimre ar thorthaí na bhfreagraí ar líne ar na 'Comhráite Aeráide' (Foinse: An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide/MCo)*

## Idirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú Aeráide

Sa bhliain 2022, lean an Chomhairle de bheith ag tacú le tionscnaimh rannpháirtíochta le saoránaigh agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Idirphlé Náisiúnta an Rialtais ar Ghníomhú Aeráide, go háirithe 'Comhráite Aeráide' áitiúla arna stiúradh ag an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. Sna hAchtanna um Ghníomhú Aeráide, 2015-2021 aithnítear na Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí mar phríomhlíonra chun dul i gcomhairle leo maidir le gníomhú aeráide agus chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí sa chomhairliúchán poiblí ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Má bhreathnaítear uirthi ina hiomláine, tugann fianaise ó chlár Idirphlé an Rialtais um Ghníomhú Aeráide 2022 le fios go bhfuil leibhéal ard feasachta ar an athrú aeráide i measc mhuintir na hÉireann, agus go bhfuil siad ag iarraidh a bheith páirteach i ngníomh aeráide. Léiríodh freisin i dtorthaí chlár rannpháirtíochta 2022 go bhfuil toilteanas ann dul i mbun gníomh aeráide, ach go bhféadfadh sé nach eol do dhaoine cé na gníomhartha is éifeachtaí nó cén áit ar cheart dóibh tosú ag gníomhú. Trí rannpháirtíocht na saoránach agus na bpáirtithe leasmhara a chumasú tuilleadh is féidir linn na deiseanna a thapú maidir le haistriú chuig sochaí agus geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de, amhail gairmeacha beatha nua inbhuanaithe, tithe atá níos teo agus níos tíosaí ar fhuinneamh, roghanna taistil níos fearr, roghanna níos inbhuanaithe do thomhaltóirí, pleanáil spásúlachta chomhtháite, aer agus uisce níos glaine agus timpeallacht níos fearr do na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh.

I **bhFíor 1.4**, déantar achoimre ar roinnt de na riachtanais atá ag rannpháirtithe sna 'Comhráite Aeráide' ar líne, mar chuid den Idirphlé Náisiúnta ar an Aeráid.  Léirítear go soiléir ann go bhfuil ról tábhachtach againne, an t-údarás áitiúil, maidir le cur ar a gcumas do shaoránaigh dul i mbun gníomhú aeráide, trí na seirbhísí a chuirimid ar fáil.

## An Ciste um Ghníomhú Aeráide i measc an Phobail

Ar an 3 Feabhra 2023, sheol an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Snáithe 1 den Chiste um Ghníomhú Aeráide – Pobail Ísealcharbóin a Chothú. Ciste €24 milliún is ea é sin i gcomhair údaráis áitiúla ar fud na tíre, chun tacú le pobail ísealcharbóin agus iad a chothú. Tá €3 mhilliún breise á chur ar fáil chun tacú le tionscnaimh pobail i ndáil le gníomhú aeráide ar bhonn trasteorann agus uile-oileáin. Tá an maoiniú sin ar fáil faoin gClár um Ghníomhú Aeráide i measc an Phobail, lena dtacaítear le tionscadail agus tionscnaimh a éascaíonn gníomh pobail ar son na haeráide trí oideachas, trí fhorbairt acmhainní agus trí fhoghlaim ar bhonn cleachtais.

Faoi Shnáithe 1, ní mór Oifigigh Phobail um Ghníomhú Aeráide a cheapadh i ngach údarás áitiúil chun treoir agus tacaíocht a

thabhairt do phobail ón gcéad lá riamh. Tá Oifigeach Pobail um Ghníomhú Aeráide earcaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus seolfar an Ciste sna seachtainí amach romhainn i gcomhréir le comhaontú deontais na Roinne.

Leis na tionscadail phobail atá incháilithe don treoir seo agus don mhaoiniú féideartha, tabharfar aghaidh ar na cúig théama seo a leanas:

- Pobal agus Fuinneamh
- Taisteal
- Bia agus Dramhaíl
- Siopadóireacht agus Athchúrsáil
- Gníomhú Áitiúil ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil

Leis na gníomhartha atá san áireamh sa Phlean seo, tá sé i gceist an t-eolas ceart a thabhairt do gach saoránach agus páirtí leasmhar eile ionas gur féidir leo cinntí eolasacha a dhéanamh, agus ar an gcaoi sin cúnamh agus cumhacht a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo a gcion a dhéanamh chun réigiún ísealcharbóin, ina bhfuil teacht aniar ó thaobh na haeráide de, a dhéanamh den Chontae, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla eile i réigiún ORGA Lár na Tíre agus an Oirthir. Trí chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le saoránaigh, gnólachtaí agus earnálacha eile maidir le gníomhú aeráide, tá fíordheis ann chun athrú iompraíochta dearfach, a sheasfaidh an aimsir, a chothú, a mbeidh tionchar mór aige ó thaobh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus éifeacht an athraithe aeráide a laghdú go dtí 2030, 2050 agus níos faide anonn.

Tríd an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm agus a choinneáil cothrom le dáta, trí ghréasáin atá ann cheana a neartú agus comhpháirtíochtaí nua um ghníomhú aeráide a bhunú, tabharfar bonn eolais do gach saoránach, pobal agus páirtí leasmhar eile agus spreagfar iad chun cur leis an bhfáil atá acu ar fhaisnéis agus ar chomhairle. I measc na réimsí spéise a bhféadfaí díriú orthu tá bearta ábhartha éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint agus a chur chun feidhme, gníomhartha fuinnimh in-athnuaite, bearta oiriúnaithe don athrú aeráide agus bearta maidir le teacht aniar ina leith, rochtain ar fhoinsí maoinithe amhail scéimeanna deontais de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide, maoiniú ón gCoimisiún Eorpach agus eile. Leanfaidh na ORGAnna, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus an tIdirphlé Náisiúnta ar Ghníomhú Aeráide agus comhpháirtithe eile de bheith ag tacú le hiarrachtaí na n-údarás áitiúil i dtaobh rannpháirtíocht le saoránaigh agus páirtithe leasmhara.

## Gníomhaíochtaí Taighde um Ghníomhú Aeráide

Glacann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí páirt i dtionscadail taighde thar réimsí éagsúla gnó chun cabhrú le treoir a thabhairt dár bhfreagra ar phríomhréimsí oibre ar nós gníomhú aeráide. Trí chomhoibriú sa taighde, cothaítear dea-chaidreamh oibre le hollscoileanna agus le hinstitiúidí teicneolaíochta 3ú leibhéal, chomh maith le páirtithe leasmhara taighde eile ar nós comhlachtaí ionadaíocha amhail an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Áirítear leis na tionscadail taighde sin agus na comhpháirtithe acadúla gaolmhara:

- Measúnú Eolaíoch ar Roghanna Eile seachas Úsáid Luibhicíde chun Bláir Phoiblí Fóillíochta a Chothabháil, i gcomhar le hOllscoil Mhá Nuad
- Treoir a Ullmhú d'Údaráis Áitiúla ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a Oiriúnú don Aeráid, i gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Sionainne
- Líonra Oideachais i ndáil le Réitigh atá Bunaithe ar an Dúlra i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



*An Spinc, Sliabh Bladhma, Baile Mhic Ádaim, Co. Uíbh Fhailí. 6 Iúil 2018*

## Struchtúr an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Cuireadh san áireamh sa Dréachtphlean seo beartas agus reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta maidir leis an athrú aeráide, chomh maith leis an eolas is déanaí ar leibhéil an athraithe aeráide faoi láthair, chomh maith lena thionchar agus le réamh-mheastacháin don todhchaí. Agus toradh an phróisis seo á léiriú, ceithre chuid atá sa Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Ar an gcéad dul síos, cuirtear i láthair an bonn fianaise a úsáidtear maidir le gníomhú aeráide laistigh de limistéar dlínse Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, lena n-áirítear rioscaí ó thaobh athrú aeráide agus próifíl bhonnlíne na n-astaíochtaí.

Ar an dara dul síos, leagtar amach sa Phlean an creat i gcomhair gníomhú aeráide, lena n-áirítear Fís, Misean, Spriocanna Straitéiseacha, Cuspóirí agus Gníomhartha an Phlean.

Tá an tríú cuid dírithe ar Thulach Mhór, Crios Dícharbónaithe Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, lena n-áirítear an Fhís don Chrios sin, Limistéir Tosaíochta Straitéiseacha an Chreasa agus na Gníomhartha ina leith.

Sa chuid dheireanach den Phlean seo, leagtar amach cur chuige na Comhairle maidir le gníomhartha a chur chun feidhme, dul chun cinn a thomhas agus úsáid méadrachta chomh maith leis an gcaoi a ndéanfaidh an Chomhairle tuairisciú ar ghníomhartha le linn saolré an Phlean.



# GNÍOMHÚ AERÁIDE ATÁ BUNAITHE AR FHIANAISE

*...in aon iarracht gníomhartha maolaithe aeráide a chuirfear i bhfeidhm amach anseo a chur in ord tosaíochta agus iad a bhainistiú, tá sé ríthábhachtach go mbeadh údaráis áitiúla in ann na dúshláin atá rompu a aithint...*

Tráth a bhfuil géarchéim aeráide agus bithéagsúlachta ag tarlú ar domhan, is ar an leibhéal áitiúil atá go leor de na réitigh agus de na gníomhartha a chabhróidh linn cur ina coinne. Dá bhrí sin, in aon iarracht gníomhartha maolaithe aeráide a chuirfear i bhfeidhm amach anseo a chur in ord tosaíochta agus iad a bhainistiú, tá sé ríthábhachtach go mbeadh údaráis áitiúla in ann na dúshláin atá rompu a aithint agus a thuiscint agus leas a bhaint as sineirgí chun deiseanna a thapú maidir le gníomhú éifeachtach a dhéanamh ar son na haeráide ina limistéir féin.

Tá trí ról ag gach údarás áitiúil maidir le cuntas a choinneáil ar gháis ceaptha teasa ina limistéir riaracháin;

1) Astaíochtaí díreacha ó oibríochtaí agus seirbhísí an údaráis áitiúil (soilsiú poiblí, feithiclí, foirgnimh agus saoráidí atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil nó á bhfeidhmiú aige)

2) Tionchar díreach ar astaíochtaí trí fheidhmeanna údaráis áitiúil (pleanáil, soláthar, bonneagar)

3) Tionchar indíreach ar astaíochtaí ar fud an chontae (comhoibriú, éascú, feasacht, cur chun cinn leis an earnáil phríobháideach, etc.)

Faoi láthair déanann comhlachtaí rialtais rianú ar an leibhéal náisiúnta ar astaíochtaí GCT na n-earnálacha. Ní dhéantar iad a mhiondealú ar leibhéal na n-údarás áitiúil. Níl aon sonraí ar fáil go poiblí ar astaíochtaí na hearnála príobháidí ar leibhéal na bhfoirgneamh. Leibhéil éagsúla taithí agus saineolais atá ann i réimse na sonraí astaíochtaí bonnlíne ar fud líonra na n-údarás áitiúil in Éirinn.

Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sonraí, chinn na cúig chontae i lár na tíre teacht le chéile agus comhairleoirí a fhostú chun na tuarascálacha measúnaithe ar Fhardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) a ullmhú, lena gclúdófar astaíochtaí ar fud an chontae agus astaíochtaí sna criosanna dícharbónaithe féin. Mar gheall ar an gcur chuige for-réigiúnach sin maidir le comhairleoirí a fhostú, baineadh amach barainneacht scála, próiseas gasta ceapacháin agus comhsheasmhacht maidir le cur chuige ar fud na gcúig chontae i lár na tíre. Cabhróidh na tuarascálacha measúnaithe FAB sin linn féachaint céard iad na príomhfhoinsí astaíochtaí i measc na n-earnálacha ar fud na limistéar riaracháin éagsúla agus a chinneadh an tráth céanna cé na fadhbanna a dtabharfaidh gach údarás áitiúil aonair tús áite dóibh.

Ba í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an príomhúdarás sa phróiseas soláthair i leith na comhairleoireachta measúnaithe FAB d'fho-réigiún lár na tíre agus bhí sí ag obair i ndlúthpháirt lenár gcomhghleacaithe in oifig ORGA Réigiún Lár na Tíre agus an Oirthir le linn na gcéimeanna tairisceana, measúnaithe tairisceana agus ceapacháin. Bhí raon feidhme na n-oibreacha i ngach tairiscint ag teacht leis an gcur chuige srathach a mholtar sna treoirlínte do na húdaráis áitiúla maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide. I Sraith 1, glacadh cur chuige ó bharr anuas i ndáil le measúnuithe FAB ar fud an chontae agus is ó bhun aníos agus ar bhonn áite a tugadh faoi Shraith 3, i gcomhair tuairisciú measúnaithe i leith na gCriosanna Dícharbónaithe. Ní mór a thabhairt ar aird freisin gur léargas ag pointe áirithe ama atá i gceist le tuarascáil measúnaithe FAB ar fhoinsí astaíochtaí GCT i limistéar ar leith.

Uirlis ríthábhachtach eile chun gníomhartha oiriúnaithe a phleanáil agus a chur i bhfeidhm is ea measúnuithe riosca um athrú aeráide (MRAA) a ullmhú. Anseo arís, thug Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, le cúnamh ó ORGA, faoi shainchomhairleoirí i réimse an mheasúnaithe riosca aeráide a fhostú chun cúig MRAA aonair a ullmhú, a bheadh saincheaptha go sonrach do gach údarás áitiúil ach ina mbainfí leas as modheolaíocht chomhsheasmhach ar fud an fho-réigiúin, thar ceann na cúig chontae i réigiún lár na tíre.

Sna leathanaigh seo romhainn, déantar achoimre ar gach tuarascáil mheasúnaithe do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i.e., an Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide, an tuarascáil mheasúnaithe maidir le Fardal Astaíochtaí Bonnlíne ar fud an Chontae agus próifíl astaíochtaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí mar atá faoi láthair.

Is doiciméid fhorlíontacha a ghabhann leis an bPlean seo iad na tuarascálacha deiridh ó na comhairleoirí maidir le FAB ar fud an Chontae, FAB don Chrios Dícharbónaithe agus an Measúnú Riosca ar Athrú Aeráide, agus tá siad ar fáil go poiblí le féachaint orthu nó le híoslódáil ó www.Offaly.ie

## Measúnú Riosca um am Athrú Aeráide

Is é is oiriúnú ann ná an cur chuige chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo de bharr an aeráid a bheith ag athrú. Is é is aidhm leis cur leis teacht aniar a chothú agus maolú a dhéanamh ar na rioscaí a ghabhann leis an athrú aeráide dár gcomhshaol, dár sochaí agus dár ngeilleagar. D'fhéadfadh deiseanna a bheith le tapú freisin de bharr an oiriúnaithe, trí fhás glas, nuálaíocht, fostaíocht agus feabhsú éiceachóras.

Leis an measúnú riosca um an athrú aeráide, cuirtear bonn eolais faoi phleanáil agus cur i bhfeidhm oiriúnaithe, ar bhonn

fianaise. Ní hionann rioscaí maidir leis an athrú aeráide agus rioscaí eile mar go mbíonn sé deacair, nó fiú dodhéanta, dóchúlacht ghearrthéarmach nó fhadtéarmach a ríomh mar gheall ar luas mór an athraithe aeráide faoi láthair. Mar sin, is féidir le measúnuithe riosca traidisiúnta, ina n-úsáidtear tomhais dóchúlachta ar bhonn staidrimh, a bheith neamhéifeachtach. Chun an t-athrú aeráide a mheasúnú, tá an riosca comhdhéanta de thrí chomhpháirt idirghaolmhara;

1 Guaiseacha: Foinsí féideartha dochair ó thaobh damáiste/caillteanas réadmhaoine/bonneagar, gortú féideartha, bás nó tionchar eile ar an tsláinte, slite beatha, soláthar seirbhísí, éiceachórais agus acmhainní comhshaoil. Leis sin, tagraímid go ginearálta do tharluithe a bhfuil baint acu leis an aeráid nó do threochtaí aeráide nó a n-iarmhairtí fisiceacha.

2. Nochtadh: Sócmhainní, bonneagair, réadmhaoin, daoine, slite beatha, speicis nó éiceachórais, feidhmeanna comhshaoil, seirbhísí, acmhainní a d'fhéadfadh a bheith faoi lé an athraithe aeráide. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le nochtadh athrú le himeacht ama, e.g., mar gheall ar athrú ar an úsáid a bhaintear as an talamh.

3. Leochaileacht: An claonadh go ndéanfaí dochar do rud. Cuimsítear leis an téarma seo íogaireacht (a thagraíonn don mhéid a ndéanfaidh guaiseacha aeráide dochar nó maitheas do rud) agus acmhainn oiriúnaitheach, rud a thagraíonn don chumas atá ag córais, institiúidí, daoine agus orgánaigh eile dul in oiriúint do dhamáiste féideartha, deiseanna a thapú nó déileáil le hiarmhairtí.

Áirítear ar na buntáistí a bhaineann le MRAAnna a fhorbairt feasacht a mhúscailt ar iarmhairtí an athraithe aeráide, rioscaí a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, freagairtí oiriúnaithe féideartha a aithint agus athruithe ar riosca a rianú agus faireachán a dhéanamh orthu, agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart oiriúnaithe.

Agus é sin go léir á chur san áireamh, agus tar éis próiseas iomaíoch tairisceana thar ceann fho-réigiún lár na tíre, cheap Comhairle Chontae Uíbh Fhailí na comhairleoirí KPMG Future Analytics chun Measúnuithe Riosca um an Athrú Aeráide a dhéanamh. Bhí raon feidhme a gcuid oibre ag teacht go mór le hIarscríbhinn Theicniúil B de na treoirlínte d'údaráis áitiúla maidir le Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide. I gcomhréir leis na treoirlínte, ghlac KPMG cur chuige cáilíochtúil (Sraith 1 – bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil agus lenar féidir scagadh a dhéanamh ar ghuaiseacha agus rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide) sa mhodheolaíocht a bhí acu chun MRAA a ullmhú.


Agus a leagan féin den Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide á ghlacadh acu in 2019, bheadh obair mhór déanta ag gach údarás áitiúil chun MRAA a ullmhú ag an am sin. Ar bhonn treoir agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, tógann MRAA an údaráis áitiúil ar an bpíosa oibre sin agus líontar an bhearna faisnéise ó 2019 go dtí an lá atá inniu ann. Glactar dhá chur chuige ar leith sa MRAA trí fhéachaint cé na rioscaí aeráide agus cé na tionchair ar an aeráid atá i gceist faoi láthair agus, an tráth céanna, trí mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na tionchair a bheidh i gceist amach anseo.

Ar dtús d'fhorbair KPMG próifíl de Chontae Uíbh Fhailí laistigh de réigiún lár na tíre, ag féachaint dóibh ar shaintréithe fisiceacha agus comhshaoil mar aon le saintréithe socheacnamaíocha. Rinne siad doiciméadú ar athruithe a tháinig ar aeráid Uíbh Fhailí, agus bhí siadsan ag teacht le treochtaí ar fud na hÉireann. Chomh maith leis sin, d'ullmhaigh siad próifíl guaise aeráide d'Uíbh Fhailí inar sonraíodh tarluithe suntasacha aeráide agus aimsire thar thréimhse daichead bliain ó 1982-2022. Léiríodh gurbh iad drochstoirmeacha gaoithe an tarlú aimsire ba mhinice a tharla, agus gur gach bliain nó dhó a tharla siad. Sa dara háit i measc na dtarluithe aimsire ba mhinice bhí tuilte abhann. Bhí siadsan sa chatagóir 'minic', nó gach bliain nó dhó, agus sna sála orthu sin bhí tonnta teasa, tarluithe a bhí 'coitianta' ó thaobh minicíochta de, nó gach 2 go 10 mbliana.

Ansin d'fhéach KPMG ar nochtadh, leochaileacht agus tionchar na rioscaí aeráide faoi láthair, amhail na cinn a tharla le linn Stoirm Ali in 2018 nuair a fágadh 2450 saoránach gan chumhacht. Nuair a thit sneachta trom in 2018 le linn Stoirm Emma, dúnadh bóithre agus cuireadh isteach ar an iompar ar fud an chontae, agus chuaigh na teochtaí móra in 2022 i bhfeidhm ar línte iarnróid sa chontae, rud a chuir isteach ar chomaitéirí toisc gur laghdaíodh luasteorainneacha na dtraenacha.

Déantar anailís sa MRAA ar na príomhthionchair agus príomhnochtuithe (agus na príomhleochaileachtaí) i gcomhthéacs ginearálta fisiceach/sóisialta/comhshaoil, agus freisin sa chomhthéacs níos sainiúla a bhaineann le seirbhísí an údaráis áitiúil féin, i ndáil le hocht gcinn de phríomhghuaiseacha aeráide a sainaithníodh i leith Uíbh Fhailí, i.e. Tonn Teasa, Triomach, Fuacht, Sneachta Trom, Stoirm Mhór Ghaoithe, Tuile de bharr Baistí, Tuile Abhann agus Tuile Screamhuisce. Ar bhonn na sonraí sin go léir, ullmhaíodh an Mhaitrís seo ina léirítear Tionchar na hAeráide faoi láthair:


## Maitrís na Rioscaí Aeráide atá ann faoi láthair




**Léiríonn an mhaitrís rioscaí thuas na rioscaí atá ann faoi láthair i dtaobh na nguaiseacha a aithníodh i gContae Uíbh Fhailí**

***Fíor 2.1:*** *Léirítear sa Mhaitrís Rioscaí leibhéal na rioscaí faoi láthair maidir le guaiseacha a aithníodh i gContae Uíbh Fhailí.*
*Foinse: Offaly County Council Climate Change Risk Assessment, 2023.*

## Minicíocht na dTeagmhas a Aithníodh de réir Catagóire (1982-2022)




***Fíor 2.2:*** *Minicíocht na dTeagmhas Aeráide a Aithníodh de réir catagóire in Uíbh Fhailí*
*Foinse: Offaly County Council Climate Change Risk Assessment, 2023.*

D'fhéach KPMG ina dhiaidh sin ar réamh-mheastacháin aeráide do Chontae Uíbh Fhailí go dtí 2050 agus scrúdaigh siad na rioscaí aeráide agus an tionchar ar an aeráid amach anseo. Tugtar faoi deara go bhféadfadh méadú nó laghdú teacht ar rioscaí aeráide amach anseo, nó go bhféadfadh cinn nua a theacht i gceist, mar gheall ar athrú ar mhinicíocht agus ar dhéine na nguaiseacha aeráide agus/nó athruithe ar nochtadh agus leochaileacht.

Arís, réamh-mheasadh cé na hocht bpríomhghuais aeráide a bheadh i gceist go dtí 2050 agus measadh gur in olcas a rachaidh tonnta teasa agus triomaigh, mar aon le tuilte báistí agus tuilte abhann agus gur laghdú ó thaobh minicíochta de a thiocfaidh ar thréimhsí fuara agus sneachta trom. Tá leibhéil arda neamhchinnteachta fós ann maidir leis na hathruithe ar mhinicíocht na ndrochstoirmeacha gaoithe agus na dtuilte faoi thalamh. D'fhéach na comhairleoirí freisin ar na hathruithe ar nochtadh agus leochaileacht a bheidh ag gabháil le hathruithe amach anseo ar mhinicíocht na dtarluithe suntasacha aeráide.


*Doire Mór, An Phailís, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí*

Tugtar léargas air sin sa Mhaitrís Tionchair Aeráide:

## Maitrís na Rioscaí Aeráide a bheidh ann amach anseo




**Léirítear sa mhaitrís rioscaí thuas na rioscaí a bheidh ann i dtaobh na nguaiseacha a aithníodh i gContae Uíbh Fhailí I gcás gach guaise tugtar marcóir soladach, a léiríonn an riosca sa todhchaí, agus marcóir toll a léiríonn an riosca atá ann faoi láthair. Léiríonn an líne poncanna idir na marcóirí an t-athrú idir an riosca atá ann anois agus an riosca a bheidh ann amach anseo.**

***Fíor 2.3:*** *Maitrís rioscaí ina léirítear an t-athrú a d'fhéadfadh teacht ar leibhéal na rioscaí amach anseo sa Chontae*
*Foinse: Offaly County Council Climate Change Risk Assessment, 2023.*

Chun cur leis an teacht aniar atá ionainn, beidh ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh agus oiriúnú do na rioscaí athraithe aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, mar a sainaithníodh sa MRAA.

## Fardal Bonnlíne ar fud an Chontae

Tá sé ríthábhachtach astaíochtaí bonnlíne a chinneadh agus a thuiscint chun treoir a thabhairt do phlean gníomhaithe ar son na haeráide gach údaráis áitiúil. Ní mór teacht ar thuiscint ar an gcomhthéacs áitiúil ó thaobh fuinnimh agus astaíochtaí agus ar shaintréithe áitiúla chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha maolaithe fiúntacha agus a chinntiú go mbeidh acmhainní an údaráis áitiúil dírithe ar na hearnálacha astaíochtaí atá ábhartha dá n-údarás áitiúil.

Is féidir le FAB i leith chontae Uíbh Fhailí ar fad léargas ardchaighdeáin ag pointe áirithe ama a thabhairt ar shonraí maidir le hastaíochtaí GCT ar fud roinnt earnálacha amhail:

- An earnáil chónaithe,
- An earnáil tráchtála agus tionsclaíoch,
- Próisis thionsclaíocha,
- Talmhaíocht,
- Iompar,
- Dramhaíl agus Dramhuisce
- Talamhúsáid, Athrú ar an Talamhúsáid agus Foraoiseacht (LULUCF).

Tar éis próiseas iomaíoch tairisceana, arís thar ceann na gcúig chontae i lár na tíre atá i bhfo-réigiún ORGA Lár na Tíre agus an Oirthir, cheap Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Fehily Timoney ina gcomhairleoirí chun cúig mheasúnú aonair FAB ar fud an Chontae a dhéanamh agus an cur chuige comhsheasmhach céanna á ghlacadh acu ar fud an fho-réigiúin. Rinneadh raon feidhme a n-oibreacha a ailíniú le hIarscríbhinn Theicniúil C de na treoirlínte d'údaráis áitiúla maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus shonraigh gach ceann de na cúig chontae sin gur cur chuige ó bharr anuas (Sraith 1) is fearr a d'oirfeadh dóibh i leith na tuarascála measúnaithe i bhfianaise na taithí atá acu faoi láthair ar FAB a ullmhú, anailís a dhéanamh air agus ionramháil sonraí. Samhlaítear, le himeacht ama agus le haghaidh leaganacha nua amach anseo de Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide a ullmhóidh údaráis áitiúla, go mbeidh a ndóthain eolas agus saineolais acu féin chun tuarascálacha measúnaithe FAB de chineál Shraith 2 nó Shraith 3 a fhorbairt.

Sa mheasúnú FAB a rinne Fehily Timoney, cinntear céard iad na hastaíochtaí bonnlíne GCT ó earnálacha éagsúla den tsochaí sa chontae in 2018, rud a fhágann gur féidir le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a thomhas cén laghdú ar astaíochtaí atá riachtanach chun an sprioc laghdaithe astaíochtaí de 51% a bhaint amach faoin mbliain 2030.

An sprioc náisiúnta i dtaobh astaíochtaí a laghdú 51% faoi dheireadh 2030, tá sí bunaithe ar na hastaíochtaí GCT a tuairiscíodh i leith dheireadh na bliana 2018, san fhardal náisiúnta astaíochtaí GCT.  Dá réir sin, is i gcoibhneas le 2018 a shonraítear na sonraí a tiomsaíodh agus a ndearnadh anailís orthu chun FAB Uíbh Fhailí a ullmhú, nó leis an mbliain is gaire do 2018 a bhfuil sonraí againn ina leith.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil spriocanna éagsúla ann maidir le laghdú astaíochtaí i gcás earnálacha éagsúla i.e., an earnáil chónaithe 40%, próisis thionsclaíocha 35%, talmhaíocht 25%, agus tá sprioc laghdaithe astaíochtaí 51% ag an earnáil phoiblí atá ag teacht leis na spriocanna náisiúnta.

Léiríonn torthaí na tuarascála measúnaithe FAB ar fud an chontae gur ghin Uíbh Fhailí 1.45m tCO2-eq le linn na bliana bonnlíne 2018.  Is féidir miondealú a dhéanamh air sin mar seo a leanas:

| Earnáil 2018 | Astaíochtaí TCO2-eq | Miondealú % |
|---|---|---|
| An earnáil chónaithe | 251,999 | 17% |
| An earnáil tráchtála agus thionsclaíoch | 100,043 | 7% |
| Talmhaíocht | 9,787 | 1% |
| Iompar | 686,677 | 47% |
| Dramhaíl agus Fuíolluisce | 251,102 | 17% |
| LULUCF | 14,154 | 1% |
| Iomlán | 137,115 | 9% |
| **Total** | **1,450,877** | **100%** |

***Table 2.1:*** *Torthaí na tuarascála measúnaithe BEI ar fud an chontae, Astaíochtaí gás ceaptha teasa de réir earnála don bhonnlíne 2018 (Foinse: Baseline Emissions Inventory for County Offaly, 2023)*

Sa tuarascáil measúnaithe FAB i leith na chontae go léir, déantar gach earnáil a mhiondealú chun léargas breise a thabhairt ar fhoinsí astaíochtaí i.e., cineálacha breosla chun áitribh san earnáil chónaithe a théamh, cineálacha feithiclí faoin earnáil iompair, cineál beostoic faoin earnáil talmhaíochta srl.

Arís eile, is é an buntáiste a bhaineann le tuarascáil mheasúnaithe FAB a bheith ullmhaithe sular tosaíodh ag dréachtú ár bPlean

Gníomhaithe ar son na hAeráide ná go bhfuilimid ag obair ar bhonn fianaise ardchaighdeáin a fhágann go bhfuil tuiscint againn ar thionchar na ngníomhartha éagsúla, agus gur féidir linn foinsí fadhbanna a aithint agus a chinneadh cén áit is fearr na hiarrachtaí maolaithe a dhíriú, deiseanna a shainaithint agus gníomhartha éifeachtacha a cheapadh chun cabhrú le hastaíochtaí a laghdú.

Léiríonn príomhthorthaí an mheasúnaithe FAB ar fud an chontae gur ón talmhaíocht a thagann 47% de na hastaíochtaí, rud a mbeifeá ag súil leis i gcás contae tuaithe ina bhfuil beagnach ceathrú milliún bó eallaigh/déiríochta agus ceathrú milliún ainmhithe eile idir chaoirigh, mhuca agus éanlaith chlóis. Ó eallach/ba a thagann 92% de na hastaíochtaí ón mbeostoc. Is ó bheostoc a thagann 73% d'iomlán na n-astaíochtaí ón talmhaíocht agus tagann an 27% eile ó ithreacha bainistithe. Faoi LULUCF, astaíonn féarthailte beagnach aon cheathrú milliún eile $tCO^2$-eq.

Dil mór suntais i measc na bhfigiúirí in FAB Uíbh Fhailí is ea gur ón earnáil chónaithe a thagann 17% de na hastaíochtaí iomlána (251,999 $tCO^2$-eq). Dheimhnigh ár gcomhairleoirí gur i réigiún lár na tíre atá an céatadán is airde d'astaíochtaí ón earnáil chónaithe sa tír, agus gur in Uíbh Fhailí atá na leibhéil is airde i lár na tíre. Sa dara háit atá na hastaíochtaí ón earnáil chónaithe in Uíbh Fhailí, agus an t-iompar atá sa dara háit i gcás gach contae eile i lár na tíre.

D'fhéadfadh sé gur mar sin atá mar gheall ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear móin agus brícíní móna, a bheith á n-úsáid go forleathan chun áiteanna cónaithe a théamh ar fud Uíbh Fhailí sa bhliain bhonnlíne 2018.



*Bogaigh Thulach Mhór (Abhainn Thulach Mhór), Cill Chruitín, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí*

Leis sin freisin, dírítear aird ar réimse ina bhféadfaí tosaíocht a thabhairt i bplean an údaráis áitiúil do ghníomhartha atá dírithe ar astaíochtaí na hearnála cónaithe a laghdú, trí bhearta ar nós cláir iarfheistithe tithíochta, fuinnimh in-athnuaite, téamh geoiteirmeach, téamh ceantair agus aghaidh a thabhairt ar an tearcrochtain fuinnimh i gcomhréir le beartais agus cuspóirí náisiúnta.

Is fianaise é an measúnú FAB ar fud an chontae ar an ról indíreach atá ag an údarás áitiúil maidir le hastaíochtaí a laghdú, i.e.

3) Tionchar indíreach ar astaíochtaí ar fud an chontae (comhoibriú, éascú, feasacht, cur chun cinn leis an earnáil phríobháideach, etc.)

Chomh maith leis sin, is bealach é inar féidir leis an údarás áitiúil tionchar iomlán a astaíochtaí díreacha féin a mheas ar leibhéal an chontae.


## Astaíochtaí Díreacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí

De réir an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 de chuid an rialtais, léireoidh an earnáil phoiblí an bealach trí dhea-shampla a thabhairt, agus í ag spreagadh an ghníomhaithe aeráide is gá sa mhórshochaí chun astaíochtaí GCT na hÉireann a laghdú faoi 2030. Tá sprioc earnála foriomlán de laghdú 51% ar leibhéil GCT leagtha síos don earnáil phoiblí agus, mar údarás áitiúil, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as a cuid astaíochtaí díreacha GCT a laghdú ina limistéar riaracháin;

1) Astaíochtaí díreacha ó oibríochtaí agus seirbhísí an údaráis áitiúil (soilsiú poiblí, feithiclí, foirgnimh agus saoráidí atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil nó á bhfeidhmiú aige)

Le blianta fada anuas tá gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, ag tuairisciú a n-úsáide fuinnimh agus a n-astaíochtaí GCT gach uile bhliain do SEAI faoina gclár Faireacháin agus Tuairiscithe. Is dearbhú éigeantach i ndáil le fuinneamh agus astaíochtaí é sin, agus ní mór do gach údarás áitiúil é a dhéanamh uair sa bhliain. Bíonn ar gach údarás áitiúil rianú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáideann sé, a éifeachtúlacht fuinnimh agus a astaíochtaí GCT, agus treochtaí le himeacht ama a aithint.

Ar bhonn an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (leasú), 2021 agus an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 a rinneadh ina dhiaidh sin, tugadh bonn dlíthiúil do spriocanna uaillmhianacha nua um éifeachtúlacht fuinnimh




***Fíor 2.4:** Feabhas ar an Éifeachtúlacht Fuinnimh (2009-2020), Dul chun cinn ón mbonnlíne go dtí sprioc 2020.*
*(Foinse: Offaly County Council PB-00377 Energy and Decarbonisation Pathway to 2030)*

agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ní mór d'údaráis áitiúla éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú 50% agus astaíochtaí GCT a laghdú 51% faoi dheireadh na bliana 2030.

Is é 2009 an bhliain bhonnlíne maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh, agus is é 2016-2018 an tréimhse bhonnlíne i ndáil le laghdú astaíochtaí. Is dearbhsprioc í an sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú, i.e. beag beann ar líon na bhfoirgneamh nua a bheidh faoi shainchúram an údaráis áitiúil, nó ar an méadú ar líon na foirne nó ar shoilse poiblí nua a suiteálfar nó feithiclí a cheannófar nó a gheofar ar léas, ní thiocfaidh aon athrú ar an sprioc maidir le laghdú 51% a bhaint amach ar leibhéal astaíochtaí na bliana 2018. I gcás Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, uasteorainn 1,507 tCO2 atá i gceist.

Cé go mbíonn torthaí éifeachtúlachta fuinnimh ag brath ar roinnt méadrachtaí éagsúla, d'éirigh le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí leanúint ar aghaidh leis an aistear chun cur lena héifeachtúlacht fuinnimh le roinnt blianta anuas. Mar shampla, socraíodh spriocanna náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh don earnáil phoiblí ar dtús ag 33% faoi dheireadh na bliana 2020, ach d'éirigh le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an sprioc sin a shárú trí éifeachtúlacht fuinnimh 35.5% a bhaint amach. Tá an treocht sin fós i réim. Léiríonn sonraí tosaigh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ó thairseach Faireacháin agus Tuairiscithe SEAI go dtí deireadh na bliana 2022 ráta méadaithe 40.2% in éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne. Chabhraigh dícharbónú na heangaí náisiúnta leis an bhfeabhas sin ar éifeachtúlacht fuinnimh mar gheall go bhfuil níos mó fuinneamh in-athnuaite á úsáid agus níos lú breoslaí iontaise.

Mar chuid dár mbailiú sonraí ar bhonn fianaise, tá príomhfhoinsí astaíochtaí na heagraíochta miondealaithe againn mar seo a leanas:

- Leictreachas ón Eangach
- Breoslaí iompair
- Gás nádúrtha
- Téamh le hOla

Tá mórúsáideoirí fuinnimh na heagraíochta sainaitheanta againn freisin agus táimid fós ag tabhairt faoi dhianiniúchtaí fuinnimh ar ár bpríomhfhoirgnimh trí Iniúchtaí Fuinnimh SI426. Leis na hiniúchtaí aonair sin ar ídiú fuinnimh i bhfoirgneamh, spreagtar píblíne tionscadal faoina ndéanfar iarfheistiú domhain ar gach foirgneamh chun cur go mór lena éifeachtúlacht fuinnimh agus chun a astaíochtaí GCT a laghdú.

Tar éis di clárú le Clár *Pathfinder* SEAI in 2023, glacfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí céim mhór chun dul i ngleic le hastaíochtaí teasa teirmeacha na heagraíochta thar shaolré an chláir trí bliana.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an bhflít feithiclí a dhícharbónú: ceannaíodh cúig fheithicil leictreacha in ionad feithiclí díosail a bhíodh againn, agus tá dhá inneall deisithe nua *Velocity* á rith ar ola glasraí hidrea-chóireáilte (HVO). Tá bainisteoir an fhlít ag baint triail faoi láthair freisin as breosla HVO, a tháirgeann 90% níos lú carbóin ná gnáthbhreosla iontaise, i roinnt feithiclí móra a dhéanann cothabháil ar na bóithre.

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Mar chuid den chéim thionscnaimh den phróiseas reachtúil chun plean a dhéanamh, thug Foireann Aeráide Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi sceideal fairsing gníomhaíochtaí rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara sular tugadh faoin dréacht a scríobh. Áiríodh leis sin plé le páirtithe leasmhara san eagraíocht féin, ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2023, agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara seachtracha a thosaigh in Aibreán 2023 le daoine aonair, gnólachtaí, gníomhaireachtaí agus grúpaí sa mhórphobal. Ba é an cuspóir a bhí leis an rannpháirtíocht luath sin ná páirtithe leasmhara a spreagadh chun a dtuairim a thabhairt maidir le hullmhú agus forbairt an phlean gníomhaithe ar son na haeráide.

Tugadh faoin rannpháirtíocht trí chruinnithe aonair, cruinnithe grúpa, cuir i láthair, ceardlanna, na meáin chlóite, na meáin shóisialta, raidió áitiúil agus aighneachtaí scríofa chuig an seoladh ríomhphoist atá againn chuige sin.  Tá Tuarascáil um Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara curtha le chéile ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus tá an doiciméad sin ina fhorlíonadh a ghabhann le PGA an údaráis áitiúil.



# CREAT GNÍOMHARTHA

*Geilleagar a bhfuil Teacht Aniar ann i leith na hAeráide, atá Saibhir ó thaobh na Bithéagsúlachta de, atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de agus atá Neodrach ó thaobh na hAeráide a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.*

## Fís an Phlean

Geilleagar a bhfuil Teacht Aniar ann i leith na hAeráide, atá Saibhir ó thaobh na Bithéagsúlachta de, atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de agus atá Neodrach ó thaobh na hAeráide a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

## Misean an Phlean

Léireoidh údaráis áitiúla Uíbh Fhailí ceannaireacht trínár spriocanna astaíochtaí agus fuinnimh a bhaint amach faoi 2030. Agus é sin á dhéanamh againn beimid ag stiúradh na mórshochaí agus ag tacú léi chun cur lena cumas teacht aniar a chothú i leith na haeráide agus cur leis an bhfeasacht ar an athrú aeráide ar mhaithe le sochaí ísealcharbóin a bhaint amach.

Tá creat na ngníomhartha atá sa Phlean seo roinnte ina 6 réimse ina ndírítear ar théamaí éagsúla. Seasann gach fócas téamach leis féin agus tá feidhm thrastéamúil i gceist freisin. Faoi gach fócas téamach, luaitear sprioc straitéiseach uileghabhálach don réimse fócais sin. Déantar an sprioc straitéiseach sin a mhiondealú tuilleadh ina liosta cuspóirí sonraithe. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, beartaítear gníomhartha SMART a chur i bhfeidhm le linn shaolré cúig bliana an Phlean. Beidh fócas inmheánach, fócas seachtrach nó fócas comhcheangailte ag gníomhartha a chuimsítear faoi gach cuspóir téamach agus beidh éifeacht mhaolaithe, éifeacht oiriúnaithe nó an dá rud acu.

Agus an Plean seo á fhorbairt, rinneadh gach iarracht ailíniú le gealltanais idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus earnála maidir le gníomhú aeráide. Gealltar sa Phlean seo freisin go ndéanfar breithniú ar aon ghníomhartha, bearta nó moltaí ábhartha a thabharfar cothrom le dáta i leaganacha nua den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide i leith na tíre uile, nó a leithéid, thar shaolré an Phlean. Liostaítear thíos cuid de na pleananna a breithníodh agus an PGA seo á fhorbairt:

- Na hAchtanna um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015-2021
- An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 & 2023
- Plean Forbartha Chontae Uíbh Fhailí 2021-2027
- An Ciste um Aistriú Cóir a bhunaigh an tAontas Eorpach
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021
- An Creat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin
- Straitéis Uíbh Fhailí um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí 2022-2027
- *Delivering Effective Climate Action*
- Straitéis Spáis Réigiúnach Eacnamaíoch do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre
- Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



*An Spinc, Sliabh Bladhma, Baile Mhic Ádaim, Co. Uíbh Fhailí, 6 Iúil 2018*

# RIALACHAS AGUS CEANNAIREACHT

**Déantar an t-athrú aeráide a phríomhshruthú agus a chomhtháthú i ngach feidhm agus gníomhaíocht de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus cuirtear prótacail oibriúcháin, nósanna imeachta agus beartais i bhfeidhm chun freagra cuí a thabhairt ar éagsúlacht na dtionchar a bhaineann leis an athrú aeráide.**

| Cuspóir Uimh. | Gníomh | Oiriúnú / Maolú / Oiriúnú agus Maolú | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Rannóg Stiúrtha | Comhpháirtithe | Fráma ama | Ag brath ar na nithe seo a leanas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G1.1 | Ceannaireacht a léiriú maidir le gníomhú aeráide | | | | | | |
| G1.1.1 | Sa ról atá acu mar cheannairí sa ghníomhú aeráide, beidh ar údaráis áitiúla úinéireacht stuama a léiriú i leith spriocanna comhaontaithe agus i leith an chumais an gníomhú aeráide a chomhtháthú i gcroíphróisis ceaptha beartais, i mbeartú tosaíochta agus i mbuiséid a n-eagraíochtaí. | Oiriúnú agus Maolú | Beartais agus bearta oiriúnaithe agus maolaithe a bheith san áireamh i bPleananna Ceantair Áitiúla, Pleananna Foirne agus Pleananna Forbartha Pearsanta | Pleanáil | RTRÁO, an Rannóg Acmhainní Daonna, Baill Foirne Phleanála | Bliantúil | An Rialtas Láir |
| G1.1.2 | Crann taca a ainmniú ar leibhéal na hardbhainistíochta a bhíonn ag plé le cúrsaí aeráide agus inbhuanaitheachta | Oiriúnú agus Maolú | Duine den fhoireann ardbhainistíochta a bheith ainmnithe | Corparáideach | An fhoireann ardbhainistíochta | 2024 | Ceann ar bith |
| G1.2 | A chinntiú go ndéantar gníomhú aeráide a phríomhshruthú i ngach gníomhaíocht agus oibríocht | | | | | | |
| G1.2.1 | Beartais, cuspóirí agus caighdeáin oiriúnaithe agus maolaithe carbóin atá san áireamh i bPlean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 a chur chun cinn agus tacú leo, agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe íogaire den chomhshaol amhail láithreáin Eorpacha, bithéagsúlacht, agus cáilíocht an aeir agus an uisce. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na n-iarratas pleanála a fhaightear a bheidh i gcomhréir le beartais agus cuspóirí | Pleanáil | Rannóga eile de chuid an údaráis áitiúil, Gníomhairí, Forbróirí, RTRÁO | Bliantúil | Gach Rannóg, forbróirí |
| G1.2.2 | Maoiniú a lorg le haghaidh staidéar féidearthachta chun bearta a fhiosrú agus a mholadh i dtaobh aghaidh a thabhairt ar thearcrochtain fuinnimh agus táirgeadh astaíochtaí mar gheall go mbítear ag brath go forleathan ar dhó móna mar fhoinse teasa sa bhaile | Maolú | Staidéar féidearthachta a bheith críochnaithe | An Fhoireann Aeráide | Baill foirne na gCeantar Bardasach, an Rannóg Tithíochta | 2026 | Maoiniú |
| G1.2.3 | Comhoibriú le heagraíochtaí Éireannacha eile a shínigh Misean an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide maidir le hiarratais ar mhaoiniú | Oiriúnú | Líon na n-iarratas ar mhaoiniú a chuirtear isteach | An Fhoireann Aeráide | Comhairlí Contae nó Cathrach Shligigh, na Gaillimhe, Lú, Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath | Bliantúil | Glaonna maoinithe |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G1.2.4 | Straitéis um Sholáthar Poiblí Glas a fhorbairt do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí | Oiriúnú agus Maolú | Straitéis a bheith i bhfeidhm | An Rannóg Airgeadais | Gach rannóg | 2024 | Acmhainní Buiséid |
| G1.2.5 | Soláthar glas a chur chun cinn i ndáil le hearraí, seirbhísí agus oibreacha chun tacú le cuspóirí comhshaoil agus forbartha inbhuanaithe níos leithne, chun cabhrú le cothromaíocht a bhaint amach idir éifeachtúlacht costais agus forbairt inbhuanaithe, agus chun luach ar airgead a bhaint amach sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse. | Oiriúnú agus Maolú | % na gconarthaí ina mbaintear leas as critéir soláthair phoiblí ghlais | Gach rannóg | Oifig an tSoláthair | gearrthéarmach | Soláthar |

## G1.3 Cur leis an acmhainneacht atá ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun gníomh éifeachtach a dhéanamh ar son na haeráide

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G1.3.1 | A chinntiú go gcothófar agus go bhfeabhsófar an cumas atá ag an údarás áitiúil maidir le comhlíonadh spriocanna i dtaobh gníomhú aeráide, trí oiliúint ábhartha maidir le gníomhú aeráide a chur ar fáil do bhaill foirne an údaráis áitiúil nuair is gá. | Oiriúnú agus Maolú | % den Fhoireann Pleanála a gcuirfear oiliúint athnuachana orthu maidir le gníomhú aeráide | An Rannóg Acmhainní Daonna | An Rannóg Acmhainní Daonna | Bliantúil | An Rannóg Acmhainní Daonna |
| G1.3.2 | A bheith inár n-eiseamláir trí chleachtais oibre cumaisc a chur i bhfeidhm agus obair ón mbaile a éascú chun am taistil agus achar taistil na bhfostaithe a laghdú | Maolú | Líon na laethanta oibre cumaisc a chuirtear isteach in aghaidh na bliana | Gach rannóg | An Rannóg Acmhainní Daonna, Rannóg na gCóras Faisnéise, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil | gearrthéarmach | An Lucht Bainistíochta |
| G1.3.3 | Cuidiú leis na rannóga aistriú chuig foirmeacha ar líne agus comhairliúcháin phoiblí ar líne agus gan a oiread úsáide a bhaint as próisis atá bunaithe ar pháipéar | Maolú | Ba cheart foirmeacha nua a chur ar fáil go leictreonach agus a líonadh isteach ar líne, in ionad leaganacha is féidir a phriontáil a chur ar fáil | Gach rannóg | submit.com | 2027 | Acmhainní Buiséid |

## G1.4 Deiseanna a aithint a d'fhéadfadh teacht as dúshlán an athraithe aeráide

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G1.4.1 | Leas a bhaint as an Tuarascáil maidir le Comhtháthú Ionad Sonraí agus í a chur chun cinn | Maolú | Feachtas Margaíochta ceaptha agus scaipthe | Forbairt Eacnamaíoch i gComhairle Contae Uíbh Fhailí | NODF, An Oifig Fiontair Áitiúil | 2024-2025 | Buiséad, Margaíocht agus Acmhainní |
| G1.4.2 | Straitéis Gheilleagrach agus Forbartha Uíbh Fhailí a chur i bhfeidhm, go háirithe an Teicneolaíocht Ghlas. | Oiriúnú agus Maolú | Maoiniú i leith ról Oifigigh Forbartha Eacnamaíche | Forbairt Eacnamaíoch | NODF, Offaly Innovation & Design Centre CLG, Páirtithe leasmhara príobháideacha | 2024-2025 | Acmhainní |
| G1.4.3 | Comhlíonfaidh Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí na spriocanna go léir a bhaineann le Gníomhú Aeráide mar a leagtar amach sa Straitéis nua Náisiúnta um Leabharlanna Poiblí 2023-2027, Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid. (Féach Aguisín 2 i gcomhair crostagairtí do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe) | Oiriúnú agus Maolú | Líon na spriocanna a bhainfear amach | An tSeirbhís Leabharlainne | RFTP, an Coiste um Fhorbairt na Leabharlainne, GBRÁ | 2023 -2027 | Acmhainní foirne, buiséid, saineolas agus tacaíocht |
| G1.4.4 | Bainfidh Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí amach na spriocanna uile a bhaineann le Gníomhú Aeráide mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Leabharlainne 2024-2028, atá á ullmhú faoi láthair. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na spriocanna a bhainfear amach | An tSeirbhís Leabharlainne | RFTP, an Coiste um Fhorbairt na Leabharlainne, GBRÁ | 2024-2028 | Acmhainní foirne, buiséid, saineolas agus tacaíocht theicniúil |
| G1.4.5 | Leanfaidh Comhairle Contae Uíbh Fhailí ag baint úsáid as an Maoiniú um Aistriú Coir ón Aontas Eorpach, agus á chur sin chun cinn, i ndáil le sásraí gach colúin agus glao ar leith. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na dtionscadal a mhaoinítear | Aistriú Cóir | An Fheidhm Phleanála, An Fhoireann Aeráide, Turasóireacht | 2024-2027 | Incháilitheacht i gcomhair maoiniú, próisis iomaíocha |

DECA 2030

**Delivering Effective Climate Action 2030**

Strategic Goal Alignment

SG1 SG2 SG3 SG5

**Rialachas agus Ceannaireacht, Offaly CAP 2024-2029**

Contributes to 8 out of the 17 goals

5 GENDER EQUALITY · 7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY · 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES · 12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION · 13 CLIMATE ACTION · 15 LIFE ON LAND · 16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS · 17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

# AN TIMPEALLACHT THÓGTHA

**A chinntiú go mbeidh acmhainn mhéadaithe ann le haghaidh bonneagar struchtúrach atá seasmhach ó thaobh na haeráide de agus atá dírithe ar bhainistiú éifeachtach riosca aeráide, ar chinntí infheistíochta a bhfuil bonn eolais fúthu agus ar chuidiú le baint amach sochaí ísealcharbóin.**

| Cuspóir Uimh. | Gníomh | Oiriúnú / Maolú / Oiriúnú agus Maolú | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Rannóg Stiúrtha | Comhpháirtithe | Fráma ama | Ag brath ar na nithe seo a leanas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BE2.1 | Cur le héifeachtúlacht fhoirgnimh na comhairle agus a gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i gcomhréir le spriocanna 2030 | | | | | | |
| BE2.1.1 | Coinneáil leis an iarfheistiú ar stoc tithíochta sóisialta an údaráis áitiúil faoin gClár Náisiúnta Iarfheistithe; agus aird chuí á tabhairt ar nithe atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de amhail gnéithe daonna den timpeallacht thógtha, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, agus an gá atá le haire chuí a thabhairt do dhéanmhais chosanta i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha um dhéanmhais chosanta. | Maolú | Líon na dteaghaisí a dhéanfar a iarfheistiú | An Rannóg Tithíochta | RTRÁO | Bliantúil | Maoiniú ó RTRÁO, fáil a bheith ar mhaoiniú meaitseála, fáil a bheith ar lucht ceirde |
| BE2.1.2 | Iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh ar na foirgnimh chorparáideacha go léir de réir mar is cuí, agus úsáid a bhaint as an uirlis 'Gap to Target' chun bonn eolais a chur faoi thionscadail fuinnimh | Maolú | Líon na n-iniúchtaí fuinnimh a chuirfear i gcrích | An Fhoireann um Ghníomhú Fuinnimh | Na Ceantair Bhardasacha, Leabharlanna, an Rannóg Tithíochta, an tSeirbhís Dóiteáin | Bliantúil | Maoiniú ó na rannóga |
| BE2.1.3 | Uasghrádú a dhéanamh ar na foirgnimh chorparáideacha faoin tionscadal Pathway chun spriocanna na bliana 2030 a bhaint amach, agus aird chuí á tabhairt ar nithe atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de amhail gnéithe daonna den timpeallacht thógtha, láithreáin Eorpacha agus an bhithéagsúlacht, agus an gá atá le haire chuí a thabhairt do dhéanmhais chosanta i gcomhréir leis na rialacháin ábhartha um dhéanmhais chosanta. | Maolú | Líon na bhfoirgneamh corparáideach a ndéanfar iarfheistiú orthu faoi Pathway | Gníomhú Aeráide | An Fhoireann Aeráide, an Fhoireann Fuinnimh, baill foirne na gCeantar Bardasach | 2024 – 2030 | Maoiniú |
| BE2.1.4 | An cúram a chur ar Innealtóir Fuinnimh tionscadail agus feachtais éifeachtúlachta fuinnimh a threorú | Maolú | Ról a shainiú do dhuine áirithe | Gníomhú Aeráide | An bainisteoir saoráidí, an Rannóg Tithíochta, baill foirne na gCeantar Bardasach | 2024-2029 | Acmhainní an údaráis chun an post a mhaoiniú, an méid fuinnimh a spárálfar |
| BE2.1.5 | Bolgáin LED a chur sna soilse poiblí eile go léir de réir chonradh an chláir náisiúnta um éifeachtúlacht fuinnimh na soilse poiblí (PLEEP), agus aird chuí á tabhairt ar an tionchar a bheidh ag an speictream solais a úsáidtear ar speicis oíche faoi chosaint, amhail an ialtóg. | Maolú | % na soilse poiblí a gcuirfear bolgáin LED iontu | Dearadh Bóithre | TII, RMO | 2024 | Conraitheoir a bheith ar fáil faoi chonradh PLEEP |
| BE2.1.6 | Féachaint ar an deis atá ann forbairt a dhéanamh ar an gcur chuige atá againn maidir le hiarfheistiú chun bheith neodrach ó thaobh fuinnimh de, agus foinsí maoinithe ina leith sin | Maolú | Iarratas ar mhaoiniú a bheith déanta | An Fhoireann um Ghníomhú Fuinnimh | An Fhoireann Aeráide, an Bainisteoir Saoráidí, Bainisteoirí Foirgnimh | 2024-2029 | Maoiniú a bheith ar fáil |

## BE2.2 Ailíniú le treoracha maidir le fuinneamh, agus spriocanna 2030 a bhaint amach

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BE2.2.1 | Faoi threoir na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (atá le glacadh i lár 2023), suiteálacha oiriúnacha fuinnimh gréine a chur ar gach foirgneamh poiblí agus foirgneamh neamhchónaithe nua ag a bhfuil achar urláir úsáideach os cionn 250m2 faoin 31 Nollaig 2026, ar gach foirgneamh poiblí agus foirgneamh neamhchónaithe atá ann cheana féin a bhfuil athchóiriú mór nó domhain á dhéanamh air agus ag a bhfuil achar urláir úsáideach os cionn 400m2 faoin 31 Nollaig 2027, agus ar gach foirgneamh cónaithe nua faoin 31 Nollaig 2029. | Maolú | Plean feidhmithe a bheith comhaontaithe | An Fhoireann um Ghníomhú Fuinnimh | An Fhoireann Aeráide, an Bainisteoir Saoráidí, Bainisteoirí Foirgnimh | 2024-2029 | Maoiniú a bheith ar fáil |
| BE2.2.2 | I gcás foirgnimh chorparáideacha nua atá le tógáil agus le pleanáil feasta, féachaint chuige go rannchuideofar le baint amach spriocanna na Comhairle i leith na haeráide | Maolú | % de chonarthaí oibre tógála caipitiúla ina mbeidh feidhm ag critéir éifeachtúlachta fuinnimh | Gach rannóg | Innealtóir Fuinnimh agus an Fhoireann um Ghníomhú Aeráide | Leanúnach | Acmhainní foirne, buiséid, saineolas agus tacaíocht |
| BE2.2.3 | Samhaltú Faisnéise i leith na bhFoirgneamh a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail chaipitiúla tithíochta | Maolú | Coigilt Carbóin | An Rannóg Tithíochta | | 2025 | Maoiniú |
| BE2.2.4 | Clár foirgneamh corparáideach a chur ar bun i gcomhréir leis na Treoracha ábhartha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh | Maolú | Clár a bheith bunaithe | An Fhoireann Fuinnimh | An Bainisteoir Saoráidí, baill foirne na gCeantar Bardasach, Leabharlanna, an Fhoireann Dóiteáin | 2025 | Maoiniú |
| BE2.2.5 | Plean feidhmithe ilbhliantúil a fhorbairt do Rannóg na gCóras Faisnéise chun cur le héifeachtúlachtaí fuinnimh ar fud na heagraíochta | Maolú | Plean feidhmithe a bheith comhaontaithe | Rannóg na gCóras Faisnéise | An Fhoireann um Ghníomhú Fuinnimh, an Fheidhm Chorparáideach, an Bainisteoir Saoráidí, Bainisteoirí Foirgnimh | 2024 | Maoiniú |

## BE2.3 Cur leis an úsáid a bhaintear as réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus bithéagsúlacht a fheabhsú i ngach forbraíocht

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BE2.3.1 | Triail a bhaint as dearadh lena gcuirtear cúinsí bithéagsúlachta san áireamh d'eastát tithíochta sóisialta, le díonta glasa, ballaí glasa, córais draenála inbhuanaithe SuDS (bogaigh agus locháin), carrchlós glas, boscaí neadaireachta ar aghaidheanna, tailte féaraigh, agus toir agus crainn a mheallann an fiadhúlra sna spásanna oscailte | Oiriúnú agus Maolú | Tionscadal píolótach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus na torthaí a bheith foilsithe | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Rannóg Tithíochta | 2025 | Bearnaí féideartha ó thaobh maoinithe de |
| BE2.3.2 | Seasmhacht i leith na haeráide a chothú agus feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh na hoidhreachta ailtireachta agus seandálaíochta atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach trí scéimeanna mar an scéim infheistíochta san oidhreacht thógtha, scéim na ndéanmhas stairiúil, tionscnamh na mbailte stairiúla, scéim líonra na mbailte múrtha, agus ciste na séadchomharthaí pobail. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na láithreán in aghaidh na bliana a mhaoineofar faoi gach ceann de na scéimeanna. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | SEAI, an Chomhairle Oidhreachta, an Fhoireann Fuinnimh | 2024-2029 | Maoiniú |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| BE2.3.3 | SuDS/ bearta nádúrtha coinneála uisce / réitigh atá bunaithe ar an dúlra a bheith san áireamh i ngach iarratas ar mhaoiniú i gcomhair obair chaipitiúil | Oiriúnú agus Maolú | Líon na n-iarratas lena n-áirítear SuDS | An Fhoireann Athghiniúna | An Rannóg Tithíochta, baill foirne na gCeantar Bardasach, an Fhoireann Aeráide | Bliantúil | Maoiniú ón Roinn |
| BE2.3.4 | Réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur i bhfeidhm, amhail bithchlaiseanna reatha agus cosáin thréscaoilteacha, agus foireann ildisciplíneach a bheith i mbun pleanáil, suiteáil agus faireachán a threorú d'fhonn feabhas a chur ar bhainistíocht uisce stoirme agus ar an mbithéagsúlacht sa cheantar. | Oiriúnú agus Maolú | % na bhforbraíochtaí nua a bhfuil bonneagar glas san áireamh iontu | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Rannóg Tithíochta | 2024-2029 | Comhaontú le Forbróir |
| **BE2.4** | **An gá atá le tógáil nua a laghdú trí fhoirgnimh atá ann cheana a athúsáid** | | | | | | |
| BE2.4.1 | Aghaidh a thabhairt ar áitribh fholmha agus cinn thréigthe – faoi scéimeanna de chuid an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbigh agus leis na deontais chun foirgnimh fholmha a athchóiriú | Maolú | Líon na n-áitreabh a thug an Chomhairle ar ais in úsáid agus líon na ndeontas príobháideach arna riar | An Fhoireann Athghiniúna | Baill foirne na gCeantar Bardasach, an Rannóg Tithíochta | Bliantúil | Maoiniú ón Roinn |
| BE2.4.2 | Athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh thréigthe toisc gur rogha níos glaise é sin ná foirgnimh nua agus láithreáin athfhorbraíochta | Maolú | Líon na n-áitreabh a thabharfar ar ais in úsáid | An Fhoireann Athghiniúna | An Rannóg Tithíochta, baill foirne na gCeantar Bardasach, | Bliantúil | Maoiniú ón Roinn |
| BE2.4.3 | Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoi shruthanna maoinithe éagsúla chun éascú don athnuachan ar phobail agus lár bailte/ sráidbhailte, faoi na Cistí Athnuachana agus Forbartha Uirbí agus Tuaithe agus faoi Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na n-iarratas ar mhaoiniú a n-éireoidh leo | An Fhoireann Athghiniúna | Baill foirne na gCeantar Bardasach, an Rannóg Tithíochta, an Rannóg Oidhreachta | Bliantúil | Maoiniú ón Roinn |
| BE2.4.4 | Áitribh Fholmha/Thréigthe – leas a bhaint as dearaí atá tíosach ar fhuinneamh nuair a bhíonn athchóiriú agus iarfheistiú á ndéanamh ar fhoirgnimh | Maolú | Líon na n-áitreabh a dhéanfar a iarfheistiú | An Fhoireann Athghiniúna | An Rannóg Tithíochta, baill foirne na gCeantar Bardasach, an Fhoireann Fuinnimh | Bliantúil | Maoiniú ón Roinn |

DECA 2030 **Delivering Effective Climate Action 2030**

Strategic Goal Alignment

SG1 SG2 SG3 SG6

**An Timpeallacht Thógtha, Offaly CAP 2024-2029**

Contributes to 10 out of the 17 goals

1 NO POVERTY · 5 GENDER EQUALITY · 7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY · 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE · 10 REDUCED INEQUALITIES · 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES · 12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION · 13 CLIMATE ACTION · 15 LIFE ON LAND · 17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

| IOMPAR | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cur le seasmhacht an bhonneagair bóithre agus iompair ar shlí atá dírithe ar bhainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an riosca aeráide, cinntí infheistíochta a bhfuil bonn eolais fúthu agus a rannchuidíonn le sochaí ísealcharbóin.** | | | | | | | |
| **Cuspóir Uimh.** | **Gníomh** | **Oiriúnú / Maolú / Oiriúnú agus Maolú** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta** | **Rannóg Stiúrtha** | **Comhpháirtithe** | **Fráma ama** | **Ag brath ar na nithe seo a leanas** |
| T3.1 | Flít feithiclí na Comhairle a aistriú i dtreo breoslaí ísealcharbóin agus feithiclí leictreacha | | | | | | |
| T3.1.1 | Flít feithiclí corparáideacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a aistriú go dtí breoslaí astaíochtaí ísle (Leictreach/HVO); agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe íogaire comhshaoil amhail an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir sa cheantar le linn aon fhorbairtí is gá chun an t-athrú sin a chur i bhfeidhm. | Maolú | % na bhfeithiclí sa fhlít a úsáideann breosla astaíochtaí ísle | Rannóg na mBóithre | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | Bliantúil | An cumas soláthar leanúnach breosla a aimsiú, agus na costais oibriúcháin mhéadaithe a ghearrfar ar bhuiséad gach Rannóige. |
| T3.1.2 | Straitéis Contae/Réigiúnach i leith Feithiclí Leictreacha a cheapadh chun Bonneagar Feithiclí Leictreacha Saor ó Astaíochtaí a sholáthar, agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe íogaire comhshaoil amhail an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht an aeir sa cheantar, agus an oidhreacht chultúrtha. | Maolú | An straitéis a bheith i bhfeidhm | Rannóg na mBóithre | Comhairlí Contae Laoise, an Longfoirt, na hIarmhí agus Ros Comáin, Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann | R1/2024 | Maoiniú ó Fheithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann |
| T3.1.3 | Cur i bhfeidhm an chláir cóirithe dromchla ag baint úsáid as cineálacha cur chuige ar lú an méid carbón a astaítear uathu (breosla HVO) | Maolú | Líon na gciliméadar de chóiriú dromchla a leagfar síos le feithiclí a úsáideann breosla astaíochtaí ísle | Rannóg na mBóithre | Innealtóirí na gCeantar Bardasach | Bliantúil | An cumas na feithiclí níos sine, go háirithe an Phoenix, a rith ar HVO |
| T3.2 | Bonneagar a sholáthar agus tacú le haistrithe córa iompair chuig modhanna ísealcharbóin iompair | | | | | | |
| T3.2.1 | Féarbhealach na Canálach Móire agus/nó Féarbhealaí eile a oscailt, mar aon leis na bealaí siúlóide a ghabhann leo, chun aistriú córa iompair a éascú. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na gciliméadar d'fhéarbhealach a thabharfar i gcrích | Rannóg na mBóithre | TII/Uiscebhealaí Éireann | 2029 | Maoiniú agus an fháil atá ar chonraitheoirí |
| T3.2.2 | Leanúint ar aghaidh leis na Cláir Taistil Ghníomhaigh a ritheann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun aistriú córa iompair a éascú, agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe íogaire comhshaoil amhail srianta agus cúinsí tráchta agus iompair, an timpeallacht uisce ghlactha, cáilíocht an aeir sa cheantar, bithéagsúlacht, agus láithreáin Eorpacha. | Maolú | Líon na dtionscadal taistil ghníomhaigh a chuirfear i bhfeidhm trí mhaoiniú taistil ghníomhaigh náisiúnta | Rannóg na mBóithre | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Bliantúil | An fháil atá ar chonraitheoirí |
| T3.2.3 | Bonneagar sábháilte, cothrom, inrochtana a sholáthar do choisithe agus rothaithe | Oiriúnú agus Maolú | Líon na mbeart a chuirfear i bhfeidhm | Rannóg na mBóithre | An tÚdarás Náisiúnta Iompair | Bliantúil | An fháil atá ar chonraitheoirí |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| T3.2.4 | An Marc um Thaisteal Níos Cliste a fháil ón Údarás Náisiúnta Iompair. Cumarsáid, beartais, saoráidí, dreasachtaí agus tacaíochtaí láidre a léiriú ar mhaithe le comaitéireacht agus taisteal gnó inbhuanaithe. | Maolú | An Marc um Thaisteal Gníomhach a bheith faighte | Rannóg na mBóithre | An bainisteoir saoráidí, Seirbhísí Corparáideacha | 2024 | Go n-éireodh leis an iarratas, maoiniú |
| T3.2.5 | Úsáid córacha iompair inbhuanaithe a spreagadh le haghaidh turais riachtanacha ar chúinsí gnó, agus oideachas, comhairle agus tacaíochtaí a sholáthar don fhoireann i dtaobh leas a bhaint as roghanna inbhuanaithe le haghaidh turais den sórt sin, mar shampla trí chártaí LEAP a chur ar fáil le haghaidh taisteal gnó nó trí chuntas gnó a bhunú le soláthraí soghluaisteachta comhroinnte | Maolú | Líon na mbabhtaí rannpháirtíochta | Rannóg na mBóithre | An Fhoireann Aeráide | Bliantúil | Tacaíocht na foirne, beartais nua. |

## T3.3 A bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le soláthraithe iompair phoiblí chun líonraí agus naisc a leathnú

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| T3.3.1 | Líonraí Iompair Phoiblí a leathnú i gcomhpháirtíocht le hoibreoirí iompair phoiblí agus fostóirí móra | Maolú | Líon na mbealaí nua | Rannóg na mBóithre | TII, Oibreoirí príobháideacha, an tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2024-2029 | Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit eile agus le hoibreoirí príobháideacha |
| T3.3.2 | Seirbhísí bus a fheabhsú agus a chomhtháthú ar fud Chontae Uíbh Fhailí chun aistriú córa iompair a éascú. | Maolú | Méadú (%) ar líon na seirbhísí | Rannóg na mBóithre | Nasc Áitiúil/An tÚdarás Náisiúnta Iompair/ Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann | Bliantúil | Maoiniú agus ailíniú a dhéanamh ar na hionchais éagsúla atá ag na geallsealbhóirí. |
| T3.3.3 | Seirbhísí páirceála agus taistil a chur chun cinn agus féachaint an féidir iad a leathnú chuig ceantair eile sa chontae | Maolú | Líon na saoráidí | Rannóg na mBóithre | Nasc Áitiúil/An tÚdarás Náisiúnta Iompair | 2024-2029 | Suíomh a bheith ar fáil, Rannpháirtíocht le soláthraithe |
| T3.3.4 | Socruithe carr-roinnte / tabhairt síbe dá chéile a spreagadh i measc na bhfostaithe sin nach bhfuil an dara rogha acu ach carr a úsáid, e.g. spásanna páirceála ar leith a chur ar fáil do charranna roinnte | Maolú | Líon na n-aistear a dhéantar faoi shocrú carr-roinnte | Rannóg na mBóithre | An Fhoireann Aeráide, Seirbhísí Corparáideacha | Bliantúil | Fáil a bheith ar charranna faoi shocrú carr-roinnte corparáideach |
| T3.3.5 | Feachtais Náisiúnta ar nós Marchathon agus Walktober a chur chun cinn agus tacú leo chun cabhrú le haistriú córa iompair a bhaint amach | Maolú | Líon na bhfeachtas a chuirfear chun cinn | Rannóg na mBóithre | Rannpháirtíocht na mball foirne | Bliantúil | Maoiniú/acmhainní foirne |
| T3.3.6 | Moil idirthurais idir chóracha iompair éagsúla, e.g., stáisiúin idirmhalartaithe inrochtana inar féidir le paisinéirí leanúint ar aghaidh le haistear ar chóir iompair eile | Maolú | Mol a bhunú chun aistriú idir chóracha iompair a éascú | Rannóg na mBóithre | An Fhoireann Aeráide, baill foirne na gCeantar Bardasach, CIÉ | 2024-2029 | Comhoibriú le gníomhaireachtaí stáit eile agus le hoibreoirí príobháideacha |

## T3.4 Cur le seasmhacht an bhonneagair bóithre agus iompair

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| T3.4.1 | Oiriúnú agus Áireamhán Carbóin a chur i bhfeidhm do Thionscadail Bóithre | Maolú | Áireamhán Carbóin a fhorbairt agus a bheith i bhfeidhm | Rannóg na mBóithre | An Roinn Iompair / An tÚdarás Náisiúnta Iompair / TII | 2024/2025 | Maoiniú |
| T3.4.2 | Teicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm le haghaidh bóithre a chothabháil trí mheán dhá inneall deisithe nua (Velocity Patchers) | Maolú | Líon na gciliméadar bóithre a dheiseofar | Rannóg na mBóithre | Bliantúil | Bliantúil | Maoiniú |
| T3.4.3 | Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun fiailí a rialú agus ábhair ghliofosáite a bhaint. | Maolú | Stopadh ag úsáid gliofosáite chun rialú rialta a dhéanamh ar fhiailí | Rannóg na mBóithre | Bliantúil | Bliantúil | Maoiniú |
| T3.4.4 | Straitéis um Oiriúnú Aeráide do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a chur i bhfeidhm, agus aird chuí á tabhairt ar ghnéithe íogaire comhshaoil amhail an timpeallacht uisce ghlactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, agus cáilíocht an aeir sa cheantar. | Oiriúnú | Straitéis a bheith forbartha, glactha agus i bhfeidhm | Rannóg na mBóithre | An Roinn Iompair | Bliantúil | Maoiniú |

DECA 2030
**Delivering Effective Climate Action 2030**

**Strategic Goal Alignment**
SG1 SG2 SG4

**Iompar, Offaly CAP 2024-2029**

**Contributes to 8 out of the 17 goals**

## AN TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA AGUS BONNEAGAR GLAS

**Cuir chuige fhiúntacha a chothú i leith príomhshócmhainní cultúrtha agus nádúrtha a chosaint trí thuiscint ar acmhainn oiriúnaitheach na timpeallachta nádúrtha chun tionchar an athraithe aeráide a mhaolú agus, ag an am céanna, tacú le bonneagar glas, infheistiú ann agus é a chur chun cinn in Uíbh Fhailí.**

| Cuspóir Uimh. | Gníomh | Oiriúnú / Maolú / Oiriúnú agus Maolú | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Rannóg Stiúrtha | Comhpháirtithe | Fráma ama | Ag brath ar na nithe seo a leanas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NE4.1 | An bhithéagsúlacht a fheabhsú, sócmhainní nádúrtha a chosaint agus inbhuanaitheacht comhshaoil a chothú | | | | | | |
| NE4.1.1 | Plean Oidhreachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun gach gné d'oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an Chontae a thaifeadadh agus a chaomhnú agus feasacht a mhúscailt ina leith. A chinntiú go gcomhlánaíonn gníomhartha gach plean a chéile. | Oiriúnú | Plean Oidhreachta Áitiúil a ghlacadh gach cúig bliana agus na gníomhartha a bheith curtha i bhfeidhm | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Chomhairle Oidhreachta | 2024 | Maoiniú agus acmhainní foirne |
| NE4.1.2 | Plean Áitiúil um Ghníomhú ar son na Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an bhithéagsúlacht áitiúil a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear bearta a bhaineann leis an aeráid, agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le gnáthóga agus speicis thábhachtacha agus láithreáin Eorpacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú go cuí, agus tacú le cothabháil agus feabhsú cháilíocht an uisce, ag teacht le haidhmeanna na Creat-Treorach Uisce. | Oiriúnú agus Maolú | Plean Áitiúil um Ghníomhú ar son na Bithéagsúlachta a ghlacadh gach cúig bliana agus na gníomhartha a bheith curtha i bhfeidhm | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 2024 | Maoiniú agus acmhainní foirne |
| NE4.1.3 | Beartas maidir le laghdú lotnaidicídí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Chomhairle Contae – lena chinntiú nach n-úsáidfear na substaintí sin ach sa chaoi is nach mbeidh acu ach miontionchar ar an timpeallacht ghlactha, amhail an timpeallacht uisce ghlactha, an bhithéagsúlacht nó láithreáin Eorpacha. | Maolú | Beartas a bheith tugtha chun críche agus glactha tríd an bpróiseas ábhartha | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Rannóga éagsúla de chuid an údaráis áitiúil | 2024 | Glacadh roghanna eile |
| NE4.1.4 | Acmhainní a shannadh i leith gníomhartha ábhartha atá san áireamh i bPlean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhú ar son na Bithéagsúlachta, 2023-2030 (atá ag céim an dréachtaithe faoi láthair) agus sa Phlean Oiriúnaithe Earnála um an Athrú Aeráide 2019, agus iad a chur chun feidhme | Oiriúnú agus Maolú | Gníomhartha ábhartha an dá Phlean sin a aithint (2023) agus a chur i bhfeidhm (gach bliain go dtí 2028) | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 2024-2029 | Maoiniú |
| NE4.1.5 | Clár comhtháite a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar Speicis Choimhthíocha Ionracha trí oideachas agus/nó trí ghníomhartha roghnaithe de réir mar is cuí. Foireann inniúil éiceolaíochta a fhorbróidh an clár sin agus tabharfaidh sí aird chuí ar an ngá atá ann leathadh speiceas ionrach a bhainistiú agus a chosc go hiomchuí. | Oiriúnú | An straitéis a bheith ullamh. Na speicis is mó imní don chontae a bheith sainaitheanta. Clár oideachais/ bainistíochta/díothaithe deartha agus i bhfeidhm mar is cuí. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 2024-2029 | Maoiniú |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NE4.1.6 | Suirbhé a dhéanamh ar bhogaigh an chontae agus moltaí a chur i bhfeidhm maidir le caomhnú agus athchóiriú na mbogach. Foireann inniúil éiceolaíochta a fhorbróidh na moltaí sin agus tabharfaidh sí aird chuí ar an ngá atá ann gnáthóga agus speicis thábhachtacha agus láithreáin Eorpacha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú go cuí, agus tacú le cothabháil agus feabhsú cháilíocht an uisce, ag teacht le haidhmeanna na Creat-Treorach Uisce. | Oiriúnú | Suirbhé ar na bogaigh a bheith tugtha chun críche | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 2026 | Acmhainní foirne |
| NE4.1.7 | Tionscnamh caomhnaithe pailneoirí a chur i bhfeidhm ar fud an chontae, chun gnáthóga atá báúil do phailneoirí a bhunú agus a chothabháil ar bhonn na comhairle eolaíche is déanaí ón bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, agus meitheal oibre ildisciplíneach a bheith freagrach as pleanáil, suiteáil agus faireachán. | Oiriúnú | Plean an chontae a bheith ullmhaithe agus á chur i bhfeidhm. Líon na láithreán atá san áireamh. Gníomhartha á dtaifeadadh leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta nó leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Oifigí na gCeantar Bardasach | 2026 | Maoiniú |
| NE4.1.8 | Tionscadal eolaíochta saoránach a fhorbairt chun díriú ar speicis atá íogair i leith an athraithe aeráide | Oiriúnú | Líon na gceardlann chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Institiúidí tríú leibhéal áitiúla, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Grúpaí Pobail | 2026 | Maoiniú |
| NE4.1.9 | Cur le líon na n-imeachtaí faoin aeráid a reáchtálfar ag imeachtaí náisiúnta amhail an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta agus an tSeachtain Náisiúnta Bhithéagsúlachta. | Oiriúnú | Líon na n-imeachtaí a reáchtálfar ag gach imeacht náisiúnta a bhfuil téama aeráide aige. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Chomhairle Oidhreachta | Bliantúil | Acmhainní foirne |
| NE4.1.10 | Treoirlínte maidir le dearadh atá báúil d'ainmhithe, agus eiseamláirí píolótacha dá leithéid, a tháirgeadh agus a chur ar fáil chun forálacha maidir le bithéagsúlacht a chomhtháthú i bhforbraíochtaí nua agus i gcinn atá á n-iarfheistiú, lena n-áirítear brící beach, boscaí don ialtóg, don ghabhlán gaoithe agus don ghealbhan, limistéir dhorcha d'ialtóga agus limistéir a oireann do phailneoirí, leas a bhaint as díonta glasa agus ballaí glasa ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht. | Oiriúnú | Treoirlínte i leith speiceas a bheith ullmhaithe don lucht pleanála i gcás na gcúig speiceas is mó ábhar imní, bunaithe ar thosaíochtaí réigiúnacha; líon na dtionscadal eiseamláireach a fhorbrófar. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An tOifigeach Bithéagsúlachta, rannóga an údaráis áitiúil, pleanáil | 2028 | Acmhainní foirne |
| NE4.1.11 | Leas a bhaint as Clár na Scoileanna Glasa agus Cláir Oidhreachta sna Scoileanna chun saincheisteanna bithéagsúlachta agus aeráide a chur chun cinn sna scoileanna. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na scoileanna atá páirteach | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Taisce, an Oifig um Fheasacht Chomhshaoil | Bliantúil | Rannpháirtíocht leanúnach |

## NE4.2 An drochthionchar a bhíonn ag imeachtaí adhaimsire a laghdú

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NE4.2.1 | Plean straitéiseach bainistíochta falscaithe a ullmhú do cheantair ardriosca amhail portaigh agus Sliabh Bladhma agus aird chuí á tabhairt ar an ngá atá le tacú le cuspóirí caomhantais a bhaint amach agus gnáthóga tábhachtacha nó leasanna cáilitheacha aon láithreáin chosanta a chosaint agus a fheabhsú. | Oiriúnú | Réimsí ardriosca a bheith aitheanta. Plean straitéiseach um bainistíocht falscaithe a bheith ullmhaithe agus é a bheith i bhfeidhm. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Na Seirbhísí Dóiteáin | 2027 | Maoiniú/ acmhainní foirne |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NE4.2.2 | Rannpháirtíocht leanúnach i dtionscadal EduWorld an Aontais Eorpaigh maidir le réitigh dhúlrabhunaithe, chun cur leis an eolas ar na réitigh sin ar fud an chórais oideachais. | Oiriúnú agus Maolú | A bheith páirteach sa tionscadal go dtí go mbeidh sé críochnaithe | An Fhoireann Aeráide | Green Offaly, na scoileanna, an tOifigeach Bithéagsúlachta | 2026 | Acmhainní Foirne |
| NE4.2.3 | Teicneolaíochtaí nuálacha a fhiosrú agus a spreagadh chun riosca tuilte agus teasa a laghdú i gceantair uirbithe | Oiriúnú agus Maolú | Tionscadal teicneolaíochta a bheith seolta | An Fhoireann Aeráide | Rannóg na gCóras Faisnéise, Coláiste Tríú Leibhéal | 2027 | Comhpháirtithe a bheith ar fáil don chomhoibriú |
| NE4.2.4 | A chinntiú go ndéanfar measúnú ar gach forbraíocht i leith na gceanglas a leagtar síos sna Treoirlínte ó Oifig na nOibreacha Poiblí d'údaráis phleanála maidir leis an gcóras pleanála agus bainistíocht riosca tuilte | Oiriúnú | % na gceadanna pleanála a chloíonn leis na treoirlínte maidir le riosca tuilte ó Oifig na nOibreacha Poiblí | An Rannóg Comhshaoil | Oifig na nOibreacha Poiblí | Bliantúil | Acmhainní foirne |
| NE4.2.5 | Measúnú a dhéanamh ar gach forbraíocht nua maidir le cur i bhfeidhm bearta nádúrtha coinneála uisce | Oiriúnú | Líon na gceadanna pleanála a ndearnadh measúnú orthu i dtaobh bearta nádúrtha coinneála uisce | An Rannóg Comhshaoil | Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, GCC, rannóga an údaráis áitiúil | Bliantúil | Glacadh prionsabal na réiteach dúlrabhunaithe san eagraíocht |
| NE4.2.6 | Oiliúint ábhartha a chur ar bhaill foirne na Comhairle maidir le réitigh dhúlrabhunaithe | Oiriúnú | Oiliúint a bheith curtha ar na baill foirne | An Fhoireann Aeráide | Fiontraíocht Éireann, an Foras Riaracháin | Bliantúil | Cúrsaí oiliúna agus soláthraithe a bheith ar fáil. |
| NE4.2.7 | Suirbhé a dhéanamh ar an mbrat crann. Beartas bainistíochta crann a cheapadh agus a ghlacadh. Moltaí maidir le brat crann a chur i bhfeidhm | Oiriúnú | Suirbhé a bheith críochnaithe, beartas a bheith glactha, an brat crann a bheith méadaithe | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Fhoireann Aeráide | 2024 | Spriocanna uaillmhianacha a ghlacadh maidir le brat crann |
| NE4.2.8 | Iniúchadh a dhéanamh ar chartlanna agus ar bhailiúcháin uile an údaráis áitiúil. Measúnuithe riosca a dhéanamh agus a chinntiú go bhfuil pleananna bainistithe tubaiste curtha i gcrích agus curtha i bhfeidhm le spriocanna a oireann do chúinsí áitiúla. Maidir le cartlanna agus bailiúcháin faoi úinéireacht phríobháideach, tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil de réir mar is gá i gcás bailiúcháin atá tábhachtach ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, i gcomhar le húinéirí na mbailiúchán | Oiriúnú | Líon na gcartlann áitiúil ar an liosta. Líon na mbailiúchán cartlainne a bhfuil measúnuithe riosca críochnaithe ina leith. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Chomhairle Oidhreachta, bailitheoirí príobháideacha | 2025 | Maoiniú |

DECA 2030

**Delivering Effective Climate Action 2030**

Strategic Goal Alignment

SG1 SG3 SG4

**An Timpeallacht Nádúrtha agus Bonneagar Glas, Offaly CAP 2024-2029**

Contributes to 11 out of the 17 goals

4 Quality Education · 6 Clean Water and Sanitation · 7 Affordable and Clean Energy · 8 Decent Work and Economic Growth · 9 Industry, Innovation and Infrastructure · 11 Sustainable Cities and Communities · 12 Responsible Consumption and Production · 13 Climate Action · 15 Life on Land · 16 Peace, Justice and Strong Institutions · 17 Partnerships for the Goals

## TEACHT ANIAR SA PHOBAL AGUS AISTRIÚ

**Tacú le pobail chumhachtaithe, chomhtháite a bhfuil tuiscint láidir acu ar thionchar na haeráide le go mbeidh níos mó teacht aniar iontu agus iad ag dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide agus é d'acmhainn acu an gníomhú aeráide a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil. Tacú le prionsabail an aistrithe chóir agus iad a chur chun cinn agus leas á bhaint as maoiniú ábhartha ina leith.**

| Cuspóir Uimh. | Gníomh | Oiriúnú / Maolú / Oiriúnú agus Maolú | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Rannóg Stiúrtha | Comhpháirtithe | Fráma ama | Ag brath ar na nithe seo a leanas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C5.1 | Comhoibriú le pobail chun cur le héifeachtacht na gclár a bhaineann leis an aeráid | | | | | | |
| C5.1.1 | Cuirfidh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Uíbh Fhailí cuid den Chlár Feabhsaithe Pobail in áirithe dó sin | Maolú | Maoiniú a bheith ar fáil | Pobal agus Cultúr | CFPÁ, RFTP, An Rannóg Airgeadais | Bliantúil | Maoiniú ó RFTP, Faomhadh CFPÁ |
| C5.1.2 | Oiliúint i dtaobh forbairt acmhainne a eagrú do ghrúpaí pobail ar gach gné den aeráid agus den bhithéagsúlacht, lena n-áirítear taithí a roinnt agus úsáid a bhaint as tionscadail eiseamláireacha agus láithreáin taispeána | Oiriúnú agus Maolú | Líon na gcúrsaí oiliúna, líon na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu. | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | An Líonra Rannpháirtíochta Pobail, an Rannóg Acmhainní Daonna, an Fhoireann Aeráide, an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú Aeráide (ORGA), Grúpa Oiliúna Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil | Bliantúil | Maoiniú, an clár oiliúna a fhorbairt |
| C5.1.3 | Staidéar féidearthachta a dhéanamh i dtaobh Pháirc Aeráide Chnoc an Teampaill ina bhféachfar ar fheabhsú na bithéagsúlachta, cumhacht an phobail, páirc abhann, clós súgartha báistí | Oiriúnú agus Maolú | An staidéar a bheith tugtha chun críche | An Fhoireann Aeráide | An Líonra Rannpháirtíochta Pobail, an Rannóg Pobail, muintir na háite | 2025 | Maoiniú le haghaidh staidéir/dearaidh |
| C5.1.4 | Reáchtálann Líonra na mBailte Slachtmhara de chuid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí thrí chruinniú in aghaidh na bliana ar a laghad chun feasacht ar bhithéagsúlacht agus ar ghníomhú aeráide a chur chun cinn do Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara agus chun tacú le dreamanna atá ag cur isteach ar Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara | Maolú | Líon na gcruinnithe agus líon na bhfreastalaithe | Pobal agus Cultúr | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Grúpaí na mBailte Slachtmhara, an Rannóg Oidhreachta | Bliantúil | Acmhainní Foirne, Maoiniú |
| C5.1.5 | Tacaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le trí Ghrúpa Pobail sa Chomórtas Bliantúil Mórtais Áite. Príomhghné den mholtóireacht is ea mar a chuir na grúpaí i bhfeidhm bearta um ghníomhú aeráide. | Maolú | Líon na ngrúpaí a chuireann isteach ar an gcomórtas in aghaidh na bliana | Pobal agus Cultúr | Eagraíochtaí Náisiúnta Mórtais Áite, Grúpaí Pobail | Bliantúil | Acmhainní Foirne, Maoiniú |
| C5.1.6 | Feasacht a ardú agus oiliúint agus ceardlanna um ghníomhú aeráide a sholáthar tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí do ghrúpaí pobail, grúpaí deonacha agus grúpaí imeallaithe. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na seisiún faisnéise a chuirtear ar fáil, agus líon na ríomhphost a chuirtear chuig grúpaí | Pobal agus Cultúr | An Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Comhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, Grúpaí Pobail & Deonacha, an Fhoireann Aeráide | Bliantúil | Acmhainní Foirne, Maoiniú |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C5.1.7 | Taighde, suirbhéanna agus faireachán bithéagsúlachta atá dírithe ar an aeráid a choimisiúnú (trí chomhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal, mar shampla). | Oiriúnú agus Maolú | Líon na dtionscadal taighde a thabharfar chun críche | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Údaráis áitiúla eile, Ollscoileanna | 2027 | Maoiniú |
| C5.1.8 | Tá Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí meáite ar ábhair léitheoireachta, bailiúcháin agus acmhainní a sholáthar a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe agus leis an ngníomhú aeráide. | Oiriúnú agus Maolú | % de na leabhair faoi ábhair a bhaineann leis an aeráid | An tSeirbhís Leabharlainne | Soláthraithe agus Údair | Bliantúil | Acmhainní foirne, buiséid, saineolas agus tacaíocht |
| C5.1.9 | Tá Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí meáite ar imeachtaí oideachasúla agus seisiúin faisnéise a eagrú lena gcuirtear chun cinn an gníomhú aeráide, an comhshaol agus an fhorbairt inbhuanaithe. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na n-imeachtaí | An tSeirbhís Leabharlainne | An Fhoireann Aeráide | Bliantúil | Acmhainní foirne, buiséid, saineolas agus tacaíocht |
| C5.1.10 | Clár Aoisbhá – Oiliúint maidir le scileanna digiteacha a sholáthar do dhaoine scothaosta. | Maolú | Líon na ndaoine a fhaigheann tacaíocht | Pobal agus Cultúr | Aoisbhá Éireann | Bliantúil | Maoiniú ón Roinn |
| C5.1.11 | Tacóidh CFPÁ Uíbh Fhailí le léirithe spéise ar mhaoiniú ó ghrúpaí pobail agus deonacha atá ag lorg maoiniú chun tionscadail um ghníomhú aeráide a chur i gcrích tríd an gClár LEADER | Oiriúnú agus Maolú | Líon na dtionscadal a ndéanfar maoiniú a fhaomhadh ina leith | Pobal agus Cultúr | CFPÁ Uíbh Fhailí, Comhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, RFTP | Bliantúil | Maoiniú ó RFTP |

## C5.2 Cumas a chothú i bpobail ó thaobh gníomhú aeráide

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C5.2.1 | Spreagtar grúpaí agus limistéir faoi mhíbhuntáiste chun gníomhartha ar son na haeráide a chur i bhfeidhm mar chuid den Chlár SICAP | Maolú | Líon na ngrúpaí a fhaigheann tacaíocht | Pobal agus Cultúr | Comhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, an Fhoireann um Ghníomhú Aeráide, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail | Bliantúil | Maoiniú ó RFTP |
| C5.2.2 | Tacaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le Nasc Áitiúil Laoise/Uíbh Fhailí chun lompar Tuaithe a sholáthar do dhídeanaithe ón Úcráin ar fud bhailte agus sráidbhailte Uíbh Fhailí, arna chomhordú ag an bhFóram Freagartha Pobail | Maolú | Laghdú ar astaíochtaí | Pobal agus Cultúr | An Fóram Freagartha Pobail, Nasc Áitiúil Laoise/Uíbh Fhailí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | Leanúnach | Maoiniú ón Roinn |
| C5.2.3 | An Ciste Pobail um Ghníomhú Aeráide a riar | Oiriúnú agus Maolú | % den Chiste a dhéantar a leithdháileadh | An Fhoireann Aeráide | An Rannóg Pobail agus Cultúir, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail | 2023-2026 | Grúpaí Pobail, Maoiniú ó RCAC |
| C5.2.4 | Tacú le Pobail Fuinnimh Inmharthana trí Mheabhrán Tuisceana a shíniú le SEAI maidir le maoiniú idirlinne a sholáthar. | Maolú | Líon na n-iarratas ar mhaoiniú idirlinne a dhéanfar a fhormheas | An Fhoireann um Ghníomhú Fuinnimh | SEAI | Bliantúil | Maoiniú inmheánach a bheith ar fáil |
| C5.2.5 | Maoiniú Bliantúil i dtreo ghníomhartha maolaithe an phobail | Maolú | Líon na ngníomhaíochtaí maoinithe | Pobal agus Cultúr | An Fhoireann Aeráide | Bliantúil | Idirghníomhaíocht na ngrúpaí pobail |
| C5.2.6 | 300 crann dúchasach a sholáthar do na Bailte Slachtmhara agus do Ghrúpaí Pobail mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na gCrann | Maolú | Líon na gcrann arna soláthar ag Coillte | Pobal agus Cultúr | Coillte, Grúpaí Bailte Slachtmhara | Bliantúil | Coillte, an Chomhairle Crann Náisiúnta, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. |
| C5.2.7 | Dul i gcomhairle leis an gcomhairleoir atá ceaptha ag Teagasc d'Uíbh Fhailí maidir leis an gclár comhairleach saor in aisce (Signpost) i ndáil leis an ngníomhú aeráide | Oiriúnú agus Maolú | Líon na mbabhtaí rannpháirtíochta | An Fhoireann Aeráide | Rannóg an Chomhshaoil | Bliantúil | Oifigeach a bheith ceaptha d'Uíbh Fhailí i leith an chláir Signpost |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C5.2.8 | Tionscadal a fhorbairt ina gcomhcheanglaítear oidhreacht agus na healaíona cruthaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar imní faoin aeráid. | Oiriúnú | Tionscadal a bheith deartha agus é i bhfeidhm | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Éire Ildánach, Comhordaitheoir na bPobal Cruthaitheach | Bliantúil | Maoiniú |
| C5.2.9 | Tionscadal eolaíochta saoránach a fhorbairt le pobail ar ábhar a bhaineann leis an aeráid. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na gceardlann chun oiliúint a chur ar oibrithe deonacha | Oidhreacht agus Bithéagsúlacht | Institiúidí tríú leibhéal áitiúla, an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Grúpaí Pobail | 2026 | Maoiniú |
| C5.2.10 | Faoi threoir an Mheabhráin Tuisceana a síníodh idir CLG agus CBCC maidir le bheith ag obair as lámha a chéile ar thionscadail inbhuanaitheachta agus ar an ngníomhú aeráide, dul i gcomhairle le Clár na gClubanna Glasa trí cheannasaí ainmnithe, ag obair dúinn le ORGA agus CLG, ionas go bhféadfaidh clubanna agus cumainn ainmnithe tionscadail a chur chun cinn agus tacú leo chun cuspóirí an chláir go dtí 2029 a bhaint amach, agus le linn príomhthréimhsí de. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na mbabhtaí rannpháirtíochta | An Fhoireann Aeráide | ORGA, Clubanna agus Cumainn de chuid CLG | Bliantúil | Leanúint leis an gclár |

## C5.3 Tacú le forbairt fiontar, fostaíocht agus éifeachtúlacht a bhaineann leis an gcomhshaol

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C5.3.1 | Tacaíocht a thabhairt do Chiste Forbartha Uíbh Fhailí Thuaidh chun Páirc Ghnó Róid a chur chun cinn – 13 shuíomh seirbhísithe atá ceangailte leis an Eangach Náisiúnta – agus spreagadh a thabhairt do chuideachtaí fuinnimh agus do chuideachtaí atá ag tástáil teicneolaíochtaí nua i dtaobh leas a bhaint as na saoráidí go léir. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na ngnólachtaí nua i bPáirc Gnó Róid | An Oifig Fiontair Áitiúil | Offaly Innovation and Design Centre CLG | 2029 | Coiste Phlean Fiontair Réigiúnaigh Lár na Tíre, Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre, oifigí thar lear de chuid Fhiontraíocht Éireann agus GFT, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tionscnóirí de chuid na hearnála príobháidí. Acmhainní. |
| C5.3.2 | Tacú le hIonad Nuálaíochta Gnó Junction, Tulach Mhór – mol comhoibrithe do ghnólachtaí a fhorbraíonn Teicneolaíochtaí, Bogearraí agus Dearadh Fuinnimh Ghlais. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na ngnólachtaí a dtacaítear leo | An Oifig Fiontair Áitiúil | Fiontraíocht Éireann, an Roinn. | Bliantúil | Acmhainní. |
| C5.3.3 | Tacú leis an gclár Green for Business, faoina gcuidítear le fiontair inbhuanaitheacht a ngnóthaí a fheabhsú | Oiriúnú agus Maolú | Líon na ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ón gclár Green for Business | An Oifig Fiontair Áitiúil | Fiontraíocht Éireann | Bliantúil | Rannpháirtíocht ó ghnólachtaí áitiúla, acmhainní. |
| C5.3.4 | Tacú le Cláir LEAN, ag cabhrú le fiontair cur lena n-éifeachtúlacht agus dramhail a laghdú ina ngnóthaí | Maolú | Líon na ngnólachtaí atá ar chláir LEAN | An Oifig Fiontair Áitiúil | Fiontraíocht Éireann | Bliantúil | Rannpháirtíocht ó ghnólachtaí áitiúla, acmhainní |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C5.3.5 | Tá Oifig Fiontair Áitiúil Uíbh Fhailí ag cabhrú le gnólachtaí in Uíbh Fhailí cur lena leibhéal digitithe tríd an gclár Digital Start, an Dearbhán Trádála Ar Líne agus an scéim You're the Business. Tacaímid le gnólachtaí Uíbh Fhailí chun gníomhaíochtaí geilleagracha a chur ar bhonn digiteach, rud a fhágann go laghdaítear an gá atá le taisteal/iompar agus go dtagann laghdú dá réir ar astaíochtaí carbóin. | Maolú | Líon na ngnólachtaí a bhaineann leas as na scéimeanna sin | An Oifig Fiontair Áitiúil | Fiontraíocht Éireann | Bliantúil | Rannpháirtíocht ó ghnólachtaí áitiúla, acmhainní |
| C5.3.6 | Tacú leis an bhfís faoinar rogha eile é Uíbh Fhailí in ionad Bhaile Átha Cliath, Uíbh Fhailí a chur chun cinn mar áit ina mbíonn daoine in ann cothromaíocht a bhaint amach idir an obair agus an saol. | Maolú | Líon na ngnólachtaí/ oibrithe atá ag athlonnú go hUíbh Fhailí | An Oifig Fiontair Áitiúil | Green Offaly | Bliantúil | Acmhainní |
| C5.3.7 | Tá Offaly Innovation and Design Centre CLG (The Junction, e-Hive agus stream BIRR) agus Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne tiomanta do dheiseanna comhoibrithe a fhorbairt chun cláir ardoideachais a sholáthar i gContae Uíbh Fhailí. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na gclár atá á dtairiscint | An Oifig Fiontair Áitiúil | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne | Bliantúil | Acmhainní |
| C5.3.8 | Ag Cothú agus ag Tacú le Cleachtais an Ghnó Ghlais i gContae Uíbh Fhailí – spreagann OFÁ Uíbh Fhailí gnólachtaí áitiúla maidir le cleachtais inbhuanaithe a ghlacadh, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, laghdú dramhaíola, agus caomhnú acmhainní, agus cuireann sé oiliúint ar fáil ina leith sin. Déantar an méid sin trí cheardlanna, trí chláir oiliúna, agus trí rochtain a thabhairt ar acmhainní agus ar fhaisnéis faoi chleachtais éiceabhácha. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na ngnólachtaí ar chláir dá leithéid | An Oifig Fiontair Áitiúil | Fiontraíocht Éireann | Bliantúil | Ag brath ar úinéirí gnó chun páirt a ghlacadh sna cláir, Acmhainní |
| C5.3.9 | Deontais agus Dreasachtaí a thairiscint – Is féidir le OFÁ Uíbh Fhailí tacaíocht airgeadais a sholáthar trí dheontais do ghnólachtaí áitiúla chun bearta atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin maoiniú i gcomhair trealamh atá tíosach ar fhuinneamh, forbairt táirgí éiceabhácha agus rannchuidiú leis an ngeilleagar ciorclach. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na ndeontas a bhronnfar | An Oifig Fiontair Áitiúil | Fiontraíocht Éireann | Bliantúil | Acmhainní |

DECA 2030

**Delivering Effective Climate Action 2030**

Strategic Goal Alignment

SG1 SG4 SG5

**Teacht Aniar sa Phobal agus Aistriú, Offaly CAP 2024-2029**

Contributes to 13 out of the 17 goals

1 No Poverty, 2 Zero Hunger, 4 Quality Education, 6 Clean Water and Sanitation, 7 Affordable and Clean Energy, 8 Decent Work and Economic Growth, 9 Industry, Innovation and Infrastructure, 11 Sustainable Cities and Communities, 12 Responsible Consumption and Production, 13 Climate Action, 15 Life on Land, 16 Peace, Justice and Strong Institutions, 17 Partnerships for the Goals

## INBHUANAITHEACHT AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ

**A chinntiú go gcumfar beartais agus bearta inbhuanaithe lena gcothófar athruithe chun feabhais ar iompraíocht, lena dtacaítear le gníomhartha ar son na haeráide agus lena ndéantar formhuiniú ar chineálacha cur chuige i dtaobh aistriú chuig sochaí ísealcharbóin a bhfuil teacht aniar inti ó thaobh na haeráide de.**

| Cuspóir Uimh. | Gníomh | Oiriúnú / Maolú / Oiriúnú agus Maolú | Príomhtháscaire Feidhmíochta | Rannóg Stiúrtha | Comhpháirtithe | Fráma ama | Ag brath ar na nithe seo a leanas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S6.1 | Inbhuanaitheacht a chur chun cinn ar fud cleachtais inmheánacha, an ghnó sheachtraigh agus pobal | | | | | | |
| S6.1.1 | Faireachán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacháin dramhaíola trí bheith ag obair leis an bPríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) | Maolú | % na gcigireachtaí atá déanta astu siúd a sonraíodh sa Phlean um Chritéir Íosta a Mholtar i gcomhair Cigireacht Chomhshaoil | An Rannóg Comhshaoil | WERLA, RCAC, an Oifig Náisiúnta um Cheadanna Bailithe Dramhaíola, NWMPO | Bliantúil | Comhordú a dhéanamh ar thosaíochtaí le WERLA |
| S6.1.2 | Tacú le grúpaí deonacha leis na seisiúin glantacháin bruscair a bheidh ar siúl acu i rith na bliana, lena n-áirítear piocairí bruscair, málaí agus lámhainní a sholáthar agus gach mála bruscair a bhailítear a thabhairt chun bealaigh | Maolú | Líon na laethanta glantacháin a dtacófar leo | An Rannóg Comhshaoil | An Taisce | Bliantúil | Leanúint leis an nGlantachán Náisiúnta Earraigh |
| S6.1.3 | Boscaí dlúthaithe bruscair a oibreoidh le cumhacht na gréine a chur ar fáil nuair is féidir | Maolú | Líon na n-araidí nua grianchumhachtaithe a shuiteálfar | An Rannóg Comhshaoil | RCAC, Ceantair Bhardasacha | Bliantúil | Maoiniú le haghaidh boscaí bruscair grianchumhachtaithe ó RCAC |
| S6.1.4 | Maoiniú a lorg chun Tionscadal Mapála Geoiteirmí a dhéanamh d'Uíbh Fhailí ar fad chun limistéir a aimsiú ina bhféadfaí, ó thaobh costais de, leas a bhaint as téamh geoiteirmeach in-athnuaite. | Maolú | An staidéar a bheith tugtha chun críche | An Fhoireann Aeráide | Scéimeanna Maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh, GSI, Green Offaly | 2025 | Glaonna maoinithe ón Aontas Eorpach |
| S6.1.5 | Maoiniú a lorg le haghaidh Máistirphlean Fuinnimh Uile-Chontae | Maolú | An staidéar a bheith tugtha chun críche | An Fhoireann Fuinnimh | SEAI | 2025 | Maoiniú a bheith ar fáil |
| S6.1.6 | Iniúchadh a dhéanamh féachaint an bhféadfaí Líonra Téimh Ceantair a chur ar bun, chomh maith le mionscéimeanna téimh ceantair | Maolú | An staidéar a bheith tugtha chun críche | An Fhoireann Fuinnimh | SEAI, an Fhoireann Aeráide | 2025 | Maoiniú a bheith ar fáil |
| S6.1.7 | Treoir agus beartas i leith Imeachtaí Inbhuanaithe a ullmhú le cur i bhfeidhm sa Chomhairle féin agus do lucht eagraithe seachtrach | Oiriúnú agus Maolú | Beartas a bheith forbartha | An Fhoireann Aeráide | Baill foirne na gCeantar Bardasach, Rannóg na gCóras Faisnéise, an tOifigeach Cumarsáide, an Oifig um Réitigh Tithíochta | 2024 | Acmhainní Foirne |
| S6.1.8 | Tionscnaimh feasachta bruscair/dramhaíl a chur chun cinn de réir Phlean Bainistíochta Bruscair 2022-2024 na Comhairle agus an Phlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola | Maolú | Líon na dtionscnamh feasachta | An Rannóg Comhshaoil | RCAC, Ceantair Bhardasacha | Bliantúil | Maoiniú deontais ó RCAC |

## S6.2 Féachaint ar dheiseanna a eascraíonn as cleachtais inbhuanaitheachta agus as athúsáid ábhar

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S6.2.1 | Feachtais chumarsáide atá soiléir, spriocdhírithe a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh fáil éasca ar fhaisnéis maidir le cad is féidir a athchúrsáil. Úsáid a bhaint as teachtaireachtaí dearfacha, mealltacha a rachaidh i bhfeidhm ar shaoránaigh (e.g. costas níos ísle, inbhuanaitheacht agus cruthú post) | Maolú | Líon na bhfeachtas | An Rannóg Comhshaoil | An Fhoireann Aeráide | Bliantúil | Oibreoirí na bhfóntas poiblí |
| S6.2.2 | Tacú le tionscadail bhruscair i bpobail áitiúla trí sholáthairtí agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil más féidir | Maolú | Líon na ngrúpaí pobail a dtabharfar tacaíocht dóibh | An Rannóg Comhshaoil | Grúpaí Pobail | Bliantúil | Maoiniú |
| S6.2.3 | Maoiniú agus comhoibriú a sholáthar de réir an Chomhaontú Seirbhíse a síníodh le Comhairle Contae Chill Dara don Mheasúnú Eolaíoch ar Roghanna Eile seachas Luibhicíd chun Cothabháil a Dhéanamh ar Bhlár Poiblí Fóilliochta | Oiriúnú | An tuarascáil deiridh a bheith foilsithe, an tionscadal a bheith críochnaithe | An Fhoireann Aeráide | An Fhoireann Chomhshaoil, an tOifigeach Bithéagsúlaíochta, baill foirne na gCeantar Bardasach | Bliantúil | Mac Léinn PhD a cheapadh |
| S6.2.4 | Tuilleadh dáileoirí uisce a shuiteáil ar fud an Chontae chun dramhaíl phlaisteach aonúsáide a laghdú | Oiriúnú | Líon na ndáileoirí uisce a dhéanfar a shuiteáil | An Fhoireann Aeráide | Leabharlanna, Oifigí na gCeantar Bardasach | Bliantúil | Láithreacha oiriúnacha a aithint |
| S6.2.5 | Fiosróidh Comhairle Contae Uíbh Fhailí na húsáidí a bhaintear as uisce faoi láthair d'fhonn bearta éifeachtúlachta uisce a aithint agus a chur chun feidhme. | Oiriúnú | Suirbhé ar úsáid uisce a bheith tugtha chun críche | An Fhoireann Aeráide | Saoráidí, Uisce Éireann | 2025 | Faisnéis a bheith ar fáil |
| S6.2.6 | Beidh Comhairle Contae Uíbh Fhailí ag comhoibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun tacú le tionscnaimh áitiúla i dtaobh an bhithgheilleagair agus na tionscnaimh sin a chur chun cinn trí struchtúir atá ann cheana féin, amhail an Ciste um Aistriú Coir agus cinn eile, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe um an mBithgheilleagar 2023-2025 agus pleananna a dhéanfar amach anseo le linn shaolré an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil. | Oiriúnú agus Maolú | Líon na bhfeachtas | An Fhoireann Aeráide | OFÁ, An Rannóg Comhshaoil, Páirtithe leasmhara i réimse an bhithgheilleagair | Bliantúil | Dea-thoradh a bheith ar an rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara i réimse an bhithgheilleagair, maoiniú |

## S6.3 Geilleagar ciorclach a chur chun cinn trí mhúscailt feasachta chun dramhaíl a laghdú

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S6.3.1 | Tairseach a fhorbairt ar an inlíon chun acmhainní agus earraí inmheánacha a athúsáid nuair is féidir | Maolú | Leathanach inlín a bheith forbartha | Rannóg na gCóras Faisnéise | An Fhoireann Aeráide | 2024 | Acmhainní Foirne |
| S6.3.2 | A leagan síos go mbeidh clúdaigh láidre ar fhóin chliste/táibléid ionas gur lú an baol go mbrisfear iad | Maolú | % na ngléasanna a bhfuil clúdach orthu | Córais Faisnéise | Gníomhú Aeráide | 2024 | Ardbhainisteoirí |
| S6.3.3 | Cuirfidh Comhairle Contae Uíbh Fhailí chun cinn go stopfar ag baint leas as cupáin aonúsáide le haghaidh deochanna te agus go dtabharfaidh custaiméirí a gcupán féin leo, agus go rachaidh sí i mbun oibre le páirtithe leasmhara ábhartha amhail Comhlachais Tráchtála, na Bailte Slachtmhara, Comhair Chreidmheasa agus eile chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus iad ag aistriú chuig roghanna inbhuanaithe. i.e. 2GoCup nó a leithéid. | Oiriúnú | Feachtas a bhunú ionas gur lú an úsáid a bhainfear as cupáin aonúsáide | An Fhoireann Aeráide | Comhlachais Tráchtála, Comhair Chreidmheasa, úinéirí gnó | 2024 | Dul i gcomhairle le gnólachtaí agus dea-thoradh a bheith air sin |

**Delivering Effective Climate Action 2030**

Strategic Goal Alignment

SG1 SG2 SG4 SG5 SG6

**Inbhuanaitheacht agus Bainistiú Acmhainní, Offaly CAP 2024-2029**

Contributes to 8 out of the 17 goals

3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING · 6 CLEAN WATER AND SANITATION · 7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY · 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE · 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES · 12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION · 13 CLIMATE ACTION · 17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

# CRIOS DÍCHARBÓNAITHE (CD)

*Léireoidh Tulach Mhór, arb é Crios Dícharbónaithe ainmnithe Uíbh Fhailí é, fíor-cheannaireacht maidir le gníomhartha aeráide, bithéagsúlachta agus inbhuanaitheachta a dhéanamh trí nuálaíocht, teicneolaíocht agus cruthaitheacht, agus trí rannpháirtíocht an phobail a chumhachtú...*



*"CD's are spatial areas identified by each local authority to act as demonstration testbeds of what is possible for Decarbonising and climate action at a local and community level"*

I mí Feabhra 2021, i gCiorclán LGSM01-2021 a thagraíonn do Ghníomh 165 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021, ceanglaítear ar gach údarás áitiúil limistéar a shainaithint ((i) limistéir uirbeacha nach lú a ndaonra ná 5,000 duine, (ii) limistéir thuaithe nach lú ná 4km² nó (iii) láithreacha/limistéir eile inar féidir dícharbónú a léiriú ar scála in-athdhéanta) a bheadh faoi réir plean maidir le Crios Dícharbónaithe (CD).

Is féidir leas a bhaint as an CD bunaidh sin chun féachaint céard is féidir a dhéanamh ó thaobh dícharbónú de, aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin, astaíochtaí gás ceaptha teasa, oiriúnú, aeráid, agus gníomhartha bithéagsúlachta ar an leibhéal áitiúil agus leibhéal an phobail, chun tacú leis an uaillmhian náisiúnta i leith na haeráide agus an uaillmhian sin a bhaint amach. I gcás tionscadail taispeána a n-éireoidh leo, ba cheart iad a mhacasamhlú agus a dhéanamh ar scála níos mó ar fud limistéar riaracháin an údaráis áitiúil. Ba cheart dul chun cinn sa teicneolaíocht a chuimsiú sna tionscadail, ba cheart iad a shaincheapadh chun freastal ar shaintréithe astaíochtaí agus aeráide limistéar an CD agus ba cheart páirtithe leasmhara, comhpháirtithe agus urraitheoirí tionscadail iomchuí a shainaithint ina leith.


Ba cheart do thionscadail, bearta agus tionscnaimh aghaidh a thabhairt ar bhearta éagsúla lena n-áirítear:

- Foinsiú leictreachais
- Bainistíocht teasa
- Éifeachtúlacht fuinnimh na bhfoirgneamh a fheabhsú
- Riachtanais taistil a laghdú agus córacha taistil a aistriú i dtreo iompar gníomhach agus seirbhísí iompair phoiblí
- Ceapadh carbóin
- Córais stórála agus bainistíochta fuinnimh.


Ba cheart go dtabharfadh CD aghaidh freisin ar na comhshochair níos leithne a bhaineann le cáilíocht an aeir, sláinte fheabhsaithe, bithéagsúlacht, dramhaíl, uisce, geilleagar ciorclach, tearcrochtain ar bhreosla, scileanna, fostaíocht, feasacht saoránach ar an aeráid agus athrú iompraíochta chun feabhais.

Ach díriú ar áit ar leith, trí ghníomhartha aeráide a chur i bhfeidhm lena mbíonn deiseanna eile le tapú anuas ar astaíochtaí a laghdú, mar shampla, is féidir le plean uaillmhianach, nuálach i leith CD áiteanna a chothú atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus seasmhach, áiteanna inar maith le daoine a bheith ina gcónaí, ag obair, agus i mbun gnó.

## Cad is crios dícharbónaithe ann?




***Fíor 4.1:*** *Explanation and locations of Decarbonising Zone's (Source, CARU 2023)*




- Crios Dícharbónaithe
- C1.1 – Tráchtáil agus Miondíol
- C2.1 – Tionsclaíocht, fiontar, fostaíocht
- C2.2 – Tionsclaíocht Ghinearálta
- C6 – Úsáidí measctha/ginearálta tráchtála/tionsclaíocha/fiontair
- G5 – Úsáidí glasa meascta/ginearálta agus caitheamh aimsire/caomhnú, eile
- M2 – Cathair/baile/sráidbhaile, ceantar lárnach
- M3 – Dúiche, ionad comharsanachta
- R1 – Limistéar cónaithe nua / atá beartaithe
- R2 – Limistéar cónaithe atá ann cheana
- S5 – Seirbhísí/áiseanna pobail meascatha/ginearálta

***Fíor 4.2:*** *Crios Dícharbónaithe Thulach Mhór*

## Mar a Roghnaíodh CD Uíbh Fhailí

Mar chuid de phróiseas sainithe CD Uíbh Fhailí, sainaithníodh sé láthair agus rinneadh measúnú orthu. Bhí idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe ina measc. Tar éis plé fairsing le páirtithe leasmhara ábhartha, roghnaigh an Príomhfheidhmeannach Tulach Mhór mar an CD d'Uíbh Fhailí. Rinneadh an cinneadh sin tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar go leor critéar amhail deiseanna féideartha agus saintréithe sonracha faoi na ceannteidil seo a leanas: iompar, tionsclaíocht, foirgnimh, bainistíocht teasa, spásanna glasa, bainistíocht leictreachais agus Aistriú Cóir. Ar an dul céanna, d'ainmnigh gach ceann de na ceithre údarás áitiúla eile atá in ORGA Fho-Réigiún Lár na Tíre a mBaile Contae mar CD.

## Ráiteas Físe agus Croíchuspóirí i leith an CD

Tá fís an Chreasa Dícharbónaithe atá ainmnithe againn ag teacht leis an bhfís a shonraítear sa PGA atá ullmhaithe ag údarás áitiúil Uíbh Fhailí:

### Ráiteas Físe

Geilleagar a bhfuil Teacht Aniar ann i leith na hAeráide, atá Saibhir ó thaobh na Bithéagsúlachta de, atá Inbhuanaithe ó thaobh an Chomhshaoil de agus atá Neodrach ó thaobh na hAeráide a bhaint amach faoi 2050.

### Ráiteas Misean


Léireoidh Tulach Mhór, arb é Crios Dícharbónaithe ainmnithe Uíbh Fhailí é, fíor-cheannaireacht maidir le gníomhartha aeráide, bithéagsúlachta agus inbhuanaitheachta a dhéanamh trí nuálaíocht, teicneolaíocht agus cruthaitheacht, agus trí rannpháirtíocht an phobail a chumhachtú, rud a léireoidh cé na tionscnaimh áitiúla a n-éireoidh leo agus is féidir a chur ar bun ar scála níos mó ar fud an chontae agus an réigiúin.

Is é cuspóir uileghabhálach an CD spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach, ach is féidir díriú freisin ar chuspóirí tacaíochta eile, cosúil leo seo a leanas:

- Bearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm chun teacht aniar a chothú agus chun dul i ngleic le droch-iarmhairtí an athraithe aeráide.
- Tacú leis an mbithéagsúlacht agus le réitigh atá bunaithe ar an dúlra, agus iad a chur chun cinn agus a fheabhsú.
- Comhshochair a thagann as maolú, oiriúnú agus feabhsú na bithéagsúlachta a spreagadh agus deiseanna a thagann astu a thapú.
- Líonraí láidre, comhpháirtíochtaí agus comhar a fhorbairt agus a chothú ar fud an rialtais, na hearnála príobháidí agus pobal chun réitigh agus idirghabhálacha áitiúla a bhaint amach.
- Leas a bhaint as infheistíocht agus acmhainní áitiúla, earnála agus náisiúnta chun réitigh agus idirghabhálacha a bhaint amach.

## Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

Ar aon dul leis an tuarascáil mheasúnaithe ar an bhFardal Astaíochtaí Bonnlíne (FAB) ar fud an Chontae agus tuarascálacha Measúnaithe Riosca um Athrú Aeráide, d'eagraigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go ndéanfadh an chuideachta comhairleoireachta KPMG Future Analytics tuarascálacha measúnaithe FAB i leith na gCriosanna Dícharbónaithe do na cúig chontae san Fho-Réigiún ORGA, chun cúig thuarascáil aonair áitbhunaithe FAB (Sraith 3) i leith Criosanna Dícharbónaithe a ullmhú, agus an cur chuige agus an mhodheolaíocht chéanna á gcur i bhfeidhm ar fud an fho-réigiúin.




*Páirc Lloyd, Sráid Chormaic, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí*

Arís, thug comhghleacaithe ó Oifig ORGA Réigiún Lár na Tíre agus an Oirthir cúnamh do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, arb é an príomhúdarás sa phróiseas soláthair é. Bhí ionadaithe um ghníomhú aeráide ó na cúig chontae i bhfo-réigiún lár na tíre ag obair i ndlúthpháirt leis na comhairleoirí chun scóip tionscadail a fhorbairt ag teacht leis na treoirlínte d'údaráis áitiúla maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, treoirlínte a d'fhoilsigh RCAC – Iarscríbhinn Theicniúil C: Measúnú ar Mhaolú Aeráide agus Iarscríbhinn Theicniúil D: Criosanna Dícharbónaithe Roghnaíodh 2018 mar bhliain bhonnlíne don mheasúnú FAB chun teacht le spriocanna náisiúnta na hÉireann, ar cinn iad a shonraítear i gcoibhneas leis an mbliain chéanna. Is forléargas í an tuarascáil measúnaithe FAB ar astaíochtaí carbóin iomlána Chrios Dícharbónaithe Thulach Mhór ag pointe áirithe ama, agus is féidir caitheamh léi amhail is gur Iarscríbhinn Theicniúil fhorlíontach í a ghabhann leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag an údarás áitiúil.

Breithníodh astaíochtaí ó na hearnálacha seo a leanas sa FAB a rinne KPMG i leith an Chreasa Dícharbónaithe: An Earnáil Chónaithe, Tráchtála agus Phoiblí, Iompar, Dramhaíl, Fuinneamh/ Leictreachas agus Próisis Thionsclaíocha. Léirítear sa tuarascáil astaíochtaí carbóin iomlána thart ar 129,609 $tCO^2e$ do 2018, nó 8.87 $tCO^2e$ in aghaidh an duine, agus iad miondealaithe in aghaidh na hearnála mar a thaispeántar thíos:

## Iomlán na n-astaíochtaí carbóin sa CD





***Fíor 4.3:*** *Iomlán na n-astaíochtaí carbóin sa CD*
*Foinse: Offaly County Council Decarbonising Zone Report, 2023*

Sonraítear gur ón Earnáil Tráchtála agus Phoiblí a thagann an méid is mó astaíochtaí i gCrios Dícharbónaithe Thulach Mhór. Is gnách go dtagann na hastaíochtaí sin ó dhó breosla chun foirgnimh agus uisce a théamh. Is í an Earnáil Chónaithe atá sa dara háit, agus arís eile is úsáid breoslaí iontaise chun seomraí a théamh i dteaghaisí is cúis leis sin. Ina diaidh sin ar an liosta tá an Earnáil Iompair, óna dtagann 23% de na hastaíochtaí iomlána laistigh de CD Thulach Mhór.

Leis na torthaí bonnlíne sin, aithnítear réimsí imní maidir le hastaíochtaí agus ag an am céanna leagtar béim ar na deiseanna chun an dul chun cinn is mó a dhéanamh i dtreo spriocanna earnála.

## An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023

Leis an bPlean, táthar ag díriú ar spriocanna sonracha maidir le hastaíochtaí a laghdú in earnálacha éagsúla faoi 2030




***Fíor 4.4:*** *An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CBT23), spriocanna sonracha de réir earnála.*
*Foinse: An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (PGA23), Éire a Athrú Chun Cinn*

## Rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara

Tar éis tuarascáil mheasúnaithe CD i leith FAB a fháil, a athbhreithniú agus anailís a dhéanamh uirthi, thug Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi phróiseas mapála agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara. Aithníodh páirtithe leasmhara inmheánacha mar aon le páirtithe leasmhara seachtracha amhail lucht tionsclaíochta áitiúil, úinéirí gnó, soláthraithe iompair, gníomhaireachtaí oideachais, na Bailte Slachtmhara, an Comhlachas Tráchtála, soláthraithe fuinnimh, comhairleoirí earnála, comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí pobail, agus chuathas i dteagmháil leo maidir le PGA an údaráis áitiúil a dhréachtú, agus béim shonrach ar an CD i gcomhthéacs an phlean iomláin.

## Clár Deiseanna

Tar éis rannpháirtíocht luath le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, cuireadh tús le punann nó píblíne idirghabhálacha, tionscadal agus gníomhartha lena n-áirítear bearta maolaithe, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta. An 'Clár Deiseanna' a thugtar ar an bpunann tionscadal sin. Áirítear leis an gclár sin bearta nuálacha dícharbónaithe, teicneolaíochtaí nua, athruithe iompraíochta, cineálacha cur chuige nua, beartais nuálacha agus forbairt scileanna.

| Deis | Achar Ama | Sprioc | Costas | Maoiniú Féideartha |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste um Aistriú Cóir | 2024-2029 | Seachtrach | Ard | An Ciste um Aistriú Cóir |
| Plean Ceantair Áitiúil Thulach Mhór | 2024 | Seachtrach | Meánach | Ár nAcmhainní Féin |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF1 2018, URDF2 2020), an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. (URDF1) A: Féarbhealach Uirbeach B: Sráid an Stórais agus Sráid an Chalafoirt (URDF2)<br>A: Cearnóg Uí Chonchúir go Sráid na hEaglaise, Gairdín Uirbeach, RWH B: Nasc nua ón tSráid Ard go Lána an Teanúis C: Spás Cathartha Meath Lane<br>D: Creat Athghiniúna Thulach Mhór – Lár an Bhaile Uile | (URDF1) 2025<br>2024-2029<br>(URDF2) 2026<br>2025<br>2024 2024 | Seachtrach | Ard | RTPRÁ |
| Scéim Spáis Phoiblí Allamuigh 2021, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) | | Seachtrach | Ard | RTCEGSM |
| Ciste Aitheantais Pobail 2023 | | Seachtrach | Íseal | Ár nAcmhainní Féin/ Dáileadh Ginearálta Maoinithe Cathrach |
| Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) | | Seachtrach | Ard | RFTP |
| Scéim Bonneagair Fóillíochta Allamuigh, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | | Seachtrach | Ard | RFTP |
| Ciste Bonneagair Allamuigh Breise, An tÚdarás Náisiúnta Iompair 2021 | | Seachtrach | Meánach | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| Cosaint aimsire agus ithe amuigh faoin aer | | Seachtrach | Meánach | Fáilte Éireann |
| Taisteal Gníomhach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Measúnú Iompair Áitiúil Thulach Mhór<br>Gréasán Rothaíochta Thulach Mhór, Céim 1<br>Glasbhealach Uirbeach Thulach Mhór” | 2024<br>2025<br>2025 | Seachtrach | Ard | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| Abhainn Thulach Mhór a fheabhsú | 2024-2029 | Seachtrach | Meánach | Ár nAcmhainní Féin/ Dáileadh Ginearálta Maoinithe Cathrach |
| Scéim Comhroinnte Rothar | 2024-2029 | Seachtrach | Íseal | Ár nAcmhainní Féin |
| Scéim Comhroinnte Carranna | 2024-2029 | Seachtrach | Íseal | Ár nAcmhainní Féin |
| Pobal Fuinnimh Inmharthana Thulach Mhór | 2024-2029 | Seachtrach | Íseal | SEAI |
| Maoiniú i gcomhair Áiseanna Cathrach ón Aontas Eorpach | 2024 | Inmheánach | Meánach | Saoráid Chathracha na hEorpa |
| Misean an Aontais Eorpaigh maidir le Maoiniú um Oiriúnú Aeráide | 2024-2029 | Inmheánach | Meánach | Misin de chuid an Aontais Eorpaigh |
| Tionscadal Líonadh Talún i mBogach Dhoire Cluana | 2026 | Inmheánach | Meánach | Ár nAcmhainní Féin |
| Ionad Fóntais Phoiblí Lár an Bhaile | 2026 | Seachtrach | Meánach | Ár nAcmhainní Féin |
| Fuinneamh Glas/Mol Teicneolaíochta | 2025 | Inmheánach | Meánach | Ár nAcmhainní Féin |
| Tionscnaimh Aeráide / Inbhuanaitheachta / Fuinnimh / Bhithéagsúlachta de chuid Team Tullamore | 2024-2029 | Seachtrach | Meánach | Ár nAcmhainní Féin |
| Brandáil a dhéanamh ar CD Thulach Mhór | 2024 | Seachtrach | Íseal | RCAC |
| Droichead coisithe ag Baile Mhic Spolláin | 2025 | Seachtrach | Ard | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| Triail a bhaint as ábhar bóithre ísealcharbóin | 2024-2029 | Inmheánach | Meánach | TII |
| Baile ‘cliste’ Thulach Mhór | 2025 | Seachtrach | Meánach | Maoiniú ó RCAC agus ón Aontas Eorpach |

***Table 4.1:*** *Register of Opportunities for Offaly's Debarbonising Zone.*

Agus deiseanna á dtapú, agus le haon ghníomhaíochtaí agus aon fhorbairt a ghabhann leo (amhail fuinneamh, taisteal gníomhach, fóillíocht, bainistíocht dramhaíola, nó forbairt a bhaineann le portach, bogach nó dobharlach), tabharfar aird chuí ar an ngá atá le gnéithe íogaire den timpeallacht ghlactha a chosaint, lena n-áirítear gnéithe daonna den timpeallacht thógtha, láithreáin Eorpacha agus bithéagsúlacht, gnéithe oidhreachta, déanmhais chosanta agus a dtimpeallacht, agus uisce agus ithir ghlactha agus caighdeán an aeir sa cheantar.

I gcás aon deiseanna a chuirfear chun cinn as a dtiocfaidh forbairt ar fhuinneamh in-athnuaite, amhail forbairt tuirbíní gaoithe nó forbairt painéal gréine, tabharfar aird chuí go sonrach ar an ngá atá le gnéithe íogaire den chomhshaol a chosaint ó ghnáthéifeachtaí na forbartha sin, lena n-áirítear éifeachtaí ar ainmhithe agus éin nó éifeachtaí ar tírdhreach agus éifeachtaí amhairc, lena n-áirítear drithliú agus dalladh.

Déanfaidh an Chomhairle Contae a tionchar a imirt le féachaint chuige, i gcás deiseanna a chuirtear chun cinn as a dtiocfaidh forbairt ar bhonneagar líonra leictreachais breise, lena n-áirítear forbairt a dhéanfaidh oibreoirí líonraí leictreachais ar an mbonneagar cáblaí, nach sárófar na critéir ábhartha phleanála agus cosanta comhshaoil ná nach mbeidh drochthionchar mór acu ar an gcomhshaol.

I gcás aon deiseanna a chuirfear chun cinn lena dtacófar le hathghiniúint uirbeach nó le hathnuachan baile nó tuaithe, tabharfar aird chuí ar an ngá atá lena chinntiú go ndéanfar caomhnú cuí ar ghnéithe oidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear déanmhais chosanta.




*Columcille Street, Tulach Mhór, Comhairle Contae Uíbh Fhailí*



*Droichead Digby, An Chanáil Mhór, Bóthar an Chlochair, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí*

## Tosaíochtaí Áitiúla a Aithint





**Fíor 4.5:** *Tosaíochtaí áitiúla sa chrios dícharbónaithe.*

Ní bheidh infheistíocht bhreise ag teastáil i leith na n-idirghabhálacha go léir ós rud é nach gá costas mór a bheith ag baint le spriocanna a chur san áireamh i bhforbraíochtaí nua, ceanglais feidhmíochta a nuashonrú i gconarthaí fuinnimh ná bainistíocht feabhsaithe dramhaíola.


Áireofar leis an gClár Deiseanna tionscadail, gníomhartha agus bearta a dhéanfaidh an t-údarás áitiúil féin, agus beidh cinn eile i gceist a rachaidh i bhfeidhm ar earnálacha agus seirbhísí éagsúla agus nach mór a chur i bhfeidhm i gcomhar le heagraíochtaí san earnáil phríobháideach nó le comhlachtaí poiblí seachtracha.

Is liosta fairsing neamhiomlán é an liosta deiseanna i gcomhair CD Thulach Mhór. De réir mar a shainaithnítear deiseanna agus de réir mar a chuirtear in ord tosaíochta iad i gcomhréir le spriocanna náisiúnta aeráide thar shaolré PGA an údaráis áitiúil, beidh gá le rannpháirtíocht fhairsing bhreise le páirtithe leasmhara, agus beidh comhoibriú agus comhchruthú de dhíth i leith na dtionscadal go léir.




***Fíor 4.6:*** *Amlíne i dtaobh an Phlean Gníomhaithe Aeráide atá ag Údarás Áitiúil Uíbh Fhailí*

Déanfar é sin a bhainistiú agus déanfar faireacháin air trí phlean forfheidhmiúcháin ar leith i ndáil le gach beart. Ní hionann na pleananna forfheidhmiúcháin i gcás aon dá thionscadal, agus is páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha éagsúla a bheidh i gceist. Tá an t-údarás áitiúil i riocht maith chun ról ceannaireachta a ghlacadh maidir leis an ngníomhú aeráide, agus bainfidh sé leas as a chumhachtaí tionchair, éascaithe, comhordaithe agus abhcóideachta chun athruithe straitéiseacha, spriocdhírithe a bhaint amach lena bhféadfaí astaíochtaí a laghdú go mór.




***Fíor 4.7:*** *Tionscadail a ailíniú faoi PGA Chomhairle Contae Uíbh Fhailí*

# DELIVERING EFFECTIVE CLIMATE ACTION (DECA) 2030 AGUS NA SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE (SFINNA)

*"Treoir dár gcuid oibre chun cabhrú linn díriú go tréan ar ár gcuspóir agus a fhios againn go bhfuilimid go léir á spreagadh ag an bhfís agus an misean céanna chun athrú ó bhonn a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil".*

Tagann na spriocanna comhroinnte straitéiseacha agus na príomhchuspóirí seo a leanas ó Delivering Effective Climate Action (DECA) 2030 [Gníomhaíocht Éifeachtach ar son na hAeráide]. Aistriúchán ar an mbunleagan Béarla atá i gceist. D'fhorbair na ceithre ORGA agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) an doiciméad sin thar ceann an Choiste Comhshaoil um Athrú Aeráide agus um Pleanáil Éigeandála (ECCEP) de chuid Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) agus Ghrúpa Stiúrtha na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú Aeráide, agus i gcomhairle leo.

Tógann an doiciméad ar na huaillmhianta atá sa Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil, ina sonraítear nach mór d'údaráis áitiúla aghaidh a thabhairt ar an dúshlán aeráide ina gcuid gníomhartha agus tacú le gníomhaíocht ar son na haeráide agus athrú iompraíochta i measc saoránach. Na gníomhartha atá sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Uíbh Fhailí 2024-2029, tá siad ailínithe leis na spriocanna straitéiseacha in DECA 2030 chun cabhrú linn na spriocanna agus na cuspóirí sin a bhaint amach d'fhonn Fís agus Misean an Rialtais Áitiúil agus DECA a bhaint amach.

Is í an fhís atá ag DECA 2030 agus ag an rialtas áitiúil ná leas a bhaint as cumas, tionchar agus acmhainní na n-údarás áitiúil chun gníomhú aeráide a threorú agus a chomhordú go héifeachtach ar fud na hÉireann. Is é an misean atá ann i rith shaolré na straitéise DECA 2030 ná athrú ó bhonn a bhaint amach agus gníomh intomhaiste ar son na haeráide a dhéanamh ar fud ár gcathracha agus ár gcontaetha agus laistigh dár n-eagraíochtaí féin, trí cheannaireacht, trí dhea-shampla agus trí ghníomhaíocht a shlógadh ar an leibhéal áitiúil.

# THE DECA 2030 SPRIOCANNA AGUS CUSPÓIRÍ

DECA 2030

## SG1 Sprioc Straitéiseach 1 Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíochtaí a Chothú don Ghníomhú Aeráide.

Féachtar leis an sprioc seo lena chinntiú go bhfuil sainordú ag na húdaráis áitiúla chun treoir a léiriú maidir le gníomhú aeráide, go bhfuil acmhainní acu chun gealltanais a chomhlíonadh go héifeachtach, agus gurb iad an cuspóir agus an cur chuige oibre céanna atá ag gach duine den 28,000 ball foirne de chuid na n-údarás agus iad ag obair le pobail agus le comhpháirtithe straitéiseacha chun an gníomhú aeráide a neadú ar fud na ngníomhaíochtaí go léir.

### Príomhchuspóirí

1. Tacú leis an rialtas áitiúil chun bheith ina phríomhearnáil maidir le gníomhú aeráide, agus dul i bhfeidhm ar an mbeartas áitiúil agus ar an mbeartas náisiúnta ionas gur féidir an ról ceannaireachta sin a ghiaráil ar bhealach éifeachtach.

2. A chinntiú go bhfuil údaráis áitiúla ag obair as lámha a chéile, go bhfuil acmhainní ar fáil dóibh agus go bhfuil maoiniú acu chun leas a bhaint as an ról ceannaireachta sin ó thaobh an ghníomhaithe aeráide de.

3. Cumas agus feasacht a chothú sna húdaráis áitiúla, i measc na gcomhaltaí tofa agus an 28,000 fostaí de chuid na n-údarás áitiúil chun gníomhú aeráide a leabú ar fud ghníomhaíochtaí na n-údarás áitiúil.

4. Acmhainneacht agus ullmhacht a chothú maidir le bheith ag obair le pobail agus le comhpháirtithe straitéiseacha eile chun mórghníomh i leith an athraithe aeráide a chur i bhfeidhm i ngach cathair agus contae.

5. Sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt lena chinntiú go n-úsáidfear taighde, saineolas agus taithí na n-údarás áitiúil le haghaidh an ghníomhaithe aeráide.

## SG2 Sprioc Straitéiseach 2: Ár Spriocanna maidir le hAstaíochtaí Carbóin agus Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach faoi 2030 agus 2050.

Cinnteofar leis an sprioc seo go gcloífidh údaráis áitiúla le buiséid charbóin agus go gcomhoibreoidh siad le chéile chun a spriocanna a bhaint amach faoi 2030 agus 2050.

### Príomhchuspóirí

1. Astaíochtaí gás ceaptha teasa ónár dtithe, ár n-oifigí, ár mbonneagar agus ár bhflít iompair a laghdú de réir spriocanna náisiúnta 2030 agus 2050.

2. Cion an tsoláthair ghlais a mhéadú ionas gur féidir linn astaíochtaí ó tháirgeadh, iompar agus diúscairt earraí agus seirbhísí a fhaightear a thomhas, a bhainistiú agus a laghdú.

3. Straitéisí infheistíochta a fhorbairt le haghaidh tionscadail dícharbónaithe lena mbainfear athrú ó bhonn amach. Díreofar na straitéisí infheistíochta sin ar na hastaíochtaí a laghdú a oiread is féidir.

## SG3 Sprioc Straitéiseach 3: Deliver on Oiriúnú don Athrú Aeráide agus Teacht Aniar a Chothú i leith an Athraithe

Aeráide Cinnteofar leis an sprioc seo go ndéanfaidh an earnáil a cuid foirgneamh, a bonneagar agus a timpeallacht nádúrtha a oiriúnú don athrú aeráide agus go gcuirfear leis an teacht aniar atá inár bpobail agus inár n-eagraíochtaí ó thaobh na haeráide de. Aithnítear leis an sprioc seo freisin go mbeidh ról le himirt ag údaráis áitiúla maidir le pleananna earnálacha eile a chur i bhfeidhm, e.g. bainistíocht riosca tuilte, cáilíocht uisce agus bonneagar, oidhreacht, bonneagar iompair agus bithéagsúlacht.

### Príomhchuspóirí

1. Leanúint ar aghaidh ag cur chun feidhme straitéisí oiriúnaithe aeráide na n-údarás áitiúil, feabhas a chur ar an bhfáil atá ar shonraí maidir le rioscaí aeráide agus cabhrú le pobail leis an bpleanáil ar an leibhéal áitiúil ionas go mbeidh teacht aniar iontu.

2. Na deiseanna a thagann ón ngníomhú aeráide a thapú trí fheabhas a chur ar ár dtimpeallacht nádúrtha, ár bhfoirgnimh agus ár mbonneagar chun cur leis an tseasmhacht agus an teacht aniar i leith an athraithe aeráide atá inár n-eagraíochtaí, ár mbonneagar agus ár bpobail.

3. Béim a leagan ar réitigh atá bunaithe ar an dúlra, nuair is féidir é.

4. Tacú le gníomhaireachtaí eile agus pleananna earnálacha eile á gcur chun feidhme acu ar an leibhéal áitiúil.

5. Leanúint leis an oiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn agus a neadú laistigh de gach próiseas pleanála chun cinn agus sa phleanáil fhisiceach.

## SG4 Sprioc Straitéiseach 4: Gníomhú ar son na hAeráide a Spreagadh i bPobail Áitiúla.

Cinnteofar leis an sprioc seo go mbeidh údaráis áitiúla ag dul i gcomhairle le pobail agus go bhféachfaidh siad chuige go mbeidh na pobail sin in ann gníomhú, agus iad ag baint úsáid as struchtúir, próisis agus líonraí údaráis áitiúil atá ann cheana féin agus á bhfeabhsú.

### Príomhchuspóirí

1. A shainaithint cad is mór ag pobail maidir le gníomhú aeráide agus teacht aniar i leith an athraithe aeráide – anois agus amach anseo.

2. Eolas a sholáthar agus feasacht a chothú faoi bhearta éifeachtacha i ndáil leis an ngníomhú aeráide.

3. Tacú le pobail i dtaobh fís choiteann a bhunú maidir le cathracha agus contaetha ísealcharbóin a bhfuil teacht aniar iontu agus a chur ar a gcumas dóibh leanúint ar aghaidh le gníomhú aeráide a bhfuil brí agus tionchar aige.

4. Comhpháirtíochtaí a lorg agus a fhorbairt le gníomhaireachtaí seachtracha chun tionscadail gníomhaithe aeráide a spreagadh ar leibhéal an phobail.

5. Éileamh ar ghníomhú aeráide a spreagadh agus a chothú trí chláir forbartha acmhainne, ionstraimí beartais/airgeadais agus cláir áitiúla forbartha agus folláine.

6. Treoirthionscadail taispeána agus iniúchta a chur ar bun, ar cinn iad is féidir a mhacasamhlú, agus iad a mheas

## SG5 Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide san Fhiontraíocht a Spreagadh agus Tacú leis an.

Aistriú chuig Geilleagar Ionchuimsitheach, Ciorclach, atá Neodrach ó thaobh Fuinnimh de Cinnteofar leis an sprioc seo go mbeidh údaráis áitiúla chun tosaigh maidir le forbairt a dhéanamh ar gheilleagair ionchuimsitheacha, ciorclacha, atá neodrach ó thaobh carbóin de, inar féidir le fiontair áitiúla tairbhe a bhaint as ról gníomhach a bheith acu maidir le dícharbónú agus dul in oiriúint don aeráid agus í ag athrú.

### Príomhchuspóirí

1. An t-athrú aeráide agus an geilleagar ciorclach a leabú i gcur i bhfeidhm na straitéisí forbartha eacnamaíche áitiúla agus na Pleananna Áitiúla Eacnamaíocha agus Pobail.

2. É a chur chun cinn go bhforbrófar geilleagar glas a bheidh faoi bhláth, ina dtabharfar tacaíocht d'fhiontair chun leas a bhaint as deiseanna gnó glasa atá ag teacht ar an bhfód.

3. Gníomhú aeráide agus scileanna glasa a chur chun cinn san oiliúint agus san oideachas i gcomhpháirtíocht le Boird Oideachais agus Oiliúna agus leis na hOifigí Fiontair Áitiúla.

4. Tabhairt faoi straitéis i ndáil le geilleagar ciorclach, a bheidh bunaithe ar anailís ar na hearnálacha, na sreafaí ábhar agus na sruthanna dramhaíola áitiúla, e.g. sreafaí ábhar cathrach agus ábhar tionsclaíochta, giniúint dramhaíola, agus iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna maidir le soláthar ciorclach.

5. Tacú le fás agus forbairt fiontar ísealcharbóin trí chláir forbartha do sholáthraithe atá ailínithe le straitéisí i ndáil le soláthar glas.

6. Cloí leis an dea-chleachtas chun deiseanna eacnamaíocha a eascraíonn as an ngníomhú aeráide a chur chun cinn d'fhiontair áitiúla.

SG6

## Sprioc Straitéiseach 6:

**'Aistriú Cóir' a bhaint amach, go háirithe i gcás Pobail a d'fhéadfadh a bheith faoi Mhíbhuntáiste Eacnamaíoch de bharr Tionscadail Dícharbónaithe.**

Leis an sprioc seo, cinnteofar go mbeidh údaráis áitiúla ag gníomhú chun 'aistriú cóir' a bhaint amach agus chun pobail ar fud na hÉireann a choinneáil slán, folláin.

### Príomhchuspóirí

1. Earnálacha agus pobail a shainaithint a bhféadfadh an t-athrú aeráide nó an beartas aeráide dul i bhfeidhm orthu ar bhealach diúltach..

2. Bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme chun tacú leis na hearnálacha agus na pobail sin.

3. A chinntiú gur ar bhealach a chuirfidh le sláinte agus folláine gach duine a dhearfar bearta ar mhaithe leis an dícharbónú, leis an oiriúnú don athrú aeráide agus leis an teacht aniar ina leith.

4. Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht bhreosla trí iarfheistiú a dhéanamh ar thithe sóisialta ar leis na húdaráis áitiúla iad ionas go mbeidh siad níos teo, níos tíosaí ar fhuinneamh agus níos sláintiúla le cónaí iontu.

## Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

Ghlac 193 stát na Náisiún Aontaithe le Clár Oibre 2030 in 2015. Is plean gníomhaithe do dhaoine, don phláinéid agus don rathúnas é agus is creat é atá comhaontaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta chun cothromaíocht a bhaint amach idir gnéithe geilleagracha, gnéithe sóisialta agus gnéithe comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe. Cuimsítear sa Chreat 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus 169 cuspóir agus is é an aidhm fhoriomlán atá leis saol níos inbhuanaithe, níos fearr agus níos síochánta a bhaint amach do chách.

Aithníodh sa Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) 2018-2020 go bhfuil ról ríthábhachtach ag an rialtas áitiúil "maidir le beartais náisiúnta a aistriú ina ngníomhartha praiticiúla ar féidir leo cuspóirí SFInna a dhaingniú in iompar agus i gcuspóirí ár bpobal agus ár ndaoine". Ina dhiaidh sin, sa dara Plean Forfheidhmithe Náisiúnta d'Éirinn do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024 faoi Chuspóir Straitéiseach 2, dírítear ar "SFlanna a imeascadh i gcuid oibre na nÚdarás Áitiúil chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do logánú na SFlanna", agus tá gníomhaíochtaí sonracha san áireamh ann chun an méid sin a dhéanamh, lena n-áirítear:

i. Tionscnaimh reatha a thaispeáint, a chomhroinnt agus tógáil orthu.

ii. Tógáil acmhainne agus ardú feasachta.

iii. SFlanna a neadú sa Rialachas agus i gcreata tuairiscithe.

iv. SFlanna a ionchorprú laistigh de chreata pleanála áitiúla

v. Rannpháirtíocht an Phobail

Ina theannta sin, aithnítear údaráis áitiúla mar cheann de na naoi mhórghrúpa a shonraítear i gClár Oibre 2030 go bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus leagtar béim freisin i gClár Oibre 2030 ar an ról ar leith atá ag údaráis áitiúla agus ag pobail san fhorbairt inbhuanaithe uirbeach.

I gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach sa Chreatplean Náisiúnta um na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2022-2024 agus i gcomhchuibheas le PGA 2023, rinneadh measúnú ar gach téama faoin gCreat Gníomhartha in PGA Uíbh Fhailí maidir leis an tionchar ar SFInna ar leibhéal na gcuspóirí. Rinneadh measúnú aonair faoi gach ceann de na sé théama. Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar gach téama, rinneadh measúnú ar rannchuidiú foriomlán PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 leis an dul chun cinn i dtreo na 17 SFI a bhaint amach. Is féidir a fheiceáil san Fhíor ina léirítear an Roth SFInna go mbeidh sé ina thoradh ar PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 go ndéanfar dul chun cinn i dtreo 16 SFI as 17 a bhaint amach. Léirigh an measúnú freisin go bhfuil an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 atá ag Uíbh Fhailí ag cur leis an obair chun 54 as 169 cuspóir (de chuid na SFInna) a chur chun cinn.

Fíor Roth SFInna ina léirítear an dul chun chinn a dhéanfaidh PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 maidir leis na SFInna a chomhlíonadh.





Léiríonn na torthaí agus an fhaisnéis i bhFíor an raon feidhme leathan atá ag PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 agus an tábhacht a bhaineann le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe ar an leibhéal áitiúil in Uíbh Fhailí. Léirítear gur fairsinge an tionchar ná ar an aeráid amháin agus go n-imreofar tionchar ar ghnéithe eile den inbhuanaitheacht, amhail gnéithe geilleagracha, gnéithe sóisialta agus gnéithe comhshaoil.

I dTábla is iad na ceithre SFI is fearr a rannchuideoidh PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 leo ná SFI 7 (Fuinneamh Glan, Inacmhainne), SFI 11 (Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe), SFI 12 (Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach) agus SFI 13 (Gníomhú ar son na hAeráide). Beidh tionchar nach beag ag PGA Uíbh Fhailí freisin ar bhaint amach SFI 15 (Beatha ar Talamh).

Tábla Is iad na 4 SFI is mó a bhfuil PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 ag rannchuidiú leo ná:

| | | |
|---|---|---|
| 7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY | **SFI 7 Fuinneamh Glan, Inacmhainne** | Leis na gníomhartha a leagtar amach in PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 cuirtear chun cinn 4 as 5 chuspóir faoi SFI 7 |
| 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES | **SFI 11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe** | Leis na gníomhartha a leagtar amach in PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 cuirtear chun cinn 8 as 10 gcuspóir faoi SFI 11 |
| 12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION | **SFI 12 Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach** | Leis na gníomhartha a leagtar amach in PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 cuirtear chun cinn 7 as 11 chuspóir faoi SFI 12 |
| 13 CLIMATE ACTION | **SFI 13 Gníomhú ar son na hAeráide** | Leis na gníomhartha a leagtar amach in PGA Uíbh Fhailí 2024-2029 cuirtear chun cinn 4 as 5 chuspóir faoi SFI 13 |

Neartóidh torthaí an mheasúnaithe ar na SFInna an comhleanúnachas idir Beartas Áitiúil agus Beartais Náisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe do chách.



# CUR I BHFEIDHM AGUS TUAIRISCIÚ

*Is léir freisin gur dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide; ní stopann sé ag teorainneacha polaitiúla agus geografacha.*

## Pleanáil don chur i bhfeidhm

Is í Comhairle Chontae Uíbh Fhailí a chuirfidh i bhfeidhm an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Cé go n-éilíonn an plean cur chuige a ghlacfaí ar fud na Comhairle, tá an Dréachtphlean faoi úinéireacht ag Stiúrthóireacht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí um Ghníomhú Aeráide, Comhshaol, Uisce agus Iompar. Is mír sheasta é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide lena phlé agus lena athbhreithniú ar chlár oibre Choiste Beartais Straitéisigh na Stiúrthóireachta sin, a thagann le chéile gach ráithe sula dtuairiscítear chuig príomhchruinniú na comhairle.

Bhunaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Foireann um Ghníomhú Aeráide in 2023. Áirítear ar an bhfoireann sin Comhordaitheoir, Oifigeach agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú Aeráide. Is é ról na foirne sin ná an gníomhú aeráide a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus tuairisciú agus measúnú an Phlean a chomhordú, nuair a bheidh sé formheasta ag na Comhaltaí Tofa. Tacaíonn na foirne/foghrúpaí/fochoistí/ceannairí rannáin ar fud na heagraíochta, a bhfuil úinéireacht acu ar ghníomhartha ar leith atá sa phlean, leis an gCroífhoireann um Ghníomhú Aeráide. Ina measc siúd tá na Rannóga seo a leanas – Saoráidí, Tithíocht, Iompar, Comhshaol, Pleanáil, Athghiniúint, Seirbhísí Corparáideacha, TF, Leabharlanna, Seirbhísí Dóiteáin, Pobal, Bithéagsúlacht, Oidhreacht, Bainistíocht Flít, Taisteal Gníomhach. Beidh an Chroí-Fhoireann um Ghníomhú Aeráide ina pointe teagmhála freisin don phobal chun foghlaim faoi ghníomhú aeráide sa chontae.

Beidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag obair i gcomhpháirtíocht le raon príomhpháirtithe leasmhara chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean seo. Áirítear ar na páirtithe leasmhara sin iad seo a leanas, i measc eile – údaráis áitiúla na gcontaetha comharsanachta (Laois, an Iarmhí, Longfort, Ros Comáin, an Mhí, Cill Dara, Tiobraid Árann, Gaillimh), Oifig Réigiúnach Lár na Tíre agus an Oirthir um Ghníomhú Aeráide, Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre, Grúpa Náisiúnta Oiliúna na nÚdarás Áitiúil, Comhthionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Cathrach agus Contae, Líonra Rannpháirtíochta an Phobail, Smart Dublin, Aoisbhá Éireann, Comhairle na nÓg, Green Offaly, Team Tullamore, etc. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin deiseanna a sholáthar le haghaidh comhoibriú ar thionscadail, comhfhoghlaim, tacaíocht theicniúil agus tapú deiseanna maoinithe le linn chur i bhfeidhm na ngníomhartha a luaitear sa Dréachtphlean.

Is léir freisin gur dúshlán trasteorann é an t-athrú aeráide; ní stopann sé ag teorainneacha polaitiúla agus geografacha. Mar sin, tá cur chuige réigiúnach aontaithe ag na húdaráis áitiúla i bhfo-réigiún ORGA Lár na Tíre, trínar féidir leo a bheith ag obair i ndlúthpháirt le chéile ar chur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Nuair a bheidh an Plean formheasta, ullmhófar Plean Forfheidhmithe i leith gach gnímh, ina leagfar amach na mionsonraí maidir le conas a chuirfear an gníomh i bhfeidhm, agus ina sonrófar cén rannóg atá freagrach as agus na scálaí ama. Déanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí uainiú na dtréimhsí tuairiscithe feidhmiúcháin inmheánacha a ailíniú le ceanglais earnála maidir le tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## Maoiniú agus Comhpháirtíochtaí

Chun dea-shampla a léiriú agus chun an t-aistriú go sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide a chur chun cinn, beidh maoiniú imleor ag teastáil ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí le haghaidh tionscadail um ghníomhú aeráide chun a spriocanna i leith 2030 agus 2050 a bhaint amach. Bíonn fáil ag údaráis áitiúla ar chineálacha éagsúla maoinithe amhail deontais rialtais, cistí Eorpacha, infheistíocht ón earnáil phríobháideach agus cómhaoiniú pobail. Cé go bhféadfadh glaonna maoinithe nua spriocdhírithe ar son na haeráide a bheith ar fáil amach anseo, aithnítear go mbunóidh comhlachtaí maoinithe seanbhunaithe sruthanna maoinithe nua i gcomhair catagóirí atá dírithe ar ghníomhú aeráide nó go méadóidh siad leibhéal an mhaoinithe sin. Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag lorg deiseanna maoinithe nua agus cinn seanbhunaithe ó chomhlachtaí Eorpacha agus comhlachtaí náisiúnta araon ar comhlachtaí iad atá ailínithe lena cuspóirí um ghníomhú aeráide.

Ina theannta sin, tá comhpháirtíochtaí ina bpríomhghné i dtaobh réitigh ísealcharbóin a bhaint amach don earnáil. Tá ról ag an earnáil phríobháideach cheana féin maidir leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide a bhaint amach agus is féidir le comhoibriú den sórt sin cur arís eile le cumas na hearnála i dtaobh gáis ceaptha teasa na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de, tráth nach déanaí ná 2050. Tá sochar le baint ag an earnáil rialtais áitiúil freisin as dul i mbun comhar leis an earnáil tríú leibhéal. Is féidir leis an earnáil tríú leibhéal saineolas taighde agus forbartha a sholáthar a chabhróidh le húdaráis áitiúla réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus oiriúnú don athrú aeráide. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin cabhrú le húdaráis áitiúla fáil a bheith acu ar dheiseanna maoinithe do thionscadail agus do thionscnaimh um ghníomhú aeráide. Spreagfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí comhoibriú leis an earnáil phríobháideach agus leis an earnáil tríú leibhéal nuair is féidir agus déanfaidh sí an comhoibriú sin a éascú.

## An Dul Chun Cinn a Rianú trí Phríomhtháscairí Feidhmíochta

Leanfar le rianú a dhéanamh ar fheidhmíocht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí maidir le cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh

agus le laghdú astaíochtaí ó bhonneagar agus sócmhainní na Comhairle, mar a fhorordaítear le hoibleagáidí náisiúnta i leith na haeráide, tríd an gcóras Faireacháin agus Tuairiscithe atá á bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI).

Maidir le gníomhartha atá lasmuigh den chóras sin, tá príomhtháscairí feidhmíochta earnála ar cheann de na bealaí a mbaineann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí leas astu chun tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na gníomhartha a chur i bhfeidhm. Cuireann sé sin bonn eolais faoi fheidhmíocht na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú aeráide.

Leis an neartú a rinneadh ar an mbeartas um ghníomhú aeráide ar an leibhéal náisiúnta, spreagadh freagra agus tiomantas diongbháilte ó earnáil an rialtais áitiúil. Leagtar amach an gealltanas sin sa straitéis a d'fhoilsigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach thar ceann an rialtais áitiúil dar teideal *Delivering Effective Climate Action 2030* (DECA 2021).

Príomhbhreithniú don earnáil rialtais áitiúil i ndáil leis an ról neartaithe sin i ndáil le gníomhú aeráide is ea an chuntasacht, agus go háirithe an cumas chun dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú maidir le gníomh éifeachtach ar son na haeráide a dhéanamh ar leibhéal an údaráis áitiúil agus ar leibhéal na n-earnálacha. Beidh ról mór ag na príomhtháscairí feidhmíochta fós ina leith sin.

Bailíonn na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú Aeráide, in éineacht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) sonraí ar bhonn bliantúil a bhaineann le raon téamaí lena n-áirítear:

- Acmhainní maidir le Gníomhú Aeráide;
- Oiliúint um Ghníomhú Aeráide d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus do chomhaltaí tofa;
- Gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm;
- Tacaíocht d'fhiontair i réimse an ghníomhaithe aeráide;
- Éifeachtúlacht fuinnimh;
- Laghdú astaíochtaí;
- Bearta taistil ghníomhaigh; agus
- Freagairt ar bhabhtaí adhaimsire.

Leanfaidh an earnáil ar aghaidh ag bunú príomhtháscairí feidhmíochta breise de réir mar is gá agus cuirfidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí faisnéis ábhartha ar fáil de réir arna iarraidh sin, chun cuidiú le haird a dhíriú ar dhul chun cinn na hearnála rialtais áitiúil maidir le gníomhú aeráide.

## Riachtanais agus Socruithe Tuairiscithe

| Tuairisciú ar PGA 23 |
|---|
| Tuairisciú de réir Earnála<br>– An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta<br>– Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul Chun Cinn<br>– Tuairisciú don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide |
| An Uirlis Faireacháin Gap to Target de chuid SEAI |
| Tuairisciú Inmheánach |
| An Nuachtlitir agus Bealaí Cumarsáide Eile |

***Fíor 6.1:*** *Riachtanais tuairiscithe maidir le PGA an Údaráis Áitiúil a chur i bhfeidhm.*

### Tuairisciú Inmheánach

Lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go tráthúil é, déanfar faireachán ar chur i bhfeidhm an Dréachtphlean trí chóras rianaithe inmheánach. Chomh maith leis sin, féachfaidh an t-údarás áitiúil chuige go ndéanfar tuairisciú do chomhaltaí tofa ar bhonn débhliantúil. Tabharfaidh an Fhoireann um Ghníomhú Aeráide tuairisc ar chur chun cinn don Choiste Beartais Straitéisigh um Ghníomhú Aeráide, Comhshaoil, Uisce agus Iompair ar bhonn ráithiúil, agus do chruinniú iomlán na Comhairle i mí Iúil agus i mí na Nollag.

### Córas Faireacháin agus Tuairiscithe

Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag tuairisciú a cuid spriocanna feidhmíochta fuinnimh agus astaíochtaí do SEAI gach bliain.

### Feidhmíocht Earnála

Tuairisceoidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go bliantúil ar a feidhmíocht i leith gníomhú aeráide trí phríomhtháscairí feidhmíochta (mar a leagtar amach i gCuid 6.2) chun cur le feidhmíocht earnáil an rialtais áitiúil i dtaobh gníomhú aeráide, mar chuid de Straitéis DECA 2030 don rialtas áitiúil.

### An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide

Cuirfidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, de réir cuid 3(w) de Chairt Gníomhaithe Aeráide na n-údarás áitiúil, tuairisc bhliantúil chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Comhshaoil ar an dul chun cinn maidir le gníomhú aeráide ar an leibhéal áitiúil, mar chuid den obair chun an cuspóir náisiúnta aeráide a chomhlíonadh. Déanfar an dul chun cinn maidir le gach gníomh a thuairisciú trí uirlis tuairiscithe arna forbairt ag ORGA.



# FUINNEAMH GLAS

*Mar gheall ar an tiomantas do dhícharbónú, agus do chineálacha fuinnimh níos glaine agus níos inbhuanaithe, stopadh ag baint móna chun fuinneamh a ghiniúint.*

Ba é Lár na Tíre an chéad réigiún in Éirinn a mhothaigh tionchar an chláir dícharbónaithe agus an phróisis faoina bhfuiltear ag aistriú chuig geilleagar atá saor ó charbón. Chuaigh siadsan go mór i bhfeidhm ar Uíbh Fhailí go háirithe toisc go mbítí ag giniúint fuinnimh ó bhreosla iontaise ansin. Mar gheall ar an tiomantas do dhícharbónú, agus do chineálacha fuinnimh níos glaine agus níos inbhuanaithe, stopadh ag baint móna chun fuinneamh a ghiniúint. Tá an t-athrú sin ag cur ár ndúshláin ós rud é, le blianta fada anuas, gur chuidigh giniúint fuinnimh ó mhóin go mór le bonn geilleagrach Uíbh Fhailí, lena chreat sóisialta agus le forbairt bailte agus sráidbhailte cóngarach do phortaigh thionsclaíocha agus do stáisiúin chumhachta.

## Stair an Cheantair ó thaobh Fuinnimh de

Tá baint le fada an lá ag Uíbh Fhailí le fuinneamh agus giniúint cumhachta, rud a thosaigh le bunú An Turf Development Board, Limited, in 1933, agus ansin bunú Bhord na Móna in 1946. Bhí an-tionchar ag an gcur chuige tionsclaithe maidir le forbairt na dtailte portaigh ar gheilleagar lár na tíre agus cothaíodh pobail bhríomhara dá bharr. Bhain Uíbh Fhailí tairbhe as an-chuid fostaíochta i dtionscal na móna, idir bhaint móna agus phoist i stáisiúin chumhachta éagsúla. Bhí acmhainn thart ar 350MW ag trí stáisiún ina ndóití móin in Uíbh Fhailí, a raibh ceann acu díreach ag teorainn an chontae i gCúil an tSúdaire. Cuireadh stáisiúin níos nua-aimseartha ina n-ionad ag Droichead na Sionainne agus Éadan Doire go luath sna 2000í, agus is aschur uasta iomlán thart ar 250MW a bhí acusan.

Leis an méadú ar fheasacht comhshaoil, agus an tuiscint mhéadaithe atá againn ar an mbithéagsúlacht agus an tionchar a imrítear ar an gcomhshaol de bharr móin a mheilt agus a dhó ar scála tráchtála, ba léir nach raibh an dara rogha ann ach aistriú chuig breoslaí níos glaine. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag dul i muinín beartais um Ghníomhú Aeráide, lena dtapaítear deiseanna atá ag éirí as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus chuig fuinneamh in-athnuaite.

Is contae é Uíbh Fhailí a mbíodh a Chomhairle riamh ag breathnú chun cinn le beartas gaoithe ceannródaíoch, agus dá bhrí sin tá eolas nach beag carntha againn i réimse an bheartais fuinnimh, na pleanála fuinnimh agus na n-ábhar in-athnuaite. A bhuí leis an acmhainn dhinimiciúil sin, is maith an riocht ina bhfuilimid chun fiontair fuinnimh a éascú agus a chur chun cinn, agus an deis ann dul i mbun tionscnaimh chomhoibríocha.

## Forléargas

Ó glacadh an chéad straitéis fuinnimh gaoithe dá cuid in 2009, tá roinnt feirmeacha gaoithe ceadaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. Tá 538MW d'ábhair in-athnuaite (gaoth) ag Uíbh Fhailí atá ag feidhmiú nó atá á dtógáil faoi láthair. Tá cead tugtha i leith forbraíochtaí a sholáthróidh 435MW fuinnimh gréine. Tá forbraíochtaí a sholáthróidh 400MW fuinnimh gaoithe agus thart ar 690MW fuinnimh gréine ag céimeanna éagsúla den phróiseas pleanála faoi láthair i.e., ó luathchomhairliúchán poiblí go dtí iarratais phleanála. Tá dhá chóras cadhnraí chun fuinneamh a stóráil (BESS) ag Lumcloon Energy in Uíbh Fhailí Thiar – córas 100MW i nDroichead na Sionainne agus córas 100MW i Lomchluain. Is iadsan na saoráidí stórála fuinnimh is mó in Éirinn go dtí seo, agus tógadh iad faoi thionscadail cheannródaíocha Eorpacha le hinfheistíocht €150m. Tá cead faighte i leith BESS eile a ghinfidh 200MW sa chontae. Ceadaíodh cúititheoirí sioncrónacha 125MW chomh maith le 15MW de ghléasra meatánúcháin agus stáisiún píolótach hidrigine 2MW. D'fhéadfadh sé go mbainfí amach breis agus 1.5 GW de shaoráidí fuinnimh in-athnuaite, stórála agus seirbhísí eangaí in Uíbh Fhailí nuair a chuirtear san áireamh na tionscadail atá ann cheana féin, na cinn atá ceadaithe agus iad siúd atá ar na bacáin.

## Fuinneamh Gaoithe

Áiríodh i bPlean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027 Straitéis Fuinnimh Gaoithe an Chontae, cur chuige bunaithe ar phlean maidir le forbairt fuinnimh gaoithe i gContae Uíbh Fhailí. Leagtar amach ann limistéir ina mbreithneofar saoráidí fuinnimh gaoithe agus breithnithe maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála i ndáil le fuinneamh gaoithe.

**Sprioc maidir le Fuinneamh Gaoithe faoi dheireadh Tréimhse an Phlean: 466.3 MW**

**Sprioc maidir le Fuinneamh Gréine faoi dheireadh Tréimhse an Phlean: 145 MW**

**Sprioc maidir le Stóráil i gCadhnraí faoi dheireadh Tréimhse an Phlean: 445 MW**

Léirítear sa tábla thuas an méid a rannchuidíonn Contae Uíbh Fhailí le spriocanna náisiúnta foriomlána a bhaint amach (faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019) maidir le fuinneamh in-athnuaite agus maolú ar an athrú aeráide, agus go háirithe táirgeadh fuinnimh gaoithe agus an acmhainn fuinnimh gaoithe a d'fheadfaí a bhaint amach le linn thréimhse an phlean.

## Fuinneamh Gréine

Tá roinnt tionscadail fuinneamh gréine ceadaithe ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, agus tá treoir ina leith sin i bPlean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027. D'fhéadfaí feirmeacha gréine níos mó a thógáil ar thalamh thalmhaíochta agus is deis iad chun úsáid a bhaint as an talamh ar dhá bhealach éagsúla, ionas gur féidir gabháil do chleachtais feirmeoireachta, cosúil le hinnilt, ar thalamh a bhfuil painéil ghréine suite uirthi. Is lú i bhfad an cur isteach ó thaobh amhairc de i gcás na dtionscadal sin ná mar a bhíonn amhlaidh i gcás tionscadail ghaoithe agus roinnt bealaí eile chun fuinneamh a ghiniúint.

## Fuinneamh Geoiteirmeach

Tá acmhainn dhomhain gheoiteirmeach i dtuaisceart Lár na Tíre ag a bhfuil ardacmhainneacht mar fhoinse teasa in-athnuaite. Tá Ród agus Éadan Dóire suite os cionn láthair gheoiteirmeach. Tá acmhainneacht nach beag ann chun an teicneolaíocht a fhorbairt sa cheantar maidir leis na deiseanna seo a leanas a thapú:

- Tithe gloine, gnólachtaí, linnte snámha agus tithe a théamh.
- Uisce te le haghaidh áitribh thráchtála agus áiteanna cónaithe.
- Leictreachas a ghiniúint.

I measúnuithe tosaigh ar dheiseanna a rinneadh go dtí seo, tugtar le fios go bhféadfadh Fuinneamh Geoiteirmeach Éadomhain a bheith tarraingteach do thionscail atá ag iarraidh córas teasa teirmeach éifeachtúil ó cheann ceann na bliana. Tá gá le tuilleadh staidéir chun a fháil amach cad iad na deiseanna atá le tapú i ndáil le Domhainfhuinneamh Geoiteirmeach.

## Díleá Anaeróbach

Tá ról tábhachtach ag an díleá anaeróbach sa Ghníomhú Aeráide, toisc gur teicneolaíocht é lenar féidir fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint, astaíochtaí GCT a laghdú agus cothaithigh orgánacha agus carbón a aisghabháil le húsáid ar an ithir.

Is éard is díleá anaeróbach ann ná úsáid rialaithe a bhaint as ábhair orgánacha in-bhithmhillte chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh i bhfoirm bithgháis agus leasachán orgánach. Déanann miocrorgánaigh bunábhar (aon ábhar orgánach nach adhmad é) a thiontú ina bhithghás agus ina dhíleáiteán i dtimpeallacht nach bhfuil ocsaigin inti. Is próiseas nádúrtha é sin.

Is féidir le saoráidí ina ndéantar díleá anaeróbach próiseáil a dhéanamh ar dhramhaíl orgánach in-bhithmhillte ón tionscal talmhaíochta agus bia, ar dhramhbhia eile, agus ar bharraí oiriúnacha fuinnimh inbhuanaithe a fhástar go sonrach le haghaidh táirgeadh fuinnimh. Áirítear leis an dramhbhia is féidir a úsáid táirgí atá as dáta nó ar diúltaíodh dóibh, ó mhonaróirí nó miondíoltóirí, agus dramhaíl ón gcistin in ionaid tráchtála agus in áiteanna cónaithe. Cuirtear aoileach agus bunábhar bithmhaise féideartha eile isteach i gcoimeádán mór séalaithe, nach bhfuil aer ar bith ann. Sa timpeallacht sin atá gan ocsaigin, déanfaidh na baictéir bithghás.

Agus an dramhaíl á hathchúrsáil ina leasachán orgánach, fágann an díleá anaeróbach go laghdaítear costas, go gcoinnítear dramhaíl ón líonadh talún, go laghdaítear astuithe $CH_4$ agus go ngintear fuinneamh in-athnuaite ísealcharbóin. Leis sin, maolaítear an t-athrú aeráide trí gháis ceaptha teasa a laghdú. Is féidir leas a bhaint as an mbithghás a tháirgtear chun teas nó leictreachas a ghiniúint, nó an dá rud. Is féidir bithghás a uasghrádú ina bhithmheatán, substaint is féidir a chur isteach sa líonra gáis nádúrtha nó a chomhbhrú i gcoimeádáin le húsáid mar bhreosla – i gcomhair iompar de bhóthar, mar shampla. Is féidir leictreachas a ghiniúint, trí inneall gáis a tháirgeann teas agus cumhacht araon (CHP), agus ansin is féidir an leictreachas a chur chuig an eangach leictreachais nó é a úsáid san áit a ngintear é.

Príomhbhuntáistí a bhaineann le díleá anaeróbach ó thaobh gníomhú aeráide de:

- Laghdaíonn sé na hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) de bharr táirgeadh bia agus coinneáil beostoic;
- Déantar leasachán orgánach feabhsaithe a tháirgeadh, rud a laghdaíonn an tionchar a imrítear ar an gcomhshaoil de bharr leasacháin shaorga a tháirgeadh;
- Táirgtear leictreachas agus teas in-athnuaite, rud a fhágann nach mbítear ag brath chomh mór ar ghiniúint fuinnimh neamh-inathnuaite;
- Laghdaítear truailliú comhshaoil trí bhainistiú dramhaíola níos fearr;
- Soláthraítear bithmhais glan agus athchúrsáil dramhaíola, feabhsaítear éifeachtúlacht acmhainní, agus tacaítear leis an ngeilleagar ciorclach.

## Bonneagar Fuinnimh

Tá líonra stuama leictreachais ag trasnú Chontae Uíbh Fhailí. Tá an líonra tarchurtha atá ann faoi láthair comhdhéanta de bhonneagar 400kV, 220kV agus 110kV. Bhí Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag obair go réamhghníomhach chun babhtaí comhoibrithe a aithint lena ndéanfaí giaráil ar an mbonneagar fuinnimh ardvoltais a thrasnaíonn an contae, bonneagar a bhfuil nóid láidre ann a bhuí leis na ceithre stáisiún cumhachta atá nó a bhíodh ann, bunachair straitéiseacha talún agus cumas ó thaobh fuinneamh in-athnuaite. Léirítear na buntáistí sin sna straitéisí spriocdhírithe atá ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí chun borradh a chur faoi earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, agus a bheith ag obair le húinéirí talún/sócmhainní ar nós ESB agus Bord na Móna ionas go mbainfidh an pobal an leas is mó is féidir as na sócmhainní sin tráth a bhfuil ré na móna thart.

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí fós ag déanamh iniúchadh ar an mbonneagar fuinnimh, go háirithe na heangaí trína ndéantar leictreachas a tharchur agus a dháileadh, agus meastar gurb iadsan príomhchumasóirí an aistrithe go dtí fuinneamh níos glaine. Ag tógáil ar an mbonneagar tarchuir a bhíodh in úsáid i ré na móna, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag dul i gcomhairle le hoibreoirí líonra chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt beartais (e.g., an Comhairliúchán atá ar bun ag RCAC maidir le Sreanga Príobháideacha) agus faoin bpleanáil leanúnach atá ar bun chun an eangach a fheabhsú (e.g., *Shaping Our Electricity Future*). Is léir gur i dtábhacht a rachaidh an bonneagar leictreachais i ndáil leis an aistriú chuig fuinneamh glan, idir chumasú líonraí cuimsitheacha chun feithiclí leictreacha a luchtú agus dícharbónú na tionsclaíochta sa réigiún.

## Fiontraíocht Fuinnimh Ghlais

A bhuí leis an gcur chuige réamhghníomhach i leith an fhuinnimh in-athnuaite in Uíbh Fhailí agus le dlús a bheith le deireadh ré na móna, bhí an deis ag Uíbh Fhailí cur chuige iomlán nua a ghlacadh agus acmhainní agus bonneagar fuinnimh a chur i bhfeidhm chun fiontair agus tionscnaimh nuálacha a chothú i réimse an fhuinnimh ghlais. Agus é ag teacht chun cinn mar 'Contae an Fhuinnimh Ghlais', tá Uíbh Fhailí ag éascú do dheiseanna nua trí thacaíocht a thabhairt don nuálaíocht agus don fhiontraíocht. Ina theannta sin, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag obair le comhlachtaí eile chun deiseanna a aithint i dtaobh forbairt gheilleagrach i réimse na teicneolaíochta glaise.

Ag tógáil ar an oidhreacht fuinnimh a cothaíodh le linn ré na móna, tá tionscnamh uathúil forbartha ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, le tacaíocht ón gCiste um Aistriú Cóir, áit a mbíodh Stáisiún Cumhachta Róid.

Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus a comhpháirtithe ag cur chun cinn na hoibre forbartha i leith Pháirc Fuinnimh Ghlais Róid, ar fréamhshamhail thábhachtach í i réimse na bhfiontar fuinnimh. Tá an tsaoráid nua san áit a mbíodh Stáisiún Cumhachta Róid, rud a chabhróidh léi a bheith ina lárionad fiontraíochta sa réigiún don earnáil fuinnimh atá ag teacht chun cinn trí tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú le córais stórála agus tarchurtha fuinnimh. Is coincheap nuálach í an Pháirc Fuinnimh Ghlais sin a bhféadfadh léargas luachmhar a spreagadh, léargas a chuirfeadh bonn eolais faoin bhforbairt a d'fhéadfaí a dhéanamh ar áiteanna eile a bhíodh ina Stáisiúin Chumhachta go dtí le déanaí.

Tá Páirc Fuinnimh Ghlais Róid ar imeall Róid agus níl sí ach 7 km ó mhótarbhealach an M6 idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh. Bunaíodh an pháirc áit a mbíodh Stáisiún Cumhachta de chuid ESB, ar stráice 5.3 heicteár ar a bhfuil 13 láithreán sheirbhísithe. Tá iomrá ar an gceantar le fada maidir le táirgeadh fuinnimh agus tá roinnt tograí agus saoráidí ginte fuinnimh in-athnuaite ceadaithe ina leith cheana féin, idir fhuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine agus cadhnraí chun fuinneamh rotha lústair a stóráil. Toisc go raibh forbairt mhór déanta ar bhonneagar páirce gnó agus go raibh sé beartaithe bonneagair éagsúla fuinnimh a thógáil sa cheantar, nó go raibh siad tógtha cheana, d'aithin Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an deis chun Páirc Fuinnimh Ghlais a thógáil ag an láthair seo, a d'fhéadfadh a bheith ina heiseamláir náisiúnta den aistriú ó bhreoslaí iontaise go dtí fuinneamh inbhuanaithe agus nuálaíocht fuinnimh.

In 2020, choimisiúnaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí RPS Consultants chun Tuarascáil Measúnaithe Deiseanna a ullmhú i leith Pháirc Fuinnimh Ghlais Róid. Sa tuarascáil sin, sainaithníodh trí réimse ina bhfuil deiseanna straitéiseacha le tapú:

1. Dícharbónú fuinnimh / mol nuálaíochta bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, agus comhtháthú gáis hidrigine leis an gcóras leictreachais.

2. Samhail Páirce Éicea-Thionsclaíche ina gcothaítear fostaíocht ar scála mór – mar shampla in ionaid sonraí, san agraibhia, sa ghairneoireacht, sa bhithgheilleagar – thart timpeall ar na hacmhainní leictreachais agus teasa atá ar fáil.

3. Lárionad Oideachais/Nuálaíochta/Foghlama a bhíonn ag plé le fuinneamh in-athnuaite agus an eangach leictreachais: chun feasacht an phobail a fheabhsú faoin gcaoi a bhfuil an t-aistriú fuinnimh ag tarlú, chun comhoibriú le páirtithe leasmhara ar fud Réigiún Lár na Tíre agus chun comhpháirtíochtaí a bhunú le hollscoileanna agus institiúidí tríú leibhéil.

Sna coincheapa sin go léir, táthar ag caitheamh le Páirc Fuinnimh Ghlais Róid mar thionscnamh ar scála réigiúnach nó scála náisiúnta. Tá tús áite tugtha ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí d'fhorbairt Pháirc Fuinnimh Ghlais Róid, tionscnamh eiseamláireach fiontair fuinnimh, a mheastar a bheidh ina foinse foghlama agus ceannaireachta maidir le treochláir a fhorbairt i leith an dícharbónaithe, go háirithe do réigiúin eile ina mbítí ag brath go mór ar mhóin atá i mbun aistriú fuinnimh anois.

Tá deis straitéiseach nach beag le tapú i ndáil le dícharbónú, mar seo a leanas:

- saoráidí hibrideacha fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt taobh le tionscail agus fiontair i bPáirc Fuinnimh Róid agus forbraíochtaí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt sa cheantar tuaithe máguaird; agus
- comhshochair agus deiseanna éifeachtúlachta a thapú do tháirgeoirí agus d'úsáideoirí fuinnimh araon trí aschuir agus fotháirgí a bpróisis a roinnt ar bhealach iontaofa, inbhuanaithe atá iomaíoch ó thaobh costais de, agus fuinneamh in-athnuaite a onnmhairiú chuig an eangach náisiúnta an tráth céanna chun cabhrú leis an aistriú chuig sochaí ísealcharbóin a bhfuil teacht aniar inti ó thaobh na haeráide de.

Agus iniúchadh breise á dhéanamh aici ar na deiseanna dícharbónaithe sin, d'fhostaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an chuideachta Siemens chun tionscadal taighde ceannródaíoch a dhéanamh ina bhfiosrófar an acmhainneacht agus na deiseanna i dtaobh ionaid sonraí/mórúsáideoirí a chomhtháthú le fuinneamh in-athnuaite agus hidrigin ghlas i Lár na Tíre.

Trí chórais éagsúla fuinnimh in-athnuaite a bheith taobh le chéile agus iad comhtháite leis an eangach náisiúnta i bPáirc Fuinnimh Róid, cothaítear deiseanna ar leith chun nuálaíocht cheannródaíoch a dhéanamh agus moil taispeána a bhunú, rud a thacóidh leis an dícharbónú in Uíbh Fhailí agus as a n-eascróidh ceachtanna níos leithne do dhaoine eile. Thionscain Comhairle Chontae Uíbh Fhailí babhtaí comhair idir lucht tionsclaíochta, lucht acadúil agus páirtithe leasmhara agus thacaigh sí leo chun féachaint ar dheiseanna ar nós comhtháthú hidrigin ghlais agus mol taispeána, agus mórúsáideoirí fuinnimh a chomhtháthú le fuinneamh in-athnuaite.

Tá Uíbh Fhailí tar éis aistriú ó leictreachas a ghintear le móin go dtí fuinneamh glas. Faoi láthair, tá saoráidí sa chontae a sholáthraíonn thart ar 650MW fuinnimh in-athnuaite, nó tá cead faighte ina leith. Áirítear orthu sin: fuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine, leictrealaitheoirí hidrigine, meatánú bithmhaise, agus cúititheoir sioncrónach. D'fhéadfadh sé go mbainfí amach breis agus 1.5 GW de shaoráidí fuinnimh in-athnuaite, stórála agus seirbhísí eangaí in Uíbh Fhailí nuair a chuirtear san áireamh na tionscadail atá ann cheana féin, na cinn atá ceadaithe agus iad siúd atá ar na bacáin.

Tá iarracht déanta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí féachaint ar chás na mórúsáideoirí fuinnimh (ionad tionsclaíochta nó ionad sonraí), agus conas a d'fhéadfaí freastal orthu ar bhealach a thacaíonn leis an dícharbónú. Anois agus béim níos mó ná riamh á leagan ar shonraí, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tar éis féachaint ar conas is féidir leis an réigiún fuinneamh ísealcharbóin a ghiniúint ar bhealach iontaofa, mar is gá ionas go mbeidh oibreoirí na n-ionad sonraí in ann a gcuid spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach.

Fuarthas amach sna staidéir seo gur féidir cumhacht a chur ar fáil d'ionaid sonraí agus mórúsáideoirí fuinnimh eile le fuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine, nó fiú hidrigin ghlas ó fhoinsí in-athnuaite, agus gur féidir leas a bhaint as aon fharasbarr teasa chun tithe, gnólachtaí, fiontair agus ionaid phobail sa cheantar a théamh. Chomhlánódh sé sin na teicneolaíochtaí spárála fuinnimh atá á dtabhairt isteach ar leibhéal na tionsclaíochta trí chomhoibriú níos leithne. Tá deiseanna ann freisin d'ionaid sonraí chun infheistíocht a dhaingniú trí bheith ina bpríomhthionóntaí i bpáirceanna éicthionsclaíocha in éineacht le fiontair fuinnimh ghlais.

De bharr na staidéar taighdebhunaithe sin, tá léargas tábhachtach agus treochlár láidir fianaisebhunaithe ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí i dtaobh tacú leis an aistriú ó mhóin go dtí fiontair fuinnimh ghlais, rud a chuidíonn leis an dícharbónú trí ghiaráil a dhéanamh ar an iliomad tionscadal fuinnimh in-athnuaite atá ag teacht chun cinn in Uíbh Fhailí. Is príomhghníomhartha iad tionscnaimh dá leithéid lena dtacaítear leis an ngníomh straitéiseach a shonraítear i bPlean Fiontraíochta Lár na Tíre – aistriú go geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de – lena dtugtar tús áite don aistriú go réigiún atá saor ó charbón. Tá Fiontraíocht Éireann ag tacú leis an athrú sin agus ag tabhairt tús áite d'fhorbairt acmhainne fiontraíochta sa réigiún do thionscnaimh ghlasa agus do thionscnaimh inbhuanaitheachta.

Treisíonn Plean Gníomhaíochta Uíbh Fhailí um Straitéis Gheilleagrach 2022-2027 an tiomantas don fhuinneamh glas, agus luaitear cur chuige glas faoin tuath mar cheann de shé phríomhréimse a ndíreofar orthu. Tá an réasúnaíocht ina leith sin, a luaitear sliocht aisti thíos, ag teacht leis an gclár oibre dícharbónaithe sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide seo agus ag tacú leis.

*"A green economy is one that provides economic opportunities and improved human well-being in harmony with the sustainable management of all natural resources. The transition to green rural economies is about improving people's lives and livelihoods in rural areas, balancing natural resource use with maintaining incomes, and trading the risks of making a change with the opportunities that change will bring."*

Tacóidh Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Coir le hUíbh Fhailí agus í ag tabhairt droim láimhe don mhóin mar fhoinse fuinnimh. Aithníodh sa Tuarascáil Tíre de chuid an tSeimeastair Eorpaigh i leith 2020 d'Éirinn (Iarscríbhinn D) go n-imreofar tionchar mór ar Réigiún Lár na Tíre agus ar oibrithe sa tionscal giniúna leictreachais de bharr Éire a bheith ag aistriú ó fhoinsí fuinnimh atá dian ar charbón go dtí foinsí fuinnimh in-athnuaite, atá níos inbhuanaithe. Aithníonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an tairbhe gheilleagrach a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an aistriú ó tháirgeadh fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise go dtí infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite, cur chun cinn na hearnála fiontair ghlais agus cruthú post glas, rudaí ar comhpháirteanna de gheilleagar glas cliste sa cheantar áitiúil iad.

Agus í ag teacht leis an treocht ollmhór i dtaobh dícharbónú fuinnimh, d'fhéach Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le hiniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht na hidrigine in-athnuaite. Tá an acmhainneacht ag hidrigin in-athnuaite (nó 'hidrigin ghlas') a bheith ina rogha saor ó charbón a thógfaidh áit na mbreoslaí iontaise ina lán earnálacha dár ngeilleagar a mheastar nach furasta a dhícharbónú, sa chás nach bhfuil réitigh eile amhail leictriú díreach indéanta nó nach bhfuil siad costéifeachtach. Is féidir ról mór a bheith ag hidrigin in-athnuaite a tháirgtear sa tír seo chun tacú leis an aistriú sin, toisc nach n-astaíonn sí dé-ocsaíd charbóin (CO2) agus í á húsáid.

Faightear hidrigin ghlas nuair a chumhachtaíonn saoráid fuinnimh in-athnuaite leictrilíseoir a scoilteann uisce ina hidrigin agus ina ocsaigin. Tá acmhainneacht nach beag ag an hidrigin ghlas mar bhreosla saor ó charbón, lena gcomhcheanglaítear uisce leis an bhfarasbarr fuinnimh in-athnuaite chun breosla saor ó astaíochtaí a dhéanamh. Ina theannta sin, is féidir hidrigin ghas a chomhtháthú go héasca le breoslaí iontaise agus le córais ina n-úsáidtear breoslaí iontaise.

D'éirigh le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Ciste Forbartha Uíbh Fhailí Thuaidh maoiniú a fháil faoi Chiste Nuálaíochta GNI (Gas Networks Ireland) do thionscadal chun fiosrú an bhféadfaí mol taispeána hidrigine glaise a bhunú i bPáirc Fuinnimh Ghlais Róid. Bhí Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i gceannas ar bhabhta comhair idir lucht tionsclaíocht agus lucht acadúil (Gas Networks Ireland, Bord na Móna, SSE Renewables, RPS, Institiúid Fuinnimh UCD agus Ollscoil na Gaillimhe) chun féachaint an bhféadfaí hidrigin a dhíorthaítear ó fhuinneamh in-athnuaite i Lár na Tíre a chomhtháthú leis an líonra gáis. Ar bhonn an staidéir sin, ullmhaíodh treochlár mionsonraithe maidir le tionscadal taispeána hidrigine a chur ar bun, bealach fiosrúcháin ardacmhainneachta a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach i dtaobh aistear dícharbónaithe Uíbh Fhailí a chur chun cinn, a bhféadfadh feidhmeanna a bheith aige i réimsí mar iompar agus téamh ceantair.

Leanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar aghaidh ag iniúchadh an bhfuil sé praiticiúil leas a bhaint as hidrigin, ag teacht leis an Straitéis Náisiúnta Hidrigine, agus í ag féachaint le tarraingt ar an gciste luathnuálaíochta i leith na hidrigine agus a leithéid chun an t-aistriú sin a chur chun cinn.



AGUISÍN 1

# GLUAIS TÉARMAÍ

**Oiriúnú:** Athrú ar bith a thagann ar — (a) aon chóras a mbíonn daoine ina bhun nó ar dhear daoine é, lena n-áirítear córas eacnamaíochta, talmhaíochta, nó teicneolaíochta, nó (b) aon chóras arb ann dó go nádúrtha, agus éiceachóras san áireamh, atá ceaptha cur i gcoinne na n-iarmhairtí (bídís iarbhír nó tuartha) ó spreagthaí aeráide, damáiste don chomhshaol mar gheall ar an athrú aeráide a chosc nó a mhaolú, nó tairbhí comhshaoil a chur faoi deara.

**Bithéagsúlacht:** An éagsúlacht plandaí agus ainmhithe i gceantar agus an chaoi a mbíonn siad ag idirghníomhú i ngnáthóga agus in éiceachórais (lochanna agus foraoisí dúchasacha, mar shampla).

**Astaíochtaí Meatáin Bhithghinigh:** Is éard atá i gceist le meatán bithghineach ná meatán a tháirgtear agus a scaoiltear ó orgánaigh bheo, ar nós plandaí agus ainmhithe. Bíonn tionchar nach beag ag an meatán ar théamh domhanda (féach an sainmhíniú ar mheatán).

**Bithmheatán:** Is gás nádúrtha é seo atá próiseáilte agus is féidir é a úsáid mar fhoinse fuinnimh in-athnuaite. Is as ábhar ainmhithe agus plandaí a thagann sé.

**Rátáil Fuinnimh Foirgnimh:** Seasann BER i gcomhair 'Rátáil Fuinnimh Foirgnimh' nó Building Energy Rating. Léiríonn deimhniú BER feidhmíocht fuinnimh do thí. Is táscaire maith é ar an méid airgid a chaithfidh tú ar fhuinneamh (teas agus solas, mar shampla) agus ar an méid carbóin a tháirgfidh tú chun do theach a théamh ionas go mbeidh teocht chompordach ann. Idir A agus G a bhíonn rátáil BER. Is iad na tithe a bhfuil rátáil A acu na tithe is tíosaí ar fhuinneamh, na tithe is compordaí agus na tithe a mbíonn na billí fuinnimh is ísle acu go hiondúil. Is iad na tithe a bhfuil rátáil G acu na cinn is lú atá tíosach ar fhuinneamh agus teastaíonn go leor fuinnimh chun iad a théamh.

**An Timpeallacht Thógtha:** Is éard atá i gceist leis seo ná na struchtúir a thógaimid agus an timpeallacht thart orthu, cosúil le droichid, bóithre agus cosáin.

**Buiséid Charbóin:** Is trí bhuiséad carbóin a shocraíonn roinnt tíortha teorainn, trí bheartas nó sa dlí, maidir leis an méid gáis ceaptha teasa a astaíonn siad i rith tréimhse ama shocraithe. In Éirinn, is sa dlí a leagfar síos an buiséad carbóin. Leagtar amach sa Bhille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) conas a bheartófar buiséid charbóin in Éirinn. Cuirfidh an rialtas an buiséad carbóin i bhfeidhm ar bhonn comhairle ón gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide. Tiocfaidh roinnt buiséid charbóin sna sála ar a chéile agus clúdóidh gach ceann acu tréimhse cúig bliana.

**Dé-ocsaíd Charbóin (CO2):** Is gás cumhachtach ceaptha teasa í an dé-ocsaíd charbóin. Is cuid nádúrtha í den aer a análaímid. Tá méadú tagtha ar an méid CO2 atá san aer mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an duine, ar nós dó breoslaí iontaise agus dífhoraoisiú, rud a chuireann leis an athrú aeráide.

**Astaíochtaí Carbóin:** Déantar astaíochtaí carbóin nuair a scaoiltear gáis áirithe amach san aer mar gheall ar ghníomhaíochtaí ar nós breoslaí iontaise a dhó le haghaidh fuinnimh. San áireamh leo tá gáis cosúil le dé-ocsaíd charbóin agus meatán. Sin mar gheall go bhfuil carbón sa dá ghás sin. Uaireanta úsáidtear an téarma 'astaíochtaí carbóin' mar bhealach gearr chun cur síos a dhéanamh ar gach gás ceaptha teasa.

**Lorg Carbóin:** Tomhaiseann an lorg carbóin na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le gníomhaíocht nó le táirge ar leith. Clúdaíonn sé na hastaíochtaí a bhaineann le gach céim de dhéanamh agus d'úsáid táirge, nó de ghníomhaíocht a dhéanamh. Dá ísle an lorg carbóin is ea is lú a chuireann táirge nó gníomhaíocht leis an athrú aeráide

**Neodrach ó thaobh Carbóin de:** Ciallaíonn sé seo go bhfuil an méid gáis ceaptha teasa a scaoiltear amach san aer cothrom leis an méid a bhaintear as an aer.

**Geilleagar Ciorclach:** Sa chineál geilleagair seo, baintear leas as cur chuige atá níos éifeachtúla agus a úsáideann níos lú carbóin. Féachtar chuige go ndéanaimid táirgí agus ábhair a laghdú agus a athúsáid ionas gur lú an méid dramhaíola a tháirgtear.

**An Aeráid:** Is éard atá i gceist leis an aeráid ná an cineál aimsire a bhíonn i réigiún de ghnáth i rith tréimhse fhada ama – 30 bliain nó níos mó de ghnáth. Is é an difríocht mhór atá idir aeráid agus aimsir ná an t-achar ama atá i gceist. Is féidir leis an aimsir athrú ó nóiméad go nóiméad agus ó lá go lá, ach is í an aeráid meán na haimsire i rith tréimhse níos faide i gceantar ar leith.

**An Ciste um Ghníomhú Aeráide:** Faoin gCiste um Ghníomhú Aeráide de chuid an Rialtais, tacaítear le tionscnaimh agus le tionscadail a chuidíonn spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costais de. Caitear airgead ón gciste ar thionscadail nach dtarlódh murach é. Baintear leas as lena spreagadh go mbunófar tionscadail nuálacha chun teacht ar réitigh ar an athrú aeráide.

**An Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú):** Tá an dlí nua seo á fhorbairt chun sprioc a leagann amach go mbeidh geilleagar atá seasmhach agus neodrach ó thaobh na haeráide de in Éirinn faoi 2050. 'Sprioc náisiúnta aeráide 2050' a thugtar air sin. Faoin mbille nua, leagtar de chúram ar an Rialtas sraith buiséad carbóin a shocrú agus tugtar ról nua don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide maidir le cabhrú le forbairt na mbuiséad sin. Leagtar amach ann freisin na próisis maidir le conas a fhorbraímid ár bpleananna agus ár mbeartais aeráide chun cabhrú linn ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Mar shampla, caithfear nuashonrú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide gach bliain.

**Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide:** Is é seo plean bliantúil an Rialtais ina leagtar amach conas a chomhlíonfaimid ár ngealltanais a bhaineann leis an aeráid agus conas a bhainfimid amach spriocanna aeráide an Aontais Eorpaigh agus spriocanna aeráide idirnáisiúnta. I bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019, leagtar amach 183 gníomh agus níos mó ná 600 beart aonair atá dírithe ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide. Foilsítear tuarascálacha gach ráithe agus léirítear iontu an dul chun cinn atá á dhéanamh againn.

**An tAthrú Aeráide:** Seo athrú a thagann ar phatrúin aimsire le himeacht ama, de bharr fórsaí nádúrtha, nó gníomhaíocht an duine, nó an dá rud.

**Teacht Aniar i leith na hAeráide:** An cumas chun dul i ngleic le tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide ar bhealach a laghdaíonn an éifeacht a bhíonn acu ar dhaoine agus ar an gcomhshaol, agus lena mbaintear leas as aon deiseanna dearfacha.

**Dícharbónú:** Tarlaíonn sé seo nuair a stopaimid ag baint úsáid as breoslaí iontaise ar fud na tíre.

**Feithicil Leictreach:** Is feithicil í seo a fhaigheann a cuid cumhachta ar fad, nó formhór dá cumhacht, ó leictreachas seachas ó bhreoslaí iontaise cosúil le peitreal nó díosal.

**Astaíochtaí:** Is gáis nó cáithníní iad seo a scaoiltear amach san aer agus ar féidir leo cur le téamh domhanda nó le droch-chaighdeán an aeir.

**Réamh-mheastacháin i dtaobh Astaíochtaí:** Is iad seo na meastacháin a bhfuiltear ag súil leo (meastacháin thuartha) ar an méid gáis ceaptha teasa a scaoilfear amach gach bliain go dtí 2040. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na réamh-mheastacháin oifigiúla maidir le hastaíochtaí na hÉireann. Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar bheartas an Rialtais faoi láthair agus ar an mbeartas atá pleanáilte, agus cuidíonn siad linn a fheiceáil conas atá ag éirí linn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

**Éifeachtúlacht Fuinnimh:** Nuair a úsáidimid níos lú fuinnimh chun an toradh céanna a bhaint amach, deirtear go bhfuilimid tíosach ar fhuinneamh.

**An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC):** Is gníomhaireacht stáit neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá sí freagrach as raon leathan feidhmeanna chun an comhshaol a chosaint.

**An Comhaontú Glas don Eoraip (2019):** Is treochlár é an plean seo chun geilleagar an Aontais Eorpaigh a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leagtar amach ann na gníomhaíochtaí agus na spriocanna atá de dhíth chun go mbeidh an Eoraip ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú Glas i mí na Nollag 2019.

**Neamhchosaint:** Deirtear go mbítear neamhchosanta (nó faoi lé na haimsire) nuair a bhíonn sócmhainní, bonneagar, réadmhaoin, daoine, slite beatha, speicis nó éiceachórais, feidhmeanna comhshaoil, seirbhísí agus acmhainní ann a bhféadfadh an adhaimsir cur isteach orthu.

**Breoslaí Iontaise:** Breoslaí – cosúil le gual, gás, móin agus ola – a dhéantar sa talamh thar na mílte nó na milliúin bliain ó phlandaí agus ainmhithe marbha agus a ídítear nuair a dhóitear iad le haghaidh fuinnimh

**Acmhainneacht maidir le Téamh Domhanda (GWP):** Tomhas ar an méid teasa a cheapann gás ceaptha teasa san atmaisféar (tugtar 'fórsáil radantach' air sin) i dtréimhsí áirithe ama. Tá sé comhaontaithe ag rialtais an tomhas sin a úsáid chun an tionchar a bhíonn ag astaíochtaí gás éagsúla a chur le chéile agus lena fháil amach conas a chuireann siad leis an téamh domhanda.

**Geilleagar Glas:** Ní úsáideann geilleagar glas mórán carbóin, agus bíonn sé tíosach ar acmhainní agus ionchuimsitheach ó thaobh na gné sóisialta de.

**Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCT):** Gáis a cheapann teas ó dhromchla an Domhain, rud is cúis le téamh in íochtar an atmaisféir agus le moilliú na cailliúna fuinnimh ón Domhan. Is iad na gáis ceaptha teasa is mó is cúis leis an athrú aeráide ná dé-ocsaíd charbóin, meatán agus ocsaíd nítriúil.

**Guaiseacha:** Rudaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. Sa doiciméad seo, úsáidtear an téarma agus muid ag trácht ar na tionchair fhisiceacha a bheadh ag tarlúintí nó treochtaí a bhaineann leis an aeráid.

**Teaschaidéil:** Is gléasanna leictreacha iad teaschaidéil go príomha, agus tiontaíonn siad an teas atá ar fáil ionas gur féidir é a úsáid i dtithe, in oifigí agus i bhfoirgnimh oiriúnacha eile. De bharr go n-úsáidtear foinsí teasa in-athnuaite sna caidéil sin, is fearr ó thaobh an chomhshaoil de iad ná córas a úsáideann breoslaí iontaise. Tarraingíonn cineálacha éagsúla córas dá leithéid teas ó fhoinsí éagsúla, amhail:

- An t-aer
- Uisce
- An talamh

**An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC):** Bíonn an comhlacht idirnáisiúnta seo ag obair le rialtais, le náisiúin, nó leo araon, chun an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide a mheas. Is iad na Náisiúin Aontaithe atá ina bhun agus tá eolaithe air a d'ainmnigh gach Rialtas.

**An Ciste um Aistriú Cóir:** Is crann taca é an Ciste um Aistriú Cóir sa Sásra um Aistriú Cóir faoi bheartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm leis éifeachtaí díobhálacha an aistrithe ghlais a mhaolú trí thacú leis na háiteanna agus na hoibrithe is mó a n-imrítear tionchar orthu agus trí aistriú cothrom socheacnamaíoch a chur chun cinn. I gcomhréir le sainchuspóir aonair an Chiste, is iad na gníomhaíochtaí a dtacófar leo ná iadsan a chuidíonn go díreach le maolú a dhéanamh ar na drochthionchair a bheidh ag an aistriú ar an bhfostaíocht. Déanfar é sin trí thacú le héagsúlú agus le nuachóiriú an gheilleagair áitiúil sna háiteanna is measa a bhuailfear.

**Meatán ($CH_4$):** Tagann an gás cumhachtach ceaptha teasa seo ó fhoinsí cosúil leis an talmhaíocht, breoslaí iontaise agus dramhaíl. Is féidir é a úsáid mar bhreosla. Mar shampla, meatán is mó atá sa ghás nádúrtha. In Éirinn, is é an dara gás is mó é a chuireann leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa.

**Maolú:** Aon idirghabháil dhaonna atá dírithe ar thionchair dhíobhálacha ar chóras aeráide an domhain a laghdú. San áireamh ansin tá gníomhaíochtaí atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú agus slogaidí carbóin a bhunú nó a fheabhsú.

**A bheith Saor ó Astaíochtaí ar an nGlanleibhéal:** Is é atá i gceist leis seo cothromaíocht fhoriomlán a bhaint amach idir astaíochtaí gás ceaptha teasa a tháirgtear de bharr ghníomhaíochtaí an duine agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaintear as an atmaisféar.

**Foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de (NZEB):** Is é atá i gceist leis seo foirgnimh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard acu. Ciallaíonn sé sin nach dteastaíonn ach méid an-bheag fuinnimh uathu agus go dtagann an fuinneamh a úsáideann siad ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, sna tithe sin nó áit éigin gar dóibh. Beidh tithe NZEB 70% níos tíosaí ar fhuinneamh agus astóidh siad 70% níos lú dé-ocsaíde carbóin ná iad siúd a tógadh faoi rialacha tógála a bhí ann roimhe seo.

**Comhaontú Pháras:** Glacadh an comhaontú seo maidir leis an athrú aeráide i bPáras na Fraince i mí na Nollag 2015 agus tá sé ina cheangal de réir dlí. Leagtar amach ann creat domhanda chun athrú contúirteach aeráide a sheachaint trí theorainn a chur leis an téamh domhanda go dtí i bhfad faoi bhun 2°C agus iarracht a dhéanamh é a bheith faoi 1.5°C. Tá sé ina aidhm leis freisin cur le cumas tíortha déileáil le hiarmhairtí an athraithe aeráide agus tacú leo ina gcuid iarrachtaí. Shínigh Éire Comhaontú Pháras in 2011.

**An Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (RESS):** Faoin scéim Rialtais seo, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscadail leictreachais in-athnuaite in Éirinn chun cabhrú linn ár spriocanna a bhaint amach i dtaobh leictreachas in-athnuaite de. Tá sé i gceist léi freisin cur le rannpháirtíocht an phobail i dtionscadail leictreachais in-athnuaite agus cur leis an úinéireacht atá ag an bpobal ar thionscadail den sórt sin. Tá sé i gceist léi a chinntiú go bhfaighidh tomhaltóirí leictreachais luach ar a gcuid airgid agus feabhas a chur ar sheasmhacht ár soláthar leictreachais.

**Fuinneamh In-athnuaite:** Tagann fuinneamh in-athnuaite ó acmhainní in-athnuaite cosúil le:

- Fuinneamh Gaoithe
- Fuinneamh Gréine
- Bithmhais

Athghintear na hacmhainní sin go nádúrtha agus is féidir linn iad a úsáid arís agus arís eile gan an soláthar a laghdú.

**Teacht Aniar:** Is é atá i gceist le teacht aniar an cumas atá ag córais shóisialta, córais eacnamaíocha agus éiceachórais ó thaobh dul i ngleic le guais, treocht dhochrach, nó suaitheadh agus iad ag freagairt dó nó di nó á n-atheagrú féin ar bhealaí a chothaíonn a mbunfheidhm, a bhféiniúlacht agus a struchtúr.

**Iarfheistiú (Iarfheistiú Fuinnimh):** Maidir le foirgnimh, is éard is iarfheistiú fuinnimh ann aon rud a dhéantar chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgnimh atá ann cheana. Is iondúil go n-áirítear leis sin insliú an dín agus na mballaí a uasghrádú chun cabhrú an teas a choinneáil istigh, agus córais fuinnimh in-athnuaite a shuiteáil, teaschaidéal mar shampla.

**Riosca:** Is féidir riosca a roinnt ina thrí chuid a bhfuil gaol acu lena chéile – contúirt, neamhchosaint agus leochaileacht.

**Pleananna Oiriúnaithe Earnála:** Ullmhaíonn ranna rialtais na pleananna seo le haghaidh earnálacha amhail talmhaíocht, iompar agus sláinte chun féachaint chuige go bhfuilimid ullamh d'éifeachtaí an athraithe aeráide.

**Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna):** Is spriocanna iad seo (17 sprioc ar fad) a d'fhorbair na Náisiúin Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phráinneacha chomhshaoil, pholaitiúla agus eacnamaíocha atá romhainn ar domhan. Is é an mórchuspóir atá leo ná deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus an pláinéad a chosaint agus fás eacnamaíoch a chothú ag an am céanna.

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI):** Is é Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann údarás náisiúnta fuinnimh na hÉireann. Bíonn SEAI ag obair leis an Rialtas, le húinéirí tí, le gnólachtaí agus le pobail ionas gur fuinneamh glan a úsáidfear amach anseo.

**UNFCCC:** Seo giorrúchán ar United Nations Framework Convention on Climate Change, nó Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide. Is conradh idirnáisiúnta é chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tháinig sé i bhfeidhm in 1994 agus tá beagnach gach tír páirteach ann (197 ball). Is faoin gconradh sin a rinneadh Comhaontú Pháras.

**COP UNFCCC:** Seo Comhdháil na bPáirtithe (stáit) de chuid UNFCCC. Is ann a dhéantar cinntí faoin athrú aeráide faoi UNFCCC. Bíonn ionadaithe ag an gComhdháil ó gach stát atá in UNFCCC. Tagann na hionadaithe sin le chéile beagnach gach bliain. Reáchtáladh an Chomhdháil dheireanach (COP 25) i Maidrid na Spáinne i mí na Nollag 2019, agus beidh an chéad cheann eile (COP 26) ar siúl i nGlaschú, sa Ríocht Aontaithe, i mí na Samhna 2021.

**Leochaileacht:** An claonadh go ndéanfaí dochar do rud. Cuimsítear leis an téarma seo íogaireacht (a thagraíonn don mhéid a ndéanfaidh guaiseacha aeráide dochar nó maitheas do rud) agus acmhainn oiriúnaitheach, rud a thagraíonn don chumas atá ag córais, institiúidí, daoine agus orgánaigh eile dul in oiriúint do dhamáiste féideartha, deiseanna a thapú nó déileáil le hiarmhairtí.

---

Tá tuilleadh eolais faoi théarmaí coitianta a bhaineann leis an athrú aeráide ar fáil freisin (i mBéarla) ar shuíomh gréasáin GCC https://climatejargonbuster.ie/kb/environmental-protection-agency-epa/

Mínítear ar an suíomh gréasáin, i mBéarla simplí, téarmaí coitianta a bhaineann leis an ngníomhú aeráide. Is é atá i gceist leis na mínithe cur síos a dhéanamh ar smaointe agus ar choincheapa seachas sainmhínithe dochta eolaíocha a thabhairt.

AGUISÍN 2

# ACRAINMNEACHA



**AILG:** Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann

**FAB:** Fardal Astaíochtaí Bonnlíne

**BESS:** Córas Cadhnraí chun Fuinneamh a Stóráil

**PGA:** Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

**ORGA:** Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú Aeráide

**CBCC:** Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach

**MRAA:** Measúnú Riosca um an Athrú Aeráide

**COP21:** Comhdháil na bPáirtithe 21

**DECA:** Delivering Effective Climate Action

**RCAC:** An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**RTPRÁ:** An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

**RI:** An Roinn Iompair

**RFTP:** An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**RTCEGSM:** An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

**CD:** Crios Dícharbónaithe

**EI:** Innealtóirí Éireann

**GCC:** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**BSL:** Bord Soláthair an Leictreachais

**AE:** An tAontas Eorpach

**EUCF:** Saoráid Chathracha na hEorpa

**EV:** Feithicil Leictreach

**GHG:** Gás Ceaptha Teasa

**AD:** Acmhainní Daonna

**HV:** Ardvoltas

**HVO:** Ola Glasraí Hidriginithe

**IPA:** An Foras Riaracháin

**IPCC:** Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide

**KPI:** Príomhtháscaire Feidhmíochta

**KPMG:** Klynveld Peat Marwick Goerdeler

**ÚA:** Údarás Áitiúil

**LASTNG:** Grúpa Oiliúna Náisiúnta i leith Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil

**OFÁ:** Oifig Fiontair Áitiúil

**GBRÁ:** An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

**LULUCF:** Talamhúsáid, Athrú ar an Talamhúsáid agus Foraoiseacht

**MU:** Ollscoil Mhá Nuad

**MW:** Meigeavata

**NBAP:** An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht

**NODF:** Ciste Forbartha Uíbh Fhailí Thuaidh

**NWPS:** An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

**NTA:** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NWMPO:** An Oifig Náisiúnta um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola

**NWRM:** Bearta Náisiúnta um Choinneáil Uisce

**OLDC:** Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí

**RGEP:** Páirc Fuinnimh Ghlais Róid

**RMO:** An Oifig Bainistíochta Bóthair

**ROO:** Clár Deiseanna

**SFI:** Sprioc Forbartha Inbhuanaithe

**SEAI:** Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann

**SUDS:** Córas Draenála Uirbí Inbhuanaithe

**TCD:** Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

**tCO2-eq:** Tona de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin

**TII:** Bonneagar Iompair Éireann

**TUS:** Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne

**URDF1 / URDF2:** Ciste Forbartha 1 agus 2 um Athnuachan Uirbeach

**UNFCCC:** Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide

**WERLA:** Príomh-Údarás Forfheidhmithe Dramhaíola an Réigiúin

**ZEVI:** Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann

AGUISÍN 3

# DOICIMÉID TACAÍOCHTA



**Tacaíonn na doiciméid seo a leanas leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil.**

Offaly County Council Climate Change Risk Assessment. LACAP Final Report 2023. KPMG, Feabhra 2023. **Ar fáil ag:** https://www.offaly.ie/app/uploads/KPMG_OffalyCoCo_LACAP_Final-Report_20230202.pdf

Baseline Emissions Inventory Report for County Offaly. Fehily Timoney, Eanáir 2023. **Ar fáil ag:** https://www.offaly.ie/app/uploads/Offaly-BEI-Report-Offaly-BEI-Final-Report.pdf

Offaly County Council Decarbonisation Zone Report. KPMG, Bealtaine 2023 **Ar fáil ag:** https://www.offaly.ie/offaly_bei_dz_report_vf/

Strategic Environmental Assessment Environmental Report. Local Authority Climate Action Plan. Fehily Timoney, Deireadh Fómhair 2023. **Ar fáil ag:** https://www.offaly.ie/app/uploads/Offaly-SEA-ER-Final-Offaly-SEA-ER-Final.pdf

Natura Impact Report Offaly County Council. Offaly Local Authority Climate Action Plan 2024-2029 **Ar fáil ag:** https://www.offaly.ie/app/uploads/Offaly-NIR-Final-Offaly-NIR-Final.pdf

## Comhthéacs Beartais

An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (i mBéarla), Tithe an Oireachtais, **ar fáil ag:** https://www.irishstatutebook.ie/2021/en/act/pub/0032/index.html?q=climate

Comhaontú Pháras 2015, Na Náisiúin Aontaithe (2015): Comhaontú Pháras: **Ar fáil ag:** GLACADH CHOMHAONTÚ PHÁRAS – Comhaontú Pháras i mBéarla (unfccc.int)

Na Náisiúin Aontaithe, (2015): Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development. **Ar fáil ag:** Doiciméad Oifigiúil de chuid na Náisiún Aontaithe (i mBéarla)

Delivering Effective Climate Action 2030: Local authority sector strategy for delivering on the Climate Action Charter and Climate Action Plan. Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach [CBCC] (2021) **Ar fáil ag:** https://www.lgma.ie/en/publications/local-authority-sector-reports/delivering-effective-climate-action-2030.pdf

An Comhaontú Glas don Eoraip, An Coimisiún Eorpach (2021): Ár ndícheall a dhéanamh a bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach, An Coimisiún Eorpach. **Ar fáil ag:** https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga

An Dlí Aeráide Eorpach: An Coimisiún Eorpach (2021): Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') **Ar fáil ag:** Oifig na bhFoilseachán (europa.eu)

An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 Éire a Athrú Chun Cinn, An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Rialtas na hÉireann. **Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/260240/c90c301f-1a52-4221-bf3a-583159140e43.pdf#page=null

An Creat Náisiúnta um Ghníomhaíocht Oiriúnúcháin (2018) **Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/en/publication/fbe331-national-adaptation-framework/ (leagan Béarla)

Straitéis Fadtéarmach i dtaobh Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa a laghdú, arna Ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. **Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/255743/35b2ae1b-effe-48af-aaf3-156dc5b01ee6.pdf#page=null (leagan Béarla)

Pleananna Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide gníomhaíochtaí ar fud gach earnála den tsochaí lena gcinnteofar go gcomhlíonfaimid ár ngealltanais i leith na haeráide don bhliain 2030, rud a chuirfidh ar an mbóthar muid le bheith saor ó astaíochtaí ar an nglanleibhéal faoi 2050. **Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/en/collection/51df3-sectoral-adaptation-planning/ (leagan Béarla)

Cairt na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú Aeráide. D'údaráis áitiúla agus don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil thar ceann an Rialtais, 2019 **Ar fáil ag:** https://www.gov.ie/en/publication/d914a-local-authority-climate-action-charter/ (i mBéarla)

## Comhthéacs Eolaíochta

Climate Status Report for Ireland 2020, Tuarascáil Taighde 386 ó GCC Cámaro García, W., Dwyer, N. agus Gault, J., 2021. Climate Status Report for Ireland 2020. [ar líne] EPA Research. **Ar fáil ag:** https://www.epa.ie/publications/research/climate-change/Research_Report_386.pdf

IPCC, 2021. Summary for Policymakers. In: V. Masson-Delmotte, P. Zhai, A. Pirani, S.L. Connors, C. Péan, S. Berger, N. Caud, Y. Chen, L. Goldfarb, M.I. Gomis, M. Huang, K. Leitzell, E. Lonnoy, J.B.R. Matthews, T.K. Maycock, T. Waterfield, O. Yelekçi, R. Yu agus B. Zhou, eagarthóirí. Climate Change 2021: The Physical Science Basis. Contribution of Working Group I to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change. [ar líne] Cambridge University Press, Cambridge. **Ar fáil ag:** https://www.ipcc.ch/report/sixth-assessment-report-cycle/

## Nótaí

## Nótaí

## Nótaí



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

**PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE**

2024–2029

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

**CONTACT**

Áras an Chontae, Charleville Road,
Tullamore, Co. Offaly, R35 F893

(057) 934 6800
climate@offalycoco.ie

Dearadh go comhfhiosach agus priontáilte go freagrach ag **TheFACTORY.ie** ar pháipéar 100% athchúrsáilte le dúigh éicea, ag baint úsáide as fuinneamh glas féinghinte.